



**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA**

**AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2024  
(OR. en)**

**2022/0195(COD)  
LEX 2321**

**PE-CONS 74/1/23  
REV 1**

**ENV 1402  
CLIMA 605  
FORETS 193  
AGRI 758  
POLMAR 60  
CODEC 2314**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE  
hATHCHÓIRIÚ AN DÚLRA AGUS LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) 2022/869**

**RIALACHÁN (AE) 2024/...**  
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Meitheamh 2024**

**maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>1</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>2</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach<sup>3</sup>,

---

<sup>1</sup> IO C 140, 21.4.2023, lch. 46.

<sup>2</sup> IO C 157, 3.5.2023, lch. 38.

<sup>3</sup> Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 17 Meitheamh 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is gá rialacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le hathchóiriú éiceachóras chun téarnamh dúlra bhithéagsúil athléimneach a áirithiú ar fud chríoch an Aontais. Trí éiceachórais a athchóiriú, cuirtear freisin le cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.
- (2) Leagtar amach i dteachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’ treochlár uaimhianach chun an tAontas a chlaohlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, a bhfuil sé d’aidhm aige caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2023 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 – an dúlra a thabhairt ar ais inár saol], leagtar amach Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030.
- (3) Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht<sup>4</sup>. Dá réir sin, tá siad tiomanta don fhís straitéiseach fhadtéarmach, arna glacadh ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin an 18-29 Deireadh Fómhair 2010 le Cinneadh X/2 Plean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020, nach mór, faoi 2050, an bhithéagsúlacht a luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go stuama, seirbhísí éiceachórais a chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí a sholáthar atá ríthábhachtach do gach duine.

---

<sup>4</sup> IO L 309, 13.12.1993, lch. 3.

- (4) Sa Chreat Domhanda Bithéagsúlachta, arna ghlacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 7-19 Nollaig 2022, leagtar amach spriocanna domhanda gníomhaíocht-dhírithle le haghaidh gníomhaíocht phráinneach in imeacht na deacáide go dtí 2030. Le sprioc 1 féachtar lena áirithiú go mbeidh pleanáil spásúlachta rannpháirteach chomhtháite ar siúl i leith gach limistéir, ar pleanáil í atá cuimsitheach ó thaobh na bithéagsúlachta de agus/nó go cuimseofar gach limistéir faoi phróisis bhainistíochta éifeachtacha lena dtugtar aghaidh ar athrú úsáide talún agus farraige; go dtabharfar an cailiteanas i limistéir a bhfuil ardtábhacht bithéagsúlachta ag baint leo, lena n-áirítear éiceachórais a bhfuil ardsláine éiceolaíoch ag baint leo, gar do nialas faoi 2030 agus cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil á n-urramú ag an am céanna, mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach. Le sprioc 2 féachtar lena áirithiú go mbeidh athchóiriú éifeachtach ar siúl, faoi 2030, in ar a laghad 30 % de limistéir dhíghrádaithe éiceachóras talún, uiscí intíre agus muirí agus cósta, chun go bhfeabhsófar an bhithéagsúlacht agus feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, an tsláine agus an nascacht éiceolaíoch. Le sprioc 11 féachtar le rannchuidiú an dúlra le daoine a athchóiriú, a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, amhail rialú an aeir, an uisce agus na haeráide, sláinte na hithreach, pailniú agus laghdú an riosca galair, chomh maith le cosaint ar ghuaiseacha agus tubaistí nádúrtha, trí réitigh dhúlra-bhunaithe agus/nó cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais ar mhaithe le gach duine agus leis an dúlra. Leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta, beifear in ann dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna torthaí-dhírithle a bhaint amach do 2050.
- (5) Tagraíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe spriocanna 14.2, 15.1, 15.2 agus 15.3, don ghá atá le caomhnú, le hathchóiriú agus le húsáid inbhuanaithe éiceachóras talún agus fionnuisce intíre agus a seirbhísí a áirithiú, go háirithe foraoisí, bogaigh, sléibhte agus tailte tirime.

- (6) I rún uaidh an 1 Márta 2019, d'fhógair Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2021–2030 mar dheich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hathchóiriú éiceachóras, agus é mar aidhm leis tacú le hiarrachtaí agus iad a mhéadú chun díghrádú éiceachóras ar fud an domhain a chosc, a stopadh agus a aisiompú agus feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú éiceachóras.
- (7) Tá sé mar aidhm le Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 a áirithiú go gcuirfear bithéagsúlacht na hEorpa ar shlí an téarnaimh faoi 2030 chun leasa daoine, an phláinéid, na haeráide agus ár ngeilleagair. Leagtar amach sa Phlean Athchóirithe Dúlra AE uaillmhianach ina bhfuil roinnt gealltanais thábhachtacha, lena n-áirítear gealltanais chun togra a chur chun cinn le haghaidh spriocanna de chuid an Aontais, atá ceangailteach ó thaobh dlí, maidir le hathchóiriú an dúlra chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, go háirithe na héiceachórais is mó acmhainne carbón a ghabháil agus a stóráil, agus chun tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a laghdú.
- (8) I rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030, cuireadh fáilte mhór roimh an ngealltanais togra reachtach a tharraingt suas ina mbeadh spriocanna ceangailteacha athchóirithe dúlra, agus ina theannta sin mheas an Pharlaimint, sa bhreis ar sprioc fhoriomlán athchóiriúcháin, gur cheart spriocanna athchóiriúcháin a bhaineann go sonrach le héiceachórais, gnáthóga agus speicis a áireamh, lena gcumhdófaí foraoisí, féarthailte, bogair, tailte móna, pailneoirí, aibhneacha saorchúrsála, limistéir chósta agus éiceachórais mhuirí.

- (9) Sna conclúidí uaithi an 23 Deireadh Fómhair 2020, d’admhaigh an Chomhairle go mbeidh sé bunriachtanach tuilleadh meatha i staid reatha na bithéagsúlachta agus an dúlra a chosc, ach nach leordhóthanach é chun an dúlra a thabhairt ar ais inár saol. D’athdhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil gá le níos mó uailmhéine maidir le hathchóiriú an dúlra mar a mholtar i bPlean Athchóirithe Dúlra AE nua, lena n-áirítear bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú lasmuigh de limistéir chosanta. Chuir an Chomhairle in iúl freisin go raibh sí ag fanacht le togra le haghaidh spriocanna athchóirithe dúlra atá ceangailteach ó thaobh dlí, faoi réir measúnú tionchair.

- (10) Leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 gealltanais íosmhéid 30 % den talamh san Aontas a chosaint go dlíthiúil, lena n-áirítear uisce intíre, mar aon le 30 % den fharraige san Aontas, ar cheart aon trian di ar a laghad a bheith faoi chosaint dhocht, lena n-áirítear na foraoisí príomhúla agus seanfháis uile atá fágtha. Sna critéir agus sa treoraíocht maidir le hainmniú limistéar breise faoi chosaint ag na Ballstáit ('na Critéir agus an treoraíocht'), critéir agus treoraíocht a d'fhorbair an Coimisiún in 2022, i gcomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, leagtar béim, má chomhlíonann na limistéir athchóirithe na critéir maidir le limistéir faoi chosaint, nó má tá coinne leis go gcomhlíonfaidh siad na critéir sin, gur cheart do na limistéir sin rannchuidiú freisin le spriocanna an Aontais maidir le limistéir faoi chosaint a luaithe a bheidh lánéifeacht leis an athchóiriú. Leagtar béim freisin sna Critéir agus sa treoraíocht gur féidir le limistéir faoi chosaint cur go mór leis na spriocanna athchóiriúcháin atá i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030, trí na dálaí a chruthú chun go n-éireoidh le hiarrachtaí athchóiriúcháin. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás limistéir ar féidir leo téarnamh go nádúrtha trí chuid den bhrú ó ghníomhaíochtaí an duine a stopadh nó a theorannú. I gcásanna áirithe is leormhaith na limistéir sin, lena n-áirítear limistéir sa mhuirthimpeallacht, a chur faoi chosaint dhocht chun go mbeidh téarnamh ar na luachanna nádúrtha atá iontu. Thairis sin, leagtar béim air sna Critéir agus sa treoraíocht go meastar go rannchuideoidh na Ballstáit uile le spriocanna an Aontais maidir le limistéir faoi chosaint a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 a bhaint amach, a mhéid atá comhréireach leis na luachanna nádúrtha atá iontu agus leis an acmhainneacht atá acu maidir le hathchóiriú an dúlra.

- (11) Leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 sprioc go bhféachfar lena áirithiú nach mbeidh aon mheathlú ar threochtaí caomhnaithe ná ar stádas gnáthóg agus speiceas faoi chosaint agus go mbeidh ar a laghad 30 % de na speicis agus de na gnáthóga nach bhfuil stádas fabhrach acu faoi láthair sa chatagóir sin nó go léireofar treocht dhearfach láidir i dtreo titim isteach sa chatagóir sin faoi 2030. Léiríonn an treoraíocht a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí chun tacú leis na spriocanna sin a bhaint amach gur dócha go mbeidh gá le hiarrachtaí cothabhála agus athchóiriúcháin i gcás fhormhór na ngnáthóg agus na speiceas sin, bíodh sé sin trí stop a chur leis na treochtaí diúltacha atá acu faoi 2030 nó trí threochtaí reatha cobhsaí a choimeád nó treochtaí a fheabhsú, nó trí laghdú ar ghnáthóga agus ar speicis a bhfuil stádas caomhantais fabhrach acu a chosc. Cuirtear béim air sa treoraíocht sin freisin gur gá na hiarrachtaí athchóiriúcháin sin, go príomha, a phleanáil, a chur chun feidhme agus a chomhordú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus, de réir mar a roghnaítear agus mar a thugtar tosaíocht do na speicis agus na gnáthóga atá le feabhsú faoi 2030, go ndéanfar sineirgí le spriocanna eile de chuid an Aontais agus le spriocanna idirnáisiúnta, go háirithe spriocanna comhshaoil nó aeráide, a lorg.
- (12) Tugadh faoi deara i dTuarascáil an 15 Deireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún ar staid an dúlra in 2020 (*2020 State of Nature Report*) [Tuarascáil 2020 ar Staid an Dúlra] nár éirigh go fóill leis an Aontas deireadh a chur le meath na gcineálacha gnáthóige agus speiceas faoi chosaint ar ábhar inmí don Aontas é a gcaomhnú. Is é is cúis leis an meath sin den chuid is mó tréigean talmhaíochta fairsinge, dlús a bheith á chur le cleachtais bhainistíochta, modhnú ar réimis hidreolaíochta, an t-uirbiú agus an truailliú chomh maith le gníomhaíochtaí foraoiseachta neamh-inbhuanaithe agus saothrú speiceas. Ina theannta sin, is bagairtí móra ar fhána agus ar fhlóra dúchasacha de chuid an Aontais iad speicis choimhthíochta ionracha agus an t-athrú aeráide, bagairtí atá ag dul i méid.

- (13) A bhúí leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tiocfaidh claochlú forchéimnitheach domhain ar gheilleagar an Aontais agus na mBallstát, rud ag a mbeidh tionchar mór ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfídh an tAontas a bheartas trádála agus an líonra fairsing comhaontuithe trádála atá aige chun bheith rannpháirteach le comhpháirtithe freisin maidir le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta ar fud an domhain, agus cothrom iomaíochta á chur chun cinn ag an am céanna.
- (14) Is iomchuí cuspóir uileghabhálach a leagan síos d'athchóiriú éiceachóras chun claochlú eacnamaíoch agus sochaíoch, cruthú post ardcháilíochta agus fás inbhuanaithe a chothú. Le héiceachórais bhithéagsúla amhail bogach, fionnuisce, foraois chomh maith le héiceachórais thalmhaíochta, fásra scáinte, mhuirí, chósta agus uirbeacha, má bhíonn dea-bhail orthu, soláthraítear raon seirbhísí riachtanacha éiceachórais, agus is mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le héiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú chun dea-bhail a chur orthu i ngach limistéar talún agus mara ná costas an athchóirithe. Cuireann na seirbhísí sin le réimse leathan sochar socheacnamaíoch, de réir gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, réigiúnacha agus áitiúla.
- (15) Ag an 52ú seisiún de Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2021, ghlac an Coimisiún Staidrimh Córas na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil – Cuntasaíocht Éiceachórais (SEEA EA). Is é atá in SEEA EA creat staidrimh comhtháite cuimsitheach chun sonraí faoi ghnáthóga agus tírdhreacha a eagrú, méid, bail agus seirbhísí éiceachóras a thomhas, athruithe ar shócmhainní éiceachórais a rianú, agus an fhaisnéis sin a nascadh le gníomhaíocht eacnamaíoch agus gníomhaíocht dhaonna eile.

- (16) Tá dlúth-idirnasca idir éiceachórais bhithéagsúla a dhaingniú agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is codanna bunúsacha den chomhrac i gcoinne na géarchéime aeráide iad an dúlra agus réitigh dhúlra bhunaithe, lena n-áirítear stoic agus linnte nádúrtha carbóin. An tráth céanna, tá an ghéarchéim aeráide ina spreagadh cheana féin d'athrú san éiceachóras talún agus mara, agus ní mór don Aontas ullmhú do dhéine, minicíocht agus forleithne éifeachtaí na géarchéime. Tugadh le fios sa Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le tionchar téimh domhanda 1.5 °C go bhféadfadh tionchair áirithe a bheith fadtéarmach nó dochúlaithe. Sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC luaitear go mbeidh sé ríthábhachtach éiceachórais a athchóiriú chun cuidiú leis an athrú aeráide a chomhrac agus le rioscaí don tslándáil bia a laghdú freisin. I dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), meastar go bhfuil an t-athrú aeráide ina phríomhchúis leis an athrú ar an dúlra, agus meastar go rachaidh na tionchair athraithe aeráide a bhaineann leis i méid sna blianta amach romhainn, agus i gcásanna áirithe beidh tionchar níos mó aige ná ag cúiseanna eile leis an athrú ar éiceachórais, amhail úsáid athraithe talún agus mara.

(17) Le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>5</sup> leagtar amach cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050, agus astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin, agus tús áite a thabhairt do laghduithe tapa agus intuartha ar astaíochtaí agus, an tráth céanna, feabhas a chur ar aistrithe trí linnte nádúrtha. Le hathchóiriú éiceachóras is féidir rannchuidiú go mór le linnte nádúrtha a chothabháil, a bhainistiú agus a fheabhsú agus leis an mbithéagsúlacht a mhéadú fad a bhíonn an t-athrú aeráide á chomhrac. Le Rialachán (AE) 2021/1119, ceanglaítear freisin ar institiúidí ábhartha an Aontais agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le hacmhainneacht oiriúnaithe a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. Ina theannta sin ceanglaíonn sé ar na Ballstáit oiriúnú a chomhtháthú i ngach réimse beartais agus réitigh dhúlra bhunaithe agus oiriúnú éiceachóras-bhunaithe a chur chun cinn. Is é atá i réitigh dhúlra bhunaithe réitigh a fhaigheann inspioráid agus tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a sholáthraíonn, go comhuaineach, tairbhí comhshaoil, tairbhí sóisialta agus tairbhí eacnamaíocha, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Tugann na réitigh sin níos mó gnéithe agus próiseas de chuid an dúlra, níos mó gnéithe agus próiseas nádúrtha, agus gnéithe agus próisis níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha sistéamacha a oiriúnaítear go háitiúil agus atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, ní mór na réitigh dhúlra bhunaithe dul chun tairbhe na bithéagsúlachta agus tacú le soláthar raon seirbhísí éiceachórais.

---

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('an Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

- (18) I dteachtaireacht an 24 Feabhra 2021 ón gCoimisiún dar teideal ‘Eoraip aeráid-díonach a chruthú - Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide,’ leagtar béim ar an ngá atá le réitigh dhúlra bhunaithe a chur chun cinn agus aithnítear inti gur féidir oiriúnú costéifeachtach don athrú aeráide a bhaint amach trí bhogaigh agus tailte móna chomh maith le héiceachórais chósta agus mhuirí a chosaint agus a athchóiriú, trí spásanna glasa uirbeacha a fhorbairt agus trí dhíonta agus ballaí glasa a shuiteáil agus trí fhoraoisí agus talamh feirme a chur chun cinn agus a bhainistiú go hinbhuanaithe. I ngeall ar líon níos mó éiceachóras bithéagsúil a bheith ann, is mó an athléimneacht atá ann in aghaidh an athraithe aeráide agus soláthraítear modhanna níos éifeachtaí chun tubaistí a laghdú agus a chosc.

- (19) Tá athbhreithniú á dhéanamh ar bheartas aeráide an Aontais chun cloí leis an mbealach a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (líon na n-astaíochtaí gan aistrithe) a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéal 1990 faoi 2030. Go sonrach, agus é mar aidhm le Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup> an méid a rannchuidíonn earnáil na talún leis an uailmhian fhoriomlán aeráide le haghaidh 2030 a neartú agus na cuspóirí maidir le cuntaíochtaí astaíochtaí agus aistrithe ó earnáil na talamhúsáide, an athraithe ar thalamhúsáid agus na foraoiseachta ('LULUCF') a ailíniú le tionscnaimh bheartais ghaolmhara maidir leis an mbithéagsúlacht. Leagtar béim sa Rialachán sin ar an ngá atá le haistrithe dúlrbhunaithe carbóin a chosaint agus a fheabhsú, athléimneacht na n-éiceachórais in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú, talamh díghrádaithe agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, agus tailte móna a athfhliuchadh. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar aistrithe ó thalamh atá faoi réir cosanta agus athchóiriú. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go mbeadh dea-bhail ar éiceachórais i ngach catagóir thalún, lena n-áirítear foraoisí, féarthailte, talamh curaíochta agus bogaigh, chun go mbeidh siad i ndea-bhail chun a bheith in ann carbón a ghabháil agus a stóráil go héifeachtach.
- (20) Mar a léirítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2022 dar teideal 'An tslándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú', ní mór, i bhfianaise cora geopholaitiúla, athléimneacht na gcóras bia a choimirciú. Léiríonn an fhianaise go mbíonn tionchar dearfach ag athchóiriú na n-éiceachórais ar an táirgiúlacht bia san fhadtéarma, agus feidhmíonn athchóiriú an dúlra mar bheartas árachais chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a áirithiú.

---

<sup>6</sup> Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (IO L 107, 21.4.2023, lch. 1).

- (21) I dtuarascáil chríochnaitheach mhí na Bealtaine 2022 ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, iarrann na saoránaigh ar an Aontas an bithéagsúlacht, an tírdhreach agus na haigéin a chosaint agus a athchóiriú, an truailliú a dhíothú, agus eolas, feasacht, oideachas agus idirphlé a chothú maidir leis an gcomhshaol, an t-athrú aeráide, úsáid fuinnimh agus inbhuanaitheacht.
- (22) Trí éiceachórais a athchóiriú, i dteannta leis na hiarrachtaí ar thrádáil agus tomhailt an fhiadhúlra a laghdú, cuideofar chun galair theagmhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus ag a mbeadh poitéinseal zónóiseach, a chosc agus leis an athléimneacht ina n-aghaidh a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin an riosca a bhaineann le ráigeanna agus paindéimí a laghdú, agus cuideofar chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus iarrachtaí domhanda cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm, lena n-aithnítear an nasc intreach idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus dúlra sláintiúil athléimneach.
- (23) Is cuid lárnach d'éiceachórais talún iad ithreacha. I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 dar teideal *EU Soil Strategy for 2030 - Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate* [Straitéis Ithreach an Aontais do 2030 – mar a rachaidh ithreacha sláintiúla chun tairbhe do dhaoine, bia, an dúlra agus an aeráid], leagtar amach nach mór ithreacha díghrádaithe a athbhunú agus bithéagsúlacht ithreach a fheabhsú. Is é atá déanta ag an Sásra Domhanda, comhlacht arna bhunú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac sna tíortha sin ina bhfuil triomach mór agus/nó fású, go háirithe san Afraic<sup>7</sup>, agus ag rúnaíocht an Choinbhinsiúin sin, an Clár maidir le Spriocanna Neodrachta Díghrádaithe Talún a Leagan Síos chun cabhrú le tíortha neodracht díghrádaithe talún a bhaint amach faoi 2030.

---

<sup>7</sup> IO L 83, 19.3.1998, lch. 3.

- (24) Tá sé d'aidhm ag Treoir 92/43/CEE<sup>8</sup> ón gComhairle agus ag Treoir 2009/147/CE<sup>9</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cosaint, caomhnú agus maireachtáil fhadtéarmach na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire san Eoraip agus is mó atá faoi bhagairt mar aon leis na héiceachórais ar cuid díobh iad a áirithiú. Is é Natura 2000, a bunaíodh in 1992 agus arb é an líonra comhordaithe is mó ar domhan de limistéir faoi chosaint, an phríomhionstraim lena gcuirtear chun feidhme cuspóirí an dá Threoir sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na críocha Eorpacha sin de chuid na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, agus ar an gcaoi sin, ailíniú le Treoir 92/43/CEE agus 2009/147/CE agus ina theannta sin le Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>10</sup>.
- (25) Chruthaigh an Coimisiún creat agus treoraíocht chun dea-bhail na gcineálacha gnáthóige faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE a chinneadh agus chun cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin a chinneadh. Is féidir spriocanna athchóiriúcháin maidir leis na cineálacha gnáthóige sin agus gnáthóga na speiceas sin a bhunú ar an gcreat agus ar an treoraíocht sin. Ní leor an t-athchóiriú sin, áfach, chun cailliúint na bithéagsúlachta a chúlú agus chun go ndéanfaidh na héiceachórais uile téarnamh. Dá bhrí sin, chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú ar scála na n-éiceachóras is leithne, ba cheart oibleagáidí breise a bhunú ar tháscairí sonracha.

---

<sup>8</sup> Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

<sup>9</sup> Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

<sup>10</sup> Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

- (26) Chun tógáil ar Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE agus chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach sna Treoracha sin, ba cheart do na Ballstáit bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar gnáthóga agus speicis faoi chosaint, lena n-áirítear éin fhiáine, a théarnamh ar fud limistéir an Aontais, agus i limistéir atá lasmuigh de láithreáin Natura 2000 freisin.
- (27) Is é is aidhm do Threoir 92/43/CEE gnáthóga nádúrtha agus speicis fána agus flóra fiáine ar leas an Aontais a chothabháil agus a athchóiriú, ar stádas caomhantais fabhrach. Mar sin féin, ní leagtar síos sprioc-am leis chun an sprioc sin a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, ní leagtar síos le Treoir 2009/147/CE sprioc-am maidir le téarnamh daonraí éan san Aontas.

- (28) Ba cheart spriocdhátaí a bhunú chun bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm laistigh agus lasmuigh de láithreáin Natura 2000, chun feabhas a chur de réir a chéile ar an mbail atá ar chineálacha gnáthóige faoi chosaint ar fud an Aontais agus chun iad a athbhunú go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach is gá chun stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach le haghaidh na gcineálacha gnáthóige sin san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, go dtí 2030, tosaíocht a thabhairt do limistéir de chineálacha gnáthóige nach bhfuil dea-bhail orthu agus atá suite i láithreáin Natura 2000 agus bearta athchóirithe á gcur i bhfeidhm acu, i bhfianaise ról bunriachtanach na láithreán sin maidir le caomhnú an dúlra agus go bhfuil oibleagáid ann cheana faoi dhlí an Aontais atá ann cheana córais éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht fhadtéarmach na mbearta athchóirithe i láithreáin Natura 2000 a áirithiú. Chun an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na Ballstáit chun iarrachtaí athchóirithe mórsála a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit an fhéidearthacht a choinneáil bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm i limistéir de chineálacha gnáthóige nach bhfuil dea-bhail orthu agus atá suite lasmuigh de láithreáin Natura 2000, nuair atá údar leis de bharr imthosca agus coinníollacha áitiúla sonracha. Thairis sin, is iomchuí cineálacha gnáthóige a ghrúpáil de réir an éiceachórais lena mbaineann siad agus na spriocanna cainníochtaithe faoi cheangal ama de réir limistéir a shocrú le haghaidh grúpaí cineálacha gnáthóige. Chuirfeadh sin ar chumas na mBallstát a roghnú cé na gnáthóga is túisce a athchóireofar laistigh den ghrúpa.
- (29) Ba cheart na ceanglais a leagtar síos maidir le gnáthóga speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE a bheith comhchosúil, ag féachaint go háirithe don nascacht is gá idir an dá ghnáthóg sin chun go mbeidh rath ar dhaonraí na speiceas.

- (30) Tá sé riachtanach go mbeidh na bearta athchóiriúcháin do chineálacha gnáthóige leormhaith agus oiriúnach i gcás na gcineálacha gnáthóige sin chun dea-bhail a bhaint amach agus go mbunófar limistéir thagartha fhabhracha a luaithe is féidir, d'fhonn stádas caomhantais fabhrach na gcineálacha gnáthóige sin a bhaint amach. Tá sé tábhachtach gurb iad na bearta athchóiriúcháin na bearta sin atá riachtanach chun na spriocanna cainníochtaithe faoi cheangal ama de réir limistéir a bhaint amach. Tá sé riachtanach freisin go mbeidh na bearta athchóiriúcháin do ghnáthóga na speiceas leordhóthanach agus oiriúnach chun a gcáilíocht leordhóthanach agus a gcainníocht leordhóthanach a bhaint amach chomh tapa agus is féidir d'fhonn stádas caomhantais fabhrach an speicis a bhaint amach.
- (31) Maidir le bearta athchóiriúcháin arna ndéanamh faoin Rialachán seo chun cineálacha gnáthóige áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a athchóiriú nó a chothabháil, amhail féarthailte nó gnáthóga portaigh nó bogaigh, d'fhéadfaí a cheangal i gcásanna áirithe go mbainfear foraois chun bainistiú faoi thionchar an chaomhnaithe a athshuí, a bhféadfadh gníomhaíochtaí áirithe a bheith san áireamh leo, amhail baint nó innilt. Is cuspóirí tábhachtacha iad athchóiriú an dúlra agus deireadh a chur leis an dífhoraioisiú agus neartaíonn siad a chéile. Mar a luaitear in aithris 36 de Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>, déanfaidh an Coimisiún treoirlínte a fhorbairt chun léirmhíniú an tsainmhíneithe ar 'úsáid talmhaíochta' a leagtar amach sa Rialachán sin a shoiléiriú, go háirithe maidir le tiontú foraoise go talamh nach úsáid talmhaíochta is cuspóir dó.

---

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 206).

- (32) Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear feabhas nithiúil agus intomhaiste ar bhail na n-éiceachóras leis na bearta athchóiriúcháin a chuirfear i bhfeidhm faoin Rialachán seo, ar leibhéal na limistéar aonair atá faoi réir a n-athchóirithe agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- (33) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta athchóiriúcháin éifeachtúil agus gur féidir torthaí na mbeart sin a thomhas le himeacht ama, tá sé riachtanach go léireofaí feabhas leanúnach ar na limistéir atá faoi réir na mbeart athchóiriúcháin sin, go dtí go mbainfear dea-bhail amach, d'fhonn feabhas a chur ar bhail na ngnáthóg a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE chun na gnáthóga sin a athbhunú agus a nascacht a fheabhsú.
- (34) Maidir leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, chomh maith le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, tá sé riachtanach freisin go léirítear feabhas leanúnach chun rannchuidiú le cainníocht leordhóthanach agus cáilíocht leormhaith ghnáthóga na speiceas sin a bhaint amach.

- (35) Tá sé tábhachtach a áirithiú go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar na limistéir a chumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE agus a bhfuil dea-bhail orthu ar fud chríocha Eorpacha na mBallstát agus an Aontais ina iomláine, go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach le haghaidh gach cineál gnáthóige agus go mbeidh dea-bhail ar 90 % de na limistéar sin ar a laghad ar leibhéal na mBallstát, ionas go mbeidh na cineálacha gnáthóige sin san Aontas in ann stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach. I gcás ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, a mhéid a bhaineann le cineálacha gnáthóige atá an-choitianta agus forleathan san Aontas agus a chumhdaíonn níos mó ná 3 % de chríoch Eorpach an Bhallstáit lena mbaineann, céatadán níos ísle ná 90 % a chur i bhfeidhm maidir leis an limistéar atá le bheith i ndea-bhail i gcás na gcineálacha gnáthóige aonair a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, fad is nach gcuirfeadh an céatadán sin, ar an leibhéal bithgheografach náisiúnta, cosc ar bhaint amach stádais caomhantais fhabhraigh le haghaidh na gcineálacha gnáthóige sin, arna gcinneadh de bhun Airteagal 1, pointe (e), de Threoir 92/43/CEE, nó an stádas sin a choinneáil. Má chuireann Ballstát an maolú sin i bhfeidhm, ba cheart don Bhallstát údar a thabhairt dó ina phlean athchóirithe náisiúnta.
- (36) Tá sé tábhachtach freisin go n-áirithítear méadú de réir a chéile ar cháilíocht agus ar chainníocht ghnáthóga na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, chomh maith le gnáthóga éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, ar fud chríoch Eorpach na mBallstát agus an Aontais ar an iomlán, go dtí go mbeidh siad leormhaith chun a áirithiú go mairfidh na speicis sin go fadtéarmach.

(37) Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm arb é is aidhm dóibh a áirithiú go léireoidh na limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo atá faoi réir bearta athchóirithe feabhas leanúnach ar an mbail go dtí go mbeidh dea-bhail orthu, agus go gcuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm agus é mar aidhm leo a áirithiú, a luaithe a bheidh dea-bhail bainte amach acu, nach dtiocfaidh meath suntasach ar na cineálacha gnáthóige sin, ionas nach gcuirfear coinneáil fhadtéarmach ná baint amach dea-bhaile i mbaol. Mura mbainfear amach na torthaí sin, ní thuigfear as nár cloíodh leis an oibleagáid bearta a chur i bhfeidhm atá oiriúnach chun na torthaí sin a bhaint amach. Tá sé tábhachtach freisin go bhféachfaidh na Ballstáit chuige go ndéanfar iarrachtaí agus é mar aidhm leo cosc a chur ar mheathlú suntasach ar limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige sin a bhfuil dea-bhail orthu cheana nó nach bhfuil dea-bhail orthu ach atá fós faoi réir bearta athchóiriúcháin. Tá na bearta sin tábhachtach ionas nach méadófar na riachtanais athchóiriúcháin amach anseo agus ba cheart dóibh díriú ar limistéir de chineálacha gnáthóige, arna sainaithint ag na Ballstáit ina bpleananna athchóirithe náisiúnta, a bhfuil gá lena n-athchóiriú chun na spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach. Is iomchuí machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht *force majeure* a bheith i gceist, amhail tubaistí nádúrtha, a bhféadfadh meathlú na limistéar a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige sin a bheith mar thoradh orthu, chomh maith le claochluithe dosheachanta gnáthóige arb é an t-athrú aeráide is cúis leo go díreach. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, is iomchuí breathnú freisin ar thoradh plean nó tionscadail leasa phoiblí sháraithe, nach bhfuil réitigh mhalartacha ar fáil lena n-aghaidh nach bhfuil chomh díobhálach céanna. Maidir le limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin, ba cheart é sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás. I gcás láithreáin Natura 2000, údaraítear pleananna agus tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE. Is iomchuí a áirithiú go gcoinneoidh na Ballstáit an fhéidearthacht, in éagmais roghanna malartacha, an ceanglas maidir le neamh-mheathlú a chur i bhfeidhm ar leibhéal gach réigiúin bhithgeografaigh ina gcríoch maidir le gach cineál gnáthóige agus gach gnáthóg speiceas. Ba cheart an fhéidearthacht sin a cheadú faoi choinníollacha áirithe, lena n-áirítear go gcuirfí i bhfeidhm bearta cúitimh i gcás gach meatha shuntasach. I gcás, mar thoradh inmhianaithe ar bheart athchóiriúcháin, ina ndéantar limistéar a chlaohlú ó chineál gnáthóige amháin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo go cineál gnáthóige eile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, níor cheart a mheas gur meathlú é sin.

(38) Chun críocha na maoluithe ar na hoibleagáidí maidir le feabhsú leanúnach agus neamh-mheathlú lasmuigh de láithreáin Natura 2000 faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a thiomhdiú go bhfuil gléasraí le haghaidh táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, a nasc leis an eangach, leis an eangach lena mbaineann agus le sócmhainní stórála, ina ngléasraí a bhfuil leas sáraitheach poiblí acu. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh cur i bhfeidhm na toimhde sin a shrianadh in imthosca sonracha a bhfuil údar cuí leo, amhail cúiseanna a bhaineann le cosaint náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na tionscail sin a dhíolmhú ón oibleagáid nach bhfuil teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna chun críocha chur i bhfeidhm na maoluithe sin, ar choinníoll go raibh na tionscail faoi réir measúnú straitéiseach chomhshaoil nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil. Dá measfaí go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag na gléasraí sin agus, i gcás inarb infheidhme, dá gcuirfí teorainn leis an gceanglas measúnú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna, d'fhéadfadh na tionscail sin tairbhe a bhaint as measúnú simplithe maidir leis na maoluithe ar an measúnú ar an leas poiblí sáraitheach faoin Rialachán seo.

- (39) Ba cheart tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí arb í an chosaint nó an tslándáil náisiúnta an t-aon chuspóir atá leo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, agus bearta athchóiriúcháin á gcur i bhfeidhm acu, limistéir a dhíolmhú a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí arb í an t-aon chuspóir amháin atá leo cosaint náisiúnta má mheastar nach bhfuil na bearta sin ag luí le húsáid mhíleata leanúnach na limistéar i dtrácht. Ina theannta sin, chun críoch chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo maidir le maoluithe ó na hoibleagáidí maidir le feabhsú leanúnach agus neamh-mheathlú lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a thiomhdiú go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag pleananna agus tionscadail a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na pleananna agus na tionscadail sin a dhíolmhú freisin ón oibleagáid nach bhfuil teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna. Má chuireann siad an díolúine sin i bhfeidhm, áfach, ba cheart a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm, a mhéid is réasúnta agus is indéanta, agus é mar aidhm leo an tionchar ar na cineálacha gnáthóige a mhaolú.
- (40) I Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030, leagtar béim ar an ngá atá le gníomhaíocht níos láidre chun éiceachórais mhuirí dhíghrádaithe a athchóiriú, lena n-áirítear éiceachórais atá ar mhórán carbóin agus limistéir thábhachtacha sceite éisc agus limistéar iasclainne. Leagtar amach sa Straitéis sin freisin go bhfuil an Coimisiún chun plean gníomhaíochta nua a mholadh chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus chun éiceachórais mhuirí a chosaint.

(41) Déantar na cineálacha gnáthóige muirí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE a shainmhíniú go leathan agus tá go leor fochineálacha éagsúla éiceolaíocha iontu a bhfuil acmhainneacht athchóiriúcháin éagsúil acu, rud a fhágann go bhfuil sé deacair do na Ballstáit bearta iomchuí athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm ar leibhéal na gcineálacha gnáthóige sin. Ba cheart, dá bhrí sin, na cineálacha gnáthóige muirí arna liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin a shonrú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as leibhéal ábhartha aicmithe ar ghnáthóga muirí sa chóras faisnéise Eorpach maidir leis an dúlra (EUNIS). Ba cheart do na Ballstáit limistéir thagartha fhabhracha a bhunú maidir le stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach le haghaidh gach ceann de na cineálacha gnáthóige sin, sa mhéid nach dtugtar aghaidh ar na limistéir thagartha sin cheana i reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Tá an grúpa de chineálacha gnáthóige muirí dríodair bhog, a chomhfhreagraíonn do roinnt de na cineálacha leathana gnáthóige bheantaí a shonraítear faoi Threoir 2008/56/CE, ar fáil go forleathan in uiscí muirí roinnt Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin, a chuirtear i bhfeidhm de réir a chéile, a theorannú do sciar níos lú de limistéar na gcineálacha gnáthóige sin nach bhfuil dea-bhail orthu, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin cosc ar dheastádas comhshaoil, arna chinneadh de bhun Threoir 2008/56/CE, a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar luachanna tairsí do thuaisceoirí lena gcinntear dea-stádas comhshaoil dá dtagraítear i bpointí 1 agus 6 d'Iarscríbhinn I den Treoir sin, a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 9(3) den Treoir sin, le haghaidh a mhéid a chailltear na cineálacha gnáthóige sin, le haghaidh éifeachtaí díobhálacha ar bhail na gcineálacha gnáthóige sin agus le haghaidh uasmhéid incheadaithe na n-éifeachtaí díobhálacha sin.

- (42) I gcás inar gá, le haghaidh cosaint gnáthóga cósta agus muirí, go ndéanfaí gníomhaíochtaí iascaireachta nó do Bharshaothraithe a rialú, beidh feidhm ag an gcomhbheartas iascaigh (CBI). Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013<sup>12</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe, go bhfuil an cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh le cur chun feidhme le CBI chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a íoslaghdú. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin go ndéanfaidh le CBI iarracht a áirithiú go seachnófar sna gníomhaíochtaí do Bharshaothraithe agus iascaigh díghrádú na muirthimpeallachta.

---

<sup>12</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (43) Chun an cuspóir maidir le téarnamh leanúnach, fadtéarmach agus marthanach an dúlra bhithéagsúil athléimnigh a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil faoi CBI. Laistigh de raon feidhme inniúlacht eisiach an Aontais maidir le hacmhainn bhitheolaíoch na mara a chaomhnú, is féidir leis na Ballstáit bearta neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh chun stoic éisc a chaomhnú agus a bhainistiú agus chun stádas caomhnaithe na n-éiceachóras muirí a chothabháil nó a fheabhsú laistigh den teorainn 12 mhuirmhíle. Ina theannta sin, tá an deis ag na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 teacht ar chomhaontú chun moltaí comhpháirteacha a chur isteach maidir le bearta caomhnaithe atá riachtanach chun oibleagáidí faoi dhlí comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh. I gcás ina gcuimsíonn Ballstát bearta caomhnúcháin atá riachtanach chun rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo ina phlean athchóirithe náisiúnta agus ina n-éilítear leis na bearta sin moltaí comhpháirteacha a thíolacadh, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann dul i mbun comhairliúcháin agus na moltaí comhpháirteacha sin a chur isteach laistigh de sprioc-am lena gceadaítear iad a ghlacadh ar bhealach tráthúil roimh a spriocdhátaí faoi seach, d'fhonn comhleanúnachas a chur chun cinn idir beartais éagsúla maidir le caomhnú na n-éiceachóras muirí. Déanfar na bearta sin a mheasúnú agus a ghlacadh i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi CBI.

- (44) Le Treoir 2008/56/CE ceanglaítear ar na Ballstáit comhoibriú go déthaobhach agus laistigh de shásraí comhair réigiúnacha agus foréigiúnacha, lena n-áirítear trí Choinbhinsiún Réigiúnacha Farrainghe, mar atá an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh<sup>13</sup>, an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt<sup>14</sup>, an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara<sup>15</sup> agus an Coinbhinsiún maidir leis an Muir Dhubh a Chosaint ar Thruailliú, a síníodh i mBúcairist an 21 Aibreán 1992, agus, i gcás bearta iascaigh, i gcomhthéacs na ngrúpaí réigiúnacha a bunaíodh faoi CBI.
- (45) Tá sé tábhachtach go gcuirfí bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm freisin maidir le gnáthóga speiceas áirithe muirí, amhail siorcanna agus roic, a thagann, mar shampla, faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fíáine arna shíniú in Bonn an 23 Meitheamh 1979, nó an Choinbhinsiúin ar Mhuir Réigiúnach na hEorpa de speicis atá i mbaol agus faoi bhagairt, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE, mar go bhfuil feidhm thábhachtach acu san éiceachóras.
- (46) Chun tacú le hathchóiriú agus le neamh-mheathlú gnáthóg talún, fionnuisce, cósta agus muirí, is féidir leis na Ballstáit limistéir bhreise a ainmniú mar ‘limistéir faoi chosaint’ nó ‘limistéir faoi chosaint dhocht’, bearta caomhnaithe éifeachtacha eile de réir limistéir a chur chun feidhme, agus bearta caomhnaithe maidir le talamh príobháideach a chur chun cinn.

---

<sup>13</sup> IO L 104, 3.4.1998, lch. 2.

<sup>14</sup> IO L 73, 16.3.1994, lch. 20.

<sup>15</sup> IO L 240, 19.9.1977, lch. 3.

(47) Tá thart ar 22 % de dhromchla talún an Aontais ina éiceachóras uirbeach, agus is iad na limistéir ina bhfuil tromlach shaoránaigh an Aontais ina gcónaí. Áirítear le spásanna glasa uirbeacha, inter alia, foraoisí uirbeacha, páirceanna agus gairdíní, feirmeacha uirbeacha, sráideanna atá líneáilte le crainn, móinéir uirbeacha agus fála uirbeacha. Cuireann éiceachórais uirbeacha, fearacht na n-éiceachóras eile a dtugtar aghaidh orthu sa Rialachán seo, gnáthóga tábhachtacha ar fáil don bhithéagsúlacht, go háirithe plandaí, éin agus feithidí, lena n-áirítear pailneoirí. Cuireann siad neart seirbhísí eile ríthábhachtacha éiceachórais ar fáil freisin, lena n-áirítear an riosca tubaiste nádúrtha a laghdú agus a rialú, amhail tuilte agus éifeachtaí teas-oileáin, fuarú, áineas, scagachán uisce agus aeir, chomh maith le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Is paraiméadar tábhachtach é an méadú ar an spás glas uirbeach chun tomhas a dhéanamh ar an méadú ar chumas na n-éiceachóras uirbeach na seirbhísí tábhachtacha sin a sholáthar. Má mhéadaítear ar an gclúdach glas i limistéar uirbeach ar leith, cuirtear moill ar rith chun srutha an uisce agus, dá bharr sin, laghdaítear ar an mbaol go dtruaillíofaí aibhneacha le forscitheadh uisce stoirme agus cuidítear le teochtaí an tsamhraidh a choinneáil síos, rud a chuireann leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú, agus cuirtear spás breise ar fáil chun go mbíonn borradh faoin dúlra. Má mhéadaítear ar leibhéal an spáis ghlais uirbigh, cuirfead feabhas, i mórán cásanna, ar shláinte an éiceachórais uirbigh. Dá réir sin, tá éiceachórais uirbeacha shláintiúla ríthábhachtach chun tacú le sláinte na bpríomh-éiceachóras Eorpach eile mar shampla trí limistéir nádúrtha faoin tuath máguaird a nascadh, sláinte aibhneacha a fheabhsú lasmuigh den chathair, tearmann agus talamh pórúcháin a chur ar fáil do speicis éan agus pailneoirí a bhaineann le gnáthóga talmhaíochta agus foraoise, chomh maith le gnáthóga tábhachtacha a chur ar fáil le haghaidh éin ar síobadh.

- (48) Ní mór feabhas mór a chur ar ghníomhaíochtaí lena áirithiú nach mbeidh cumhdach spásanna glasa uirbeacha, go háirithe crainn, i mbaol a laghdaithe a thuilleadh. Chun a áirithiú go leanfaidh spásanna glasa uirbeacha de na seirbhísí riachtanacha éiceachórais a chur ar fáil, ba cheart deireadh a chur lena gcaillteanas agus ba cheart iad a athchóiriú agus a mhéadú, inter alia tríd an mbonneagar glas agus réitigh dhúlra bhunaithe a chomhtháthú, amhail díonta glasa agus ballaí glasa, i ndearadh foirgneamh. Is féidir le comhtháthú den sórt sin rannchuidiú le coinneáil agus méadú ní hamháin limistéar an spáis ghlais uirbigh ach freisin, má chuirtear crainn san áireamh, le limistéar clúdaigh téastair crann uirbeach.
- (49) Tugann fianaise eolaíoch le tuiscint go mbíonn tionchar diúltach ag an solas saorga ar an mbithéagsúlacht. Is féidir leis an solas saorga tionchar a imirt ar shláinte an duine freisin. Agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú acu faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann machnamh a dhéanamh ar thruailliú solais a stopadh, a laghdú nó a leigheas i ngach éiceachóras.

- (50) Éilítear go ndéanfaí iarrachtaí níos mó le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE do 2030 chun éiceachórais fionnuisce agus feidhmeanna nádúrtha aibhneacha a athchóiriú. Ba cheart a áireamh le hathchóiriú éiceachóras fionnuisce iarrachtaí chun nascacht nádúrtha aibhneacha a athchóiriú mar aon lena limistéir bhruachána agus a dtuillemhána a athchóiriú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní saorga chun tacú le stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach le haghaidh aibhneacha, lochanna agus gnáthóga agus speicis ghláracha a chónaíonn sna gnáthóga sin atá faoi chosaint le Treoracha 92/43/CEE 2009/147/CE, agus ceann de na príomhchuspóirí i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 a bhaint amach, eadhon, 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha saorchúrsála, a athchóiriú, le hais 2020 nuair a ghlacadh Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030. Agus bacainní á mbaint ag na Ballstáit, ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar bhacainní atá imithe i léig go príomha, bacainní nach bhfuil gá leo a thuilleadh do ghiniúint an fhuinnimh in-athnuaite, loingseoireacht intíre, soláthar uisce nó úsáidí eile.
- (51) San Aontas, tá laghdú mór tagtha ar phailneoirí le blianta beaga anuas agus tá aon trian de speicis beach agus speicis féileacán ag meathlú, agus tá deich faoin gcéad de na speicis sin ar tí dul in éag. Tá pailneoirí rithábhachtach d'fheidhmiú éiceachóras talún, folláine an duine agus slándáil an tsoláthair bia, trí phailniú a dhéanamh ar phlandaí fiáine agus saothraithe. Léirítear i dTuarascáil 2021 atá bunaithe ar aschur an chórais chomhtháite le haghaidh an tionscadail um Chuntasaíocht Chaipitil Nádúrtha (INCA), arna déanamh go comhpháirteach ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), go bhfuil beagnach EUR 5 000 000 000 d'aschur talmhaíochta bliantúil an Aontais inchurtha go díreach i leith pailneoirí feithidí.

- (52) Leis an teachtaireacht uaidh an 1 Meitheamh 2018, sheol an Coimisiún Tionscnamh Pailneoirí an Aontais mar fhreagra ar éilimh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go dtabharfaí aghaidh ar mheath na bpailneoirí. Léiríodh sa tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh an 27 Bealtaine 2021 go bhfuil dúshlán shuntasacha fós ann maidir le dul i ngleic le meath na pailneoirí, lena n-áirítear úsáid lotnaidicídí. D'iarr Parlaimint na hEorpa, sa rún uaithi an 9 Meitheamh, agus an Chomhairle, sna conclúidí uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, araon, go ndéanfaí gníomhaíochtaí níos láidre chun dul i ngleic le meath na pailneoirí agus go mbunófaí creat faireacháin uile-Aontais do phailneoirí, mar aon le cuspóirí agus táscairí soiléire maidir leis an tiomantas stop a chur le meath na bpailneoirí. Sa Tuarascáil Speisialta uaithi, a d'eisigh sí in 2020, mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún sásraí rialachais agus faireacháin iomchuí a chur i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar phailneoirí. I dteachtaireacht uaidh an 24 Eanáir 2023, thíolaic an Coimisiún Tionscnamh athbhreithnithe an Aontais um Pailneoirí dar teideal 'Athbhreithniú ar Thionscnamh an Aontais um Pailneoirí - Beart nua le haghaidh pailneoirí', ina leagtar amach na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun meath na bpailneoirí a aisiompú faoi 2030.
- (53) Maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, tá sé d'aidhm aige rialáil a dhéanamh ar cheann de na cúiseanna le meath na bpailneoirí trí thoirmeasc a chur ar úsáid lotnaidicídí i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, go leor díobh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mar shampla limistéir a chothaíonn speicis pailneoirí agus a aicmítear sa Liosta Dearg Eorpach mar speicis atá i mbaol díothaithe.

(54) Tá gá le héiceachórais thalmhaíochta inbhuanaithe, athléimneacha agus bithéagsúla chun bia sábháilte, inbhuanaithe, cothaitheach agus inacmhainne a sholáthar. Leis na héiceachórais thalmhaíochta is bithéagsúla méadaítear athléimneacht na talmhaíochta in aghaidh an athraithe aeráide agus in aghaidh rioscaí comhshaoil, agus áiríthítear sábháilteacht agus slándáil an bhia agus cruthaítear poist nua i gceantair thuaithe, go háirithe poist a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht chomh maith leis an turasóireacht agus an t-áineas tuaithe. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas an bithéagsúlacht ar a thailte talmhaíochta a fheabhsú trí réimse cleachtas atá ann faoi láthair a théann chun sochair d'fheabhsú na bithéagsúlachta nó atá comhoiriúnach le feabhsú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear trí úsáid fhairsing na talmhaíochta. Tá talmhaíocht fhairsing ríthábhachtach chun go leor speiceas agus gnáthóg a chothabháil sna limistéir is bithéagsúla. Is iomaí cleachtas talmhaíochta fairsinge ann a bhfuil tairbhí iomadúla nó tairbhí móra acu maidir leis an mbithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus gnéithe tírdhreacha a chosaint, amhail talmhaíocht bheacht, feirmeoireacht orgánach, agra-éiceolaíocht, agra-éiceolaíocht agus féarthalamh buan ísealdéine. Níl sé i gceist leis na cleachtais sin stop a chur le húsáid talún talmhaíochta ach, ina ionad sin, an cineál úsáide sin a oiriúnú ar mhaithe le feidhmiú fadtéarmach agus táirgiúlacht na n-éiceachóras talmhaíochta. Tá scéimeanna cistiúcháin atá tarraingteach ó thaobh airgeadais de d'úinéirí, d'fheirmeoirí agus do bhainisteoirí talún eile chun páirt a ghlacadh go deonach sna cleachtais sin tábhachtach chun tairbhí fadtéarmacha an athchóirithe a bhaint amach.

- (55) Is gá bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht na n-éiceachóras talmhaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear sna limistéir nach gcumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE. In éagmais modh choiteann chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar éiceachórais talmhaíochta lena bhféadfaí spriocanna sonracha athchóiriúcháin a leagan síos d'éiceachórais thalmhaíochta, is iomchuí oibleagáid ghinearálta a leagan síos chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht in éiceachórais thalmhaíochta agus comhlíonadh na hoibleagáide sin a thomhas ar bhonn rogha táscairí as innéacs na bhféileacán féarthalún, as an stoc carbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta nó as an sciar de thalamh talmhaíochta a bhfuil gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta acu.
- (56) Ós rud é gurb eol agus go n-aithnítear go forleathan gur príomhtháscairí sláinte éiceachóras talmhaíochta iad éin talaimh feirme, is iomchuí spriocanna a leagan síos lena dtéarnamh. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid na spriocanna sin a bhaint amach maidir leis na Ballstáit seachas le feirmeoirí aonair. Ba cheart do na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach trí bhearta athchóiriúcháin éifeachtacha a chur i bhfeidhm ar thalamh talmhaíochta, agus iad ag obair i gcomhar le feirmeoirí agus le geallsealbhóirí eile, agus ag tacú leo, chun na bearta sin a dheardh agus a chur i bhfeidhm ar an láthair.
- (57) Gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta ar thalamh talmhaíochta, lena n-áirítear stráicí maolánacha, talamh branair uainíochta nó talamh branair nach bhfuil de réir uainíochta, fálta sceach, crainn aonair nó grúpaí crann, sraitheanna crann, imeall páirceanna, dáileachtaí, díoga, srutháin, bogaigh bheaga, ardáin, cairn, ballaí cloiche, linnte beaga agus gnéithe cultúrtha, soláthraíonn na nithe sin spás do phlandaí agus d'ainmhithe fiáine, lena n-áirítear pailneoirí, agus leis na nithe sin déantar an creimeadh agus an t-ídiú ithreach a chosc, aer agus uisce a scagadh, tacaítear leis an athrú aeráide a mhaolú agus leis an oiriúnú don athrú aeráide agus le táirgiúlacht talmhaíochta barr a bhraitheann ar phailniú. Is féidir gnéithe táirgiúla a mheas freisin mar ghnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta faoi choinníollacha áirithe.

(58) Is é is aidhm don chomhbheartas talmhaíochta (CBT) tacú le cosaint an chomhshaoil agus é a neartú, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Ar na príomhchuspóirí atá ag an mbeartais tá rannchuidiú chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, seirbhísí éiceachórais a fheabhsú agus gnáthóga agus tírdhreacha a chaomhnú. Le caighdeán nua coinníollachta CBT Uimh. 8 maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún (GAEC 8), a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>16</sup>, ceanglaítear ar thairbhíthe íocaíochtaí a bhaineann le limistéir 4 % ar a laghad den talamh arúil atá acu ar leibhéal na feirme a bheith dírithe ar limistéir agus ar ghnéithe neamhtháirgiúla, amhail talamh branair agus gnéithe den tírdhreach atá ann cheana a choinneáil. Maidir leis an sciar 4 % atá le sannadh do chomhlíonadh an chaighdeáin GAEC 8 sin, is féidir é a laghdú go 3 % má chomhlíontar réamhriachtanais áirithe. Beidh an oibleagáid sin ina rannchuidiú leis na Ballstáit treocht dhearfach a bhaint amach i ngnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta ar thalamh talmhaíochta. Ina theannta sin, faoi CBT, tá an deis ag na Ballstáit éiciscéimeanna a chur ar bun le haghaidh cleachtais thalmhaíochta a dhéanann feirmeoirí i limistéir thalmhaíochta lena bhféadfaí a áireamh gnéithe tírdhreacha nó limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil agus a chruthú. Ar an gcaoi chéanna, ina bpleananna straitéiseacha faoi CBT, is féidir leis na Ballstáit gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear bainistiú feabhsaithe ar ghnéithe tírdhreacha a théann thar an gcaighdeán GAEC 8 agus/nó éiciscéimeanna. Cuideoidh tionscadail faoin bhfochlár ‘An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht’ de Chlár LIFE, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup>, le bithéagsúlacht na hEorpa ar thalamh talmhaíochta a chur ar shlí an téarnaimh faoi 2030, trí thacú le cur chun feidhme Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE chomh maith le Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030.

---

<sup>16</sup> Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

<sup>17</sup> Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

(59) Trí athchóiriú agus athfhliuchadh a dhéanamh ar ithreacha orgánacha, mar a shainítear i dTreoirlínte 2006 ó IPCC maidir le Fardail Náisiúnta de Gháis Ceaptha Teasa, a úsáidtear sa talmhaíocht, i.e. faoi úsáid féarthalún agus talún curaíochta, ar tailte móna draenáilte iad, cuidítear le tairbhí suntasacha bithéagsúlachta a bhaint amach, le laghdú tábhachtach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le tairbhí eile don chomhshaol, agus cuirtear le tírdhreach talmhaíochta éagsúil an tráth céanna. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh idir raon leathan bearta athchóiriúcháin le haghaidh tailte móna draenáilte a úsáidtear sa talmhaíocht, idir talamh curaíochta a athrú go féarthalamh buan, bearta fairsingithe in éineacht le draenáil laghdaithe, agus athfhliuchadh iomlán lena ngabhann an deis riascshaothraithe, nó fásra déanta móna a bhunú. Cruthaítear na tairbhí aeráide is suntasaí trí thalamh curaíochta a athchóiriú agus a athfhliuchadh agus ina dhiaidh sin trí fhéarthalamh dian a athchóiriú. Ionas gur féidir an sprioc athchóiriúcháin a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha i gcás tailte móna faoi úsáid talmhaíochta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta athchóiriúcháin agus athfhliuchadh tailte móna draenáilte a áireamh, chomh maith go pointe le tailte móna draenáilte faoi úsáidí eile talún, foraois, mar shampla, a athchóiriú agus a athfhliuchadh, mar limistéir a rannchuidíonn le baint amach na spriocanna athchóiriúcháin maidir le tailte móna faoi úsáid talmhaíochta. I gcás ina mbeidh údar cuí leis, mura féidir athfhliuchadh tailte móna draenáilte faoi úsáid talmhaíochta a chur chun feidhme mar gheall ar thionchair dhiúltacha shuntasacha ar fhoirgnimh, ar bhonneagar, ar oiriúnú don athrú aeráide nó ar leasanna poiblí eile agus nach féidir tailte móna a athfhliuchadh faoi úsáid talún eile, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann méid athfhliuchadh tailte móna a laghdú.

(60) Chun leas iomlán a bhaint as na tairbhí bithéagsúlachta, ba cheart athchóiriú agus athfhliuchadh na dtailte móna draenáilte a leathnú thar na limistéir de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE atá le hathchóiriú agus le hathbhunú. Leis an tuairisciú a dhéanann na Ballstáit i bhfardail náisiúnta gás ceaptha teasa ar earnáil LULUCF, a chuirtear isteach faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, déantar faireachán ar shonraí maidir le méid na n-ithreach orgánach mar aon lena n-astaíochtaí agus a n-aistrithe gás ceaptha teasa. Is féidir leanúint d'úsáid tháirgiúil a bhaint as tailte móna athchóirithe agus athfhliuchta ar bhealaí malartacha. Mar shampla, maidir leis an riascshaothrú, is é sin feirmeoireacht a dhéanamh ar thailte móna fliucha, d'fhéadfaí a áireamh ann saothrú cineálacha éagsúla giolcach, cineálacha áirithe adhmaid, saothrú fraochán gorm agus mónóg, feirmeoireacht sfagnaim agus féarach buabhall uisce. Ba cheart na cleachtais sin a bheith bunaithe ar phrionsabail an bhainistithe inbhuanaithe agus ba cheart iad a bheith dírithe ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú ionas go mbeidh luach ard acu ó thaobh airgeadais agus éiceolaíochta de araon. Chomh maith leis sin is féidir an riascshaothrú dul chun sochair do roinnt speiceas atá i mbaol san Aontas, agus is féidir leis sin nascacht na limistéar bogaigh agus daonraí na speiceas gaolmhar a éascú san Aontas freisin. Is féidir cistiú a fháil ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear caiteachas faoi bhuiséad an Aontais agus faoi chláir mhaoiniúcháin an Aontais le haghaidh beartachun tailte móna a athchóiriú agus a athfhliuchadh agus chun cailteanais ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ann a chúiteamh.

- (61) Leagadh amach i Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021, an gá atá le bithéagsúlacht foraoise a athchóiriú. Tá os cionn 43,5 % de spás talún an Aontais faoi fhoraoisí agus faoi choillearnach eile. Tá éiceachórais foraoise ar mhórán bithéagsúlachta leochaileach don athrú aeráide ach is comhghuaillí nádúrtha iad freisin maidir leis an athrú aeráide agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chur in oiriúint agus a chomhrac, lena n-áirítear trína gcuid feidhmeanna mar stoc carbóin agus linn charbóin, agus soláthraíonn siad go leor seirbhísí agus tairbhí riachtanacha eile éiceachórais, amhail adhmaid, bia agus táirgí eile nach táirgí adhmaid iad a sholáthar, rialáil aeráide, cobhsú ithreach agus rialú creimthe ithreach agus íonú an aeir agus an uisce.
- (62) Is gá bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm chun bithéagsúlacht éiceachórais foraoise a fheabhsú ar fud an Aontais, lena n-áirítear sna limistéir nach gcumhdaítear le cineálacha gnáthóige a thagann faoi raon feidhme Threoir 92/43/CEE. In éagmais modh coiteann chun measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar éiceachórais foraoise lena bhféadfaí spriocanna sonracha athchóiriúcháin a leagan síos d'éiceachórais foraoise, is iomchuí oibleagáid ghinearálta a leagan síos chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht in éiceachórais foraoise agus comhlíonadh na hoibleagáide sin a thomhas ar bhonn innéacs coiteann na n-éan foraoise agus rogha táscairí eile, as adhmaid marbh ina seasamh, as adhmaid marbh atá ina luí, sciar na bhforaoisí a bhfuil struchtúr neamhchothrom d'aois acu, nascacht foraoise, stoc carbóin orgánaigh, sciar na bhforaoisí arb iad speicis chrainn dhúchasacha agus éagsúlacht speiceas crann is mó atá iontu.

- (63) Agus na bearta athchóiriúcháin is gá á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht in éiceachórais foraoise agus nuair a bheidh leibhéil shásúla á leagan síos le haghaidh táscairí bithéagsúlachta le haghaidh foraoisí, ba cheart do na Ballstáit na rioscaí a bhaineann le dóiteán foraoise a chur san áireamh, bunaithe ar imthosca áitiúla. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as dea-chleachtais chun na rioscaí sin a laghdú, go háirithe mar a thuiriscítear sna Treoirínte ón gCoimisiún maidir le fálscaithe talamhbhunaithe a chosc, a eisíodh in 2021.
- (64) I Straitéisí Bithéagsúlachta AE do 2030, leagtar amach an gealltanais 3 bhiliún crann breise ar a laghad a chur san Aontas faoi 2030, agus prionsabail éiceolaíochá á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. I Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais do 2030, a leagtar amach i dteachtairacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021, áirítear treochlár chun an gealltanais sin a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabal foriomlán an crann ceart a phlandáil agus a fhás san áit cheart agus chun na críche ceart. Tá áiritheoir crann ar líne ar fáil mar uirlis chun taifead a dhéanamh ar rannchuidithe leis an ngealltanais agus ar an dul chun cinn ina leith agus ba cheart do na Ballstáit crainn atá curtha a dhoiciméadú san uirlis. Mar a leagtar amach i Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030 agus sa treochlár i Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais do 2030, an 17 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún Treoirínte maidir le foraoisiú, athfhoraoisiú agus plandáil crann atá neamhdhíobhálach don bithéagsúlacht. Tá sé d'aidhm ag na Treoirínte sin, lena gcuirtear in iúl creat na bprionsabal éiceolaíoch atá le breithniú, rannchuidiú leis an ngealltanais agus, tríd an méid sin, tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

(65) Maidir le spriocanna athchóiriúcháin agus oibleagáidí maidir le gnáthóga agus speicis a chosnaítear faoi Threoracha 92/43/CEE agus 2009/147/CE, maidir le pailneoirí agus éiceachórais fionnuisce, uirbeacha, talmhaíochta agus foraoise, ba cheart na spriocanna sin a bheith comhlántach agus ba cheart dóibh oibriú i sineirgíocht, d'fhonn an cuspóir uileghabhálach a bhaint amach maidir le héiceachórais a athchóiriú ar fud limistéir talún agus mhara na mBallstát. Cuideoidh na bearta athchóiriúcháin is gá chun sprioc shonrach amháin a chomhlíonadh, i mórán cásanna, le spriocanna a bhaint amach nó le hoibleagáidí eile a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, bearta athchóiriúcháin a phleanáil go straitéiseach d'fhonn a n-éifeachtacht a uasmhéadú i dtaca le cur le téarnamh an dúlra ar fud an Aontais. Ba cheart bearta athchóiriúcháin a phleanáil freisin ar bhealach a thabharfaidh aghaidh ar mhaolú an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus ar chosc agus ar rialú tionchair tubaistí nádúrtha, mar aon le díghrádú talún. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu feidhmeanna éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta na n-éiceachóras a bharrfheabhsú, lena n-áirítear a gcumas táirgiúlachta, agus an méid a chuireann siad le forbairt inbhuanaithe na réigiún agus na bpobal ábhartha á chur san áireamh. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit na tionchair shocheacnamaíochta intuartha agus na tairbhí measta a bhaineann le cur chun feidhme na mbearta athchóiriúcháin a chur san áireamh freisin. Tá sé tábhachtach go n-ullmhóidh na Ballstáit pleananna athchóirithe náisiúnta mionsonraithe de réir na fianaise eolaíche is fearr atá ar fáil. Ba cheart taifid dhoiciméadaithe maidir le dáileadh stairiúil agus limistéar stairiúil agus, freisin, maidir leis na hathruithe réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide, a bheith mar bhonn eolais de chinneadh maidir le limistéir thagartha fhabhracha de chineálacha gnáthóige. Thairis sin, tá sé tábhachtach go dtabharfaí deiseanna luatha éifeachtacha don phobal páirt a ghlacadh in ullmhú na bpleananna. Ba cheart do na Ballstáit na dálaí agus na riachtanais shonracha ina gcóir a chur san áireamh chun go mbeifear in ann leis na pleananna freagairt ar bhrúnna, bagairtí agus cúiseanna ábhartha maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, agus ba cheart dóibh dul i gcomhar le chéile chun athchóiriú agus nascacht a áirithiú thar theorainneacha.

- (66) Chun sineirgí a áirithiú idir na bearta éagsúla a cuireadh i bhfeidhm agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun an dúlra a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú san Aontas, ba cheart do na Ballstáit na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú acu: na bearta caomhnaithe arna mbunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 agus na creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE agus le Treoir 2009/147/CE; bearta chun dea-stádas éiceolaíoch agus ceimiceach a bhaint amach i ndobharlaigh a áirítear i bpleananna bainistíochta abhantraí a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup>; straitéisí muirí chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach le haghaidh réigiúin mhuirí uile an Aontais a ullmhaítear i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE; cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir arna n-ullmhú faoi Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>19</sup>; straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, chomh maith le bearta caomhnaithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus bearta teicniúla arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>20</sup>.

---

<sup>18</sup> Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

<sup>19</sup> Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailléan áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

<sup>20</sup> Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

- (67) Chun comhleanúnachas a áirithiú idir cuspóirí an Rialacháin seo agus cuspóirí Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>21</sup>, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup> agus Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup> a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, go háirithe, le linn pleananna athchóirithe náisiúnta a ullmhú, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag tionscadail fuinnimh in-athnuaite rannhuidiú le cuspóirí athchóirithe dúlra a chomhlíonadh.

---

<sup>21</sup> Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

<sup>22</sup> Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE, agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

<sup>23</sup> Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitрил agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58).

(68) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt go comhsheasmhach ar na dúshlán a bhaineann le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an athrú aeráide, ba cheart úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a chur san áireamh agus an bhithéagsúlacht á hathchóiriú agus vice versa. Ba cheart é a bheith indéanta gníomhaíochtaí athchóiriúcháin agus cur in úsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite a chomhcheangal, i gcás inar féidir, lena n-áirítear i limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus i limistéir thiomnaithe eangaí. Le Treoir (AE) 2018/2001, ceanglaítear ar na Ballstáit mapáil chomhordaithe a dhéanamh chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid ina gcíoch chun an acmhainneacht intíre agus an dromchla talún, an fodhromchla, an fharraige nó an t-uisce intíre atá ar fáil a shainathint a bhfuil gá leo chun gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus a mbonneagar gaolmhar a shuiteáil, amhail saoráidí eangaí agus stórála, lena n-áirítear stóráil theirmeach, a bhfuil gá leo chun a rannchuidithe náisiúnta ar a laghad a chomhlíonadh i dtreo sprioc athbhreithnithe 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite. Tá na réimsí riachtanacha sin, lena n-áirítear na gléasraí atá ann cheana agus na sásraí comhair, le bheith i gcomhréir leis na conairí measta agus leis an acmhainneacht iomlán suiteáilte atá beartaithe le teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite a leagtar amach sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Ba cheart do na Ballstáit fothacar de na limistéir sin a ainmniú mar limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite. Is suíomhanna sonracha iad limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite, cibé acu ar talamh nó ar muir iad, atá oiriúnach go háirithe do shuiteáil gléasraí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh, i gcás nach meastar go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag úsáid cineáil shonraigh fuinnimh in-athnuaite, i bhfianaise shaintréithe na críche roghnaithe. Tá na Ballstáit le tosaíocht a thabhairt do dhromchlaí saorga agus tógtha, amhail díonta agus aghaidheanna foirgneamh, limistéir bonneagair iompair agus an ceantar díreach thart orthu, limistéir pháirceála, feirmeacha, láithreáin dramhaíola, láithreáin tionscail, mianaigh, dobharlaigh shaorga intíre, lochanna nó taiscumair, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin cóireála fuíolluisce uirbigh, mar aon le talamh díghrádaithe nach bhfuil inúsáidte don talmhaíocht.

Bunaítear freisin le Treoir (AE) 2018/2001 go bhféadfaidh na Ballstáit plean nó pleananna a ghlacadh chun limistéir bhonneagair thiomnaithe a ainmniú chun tionscadail eangaí agus stórála a fhorbairt a bhfuil gá leo chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais, i gcás nach meastar go mbeidh tionchair shuntasacha ag an bhforbairt sin ar an gcomhshaol nó inar féidir na tionchair sin a mhaolú go cuí nó, i gcás nach féidir, iad a chúiteamh. Is é is aidhm do na limistéir sin tacú leis na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus iad a chomhlánú. Agus limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus limistéir bhonneagair thiomnaithe á n-ainmniú acu, tá na Ballstáit le limistéir faoi chosaint a sheachaint agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta a mheas. Ba cheart do na Ballstáit forbairt na bpleananna athchóirithe náisiúnta a chomhordú le mapáil na limistéar is gá chun ar a laghad a rannchuidithe náisiúnta i dtreo sprioc 2030 don fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach agus, i gcás inarb ábhartha, na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus na limistéir eangaí thiomnaithe a ainmniú. Agus na pleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú, ba cheart do na Ballstáit sineirgí a áirithiú le méadú an fhuinnimh in-athnuaite agus an bhonneagair fuinnimh agus le limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus limistéir thiomnaithe eangaí a ainmníodh cheana agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfanfaidh feidhmiú na limistéar sin, lena n-áirítear an nós imeachta deonaithe ceadanna is infheidhme sna limistéir sin dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2018/2001, gan athrú.

- (69) Chun a áirithiú go mbeidh sineirgí ann leis na bearta athchóiriúcháin atá beartaithe nó curtha i bhfeidhm cheana sna Ballstáit, ba cheart a aithint sna pleananna athchóirithe náisiúnta na bearta athchóiriúcháin sin agus iad a chur san áireamh. I bhfianaise na práinne a léiríodh sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC maidir le gníomhaíocht a dhéanamh ar athchóiriú éiceachóras díghrádaithe, ba cheart do na Ballstáit na bearta sin a chur chun feidhme i gcomhthráth le hullmhú na bpleananna athchóiriúcháin.
- (70) Sna pleananna athchóirithe náisiúnta agus sna bearta chun gnáthóga a athchóiriú, chomh maith leis na bearta chun meathlú gnáthóg a chosc, ba cheart aird a thabhairt freisin ar thorthaí na dtionscadal taighde atá ábhartha chun bail na n-éiceachóras a mheasúnú, bearta athchóiriúcháin a shainaitheint agus a chur i bhfeidhm, agus chun críocha faireacháin. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh éagsúlacht na staidéanna i réigiúin éagsúla an Aontais a chur san áireamh freisin, i gcomhréir le hAirteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), amhail ceanglais shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha agus saintréithe réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear dlús daonra.

- (71) Is iomchuí cás sonrath na réigiún is forimeallaí san Aontas a chur san áireamh, mar a liostaítear in Airteagal 349 CFAE, ina ndéantar foráil maidir le bearta sonracha chun tacú leis na réigiúin sin. Mar a beartaíodh i Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030, ba cheart díriú go háirithe ar éiceachórais na réigiún is forimeallaí a chosaint agus a athchóiriú, i bhfianaise ardluach bithéagsúlachta na réigiún is forimeallaí. An tráth céanna, ba cheart na costais ghaolmhara a bhaineann le cosaint agus athchóiriú na n-éiceachóras sin agus iargúlacht, oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht agus aeráid dheacair na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh, go háirithe agus na pleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú. Moltar do na Ballstáit bearta sonracha athchóiriúcháin a áireamh, ar bhonn deonach, sna réigiúin is forimeallaí sin nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (72) Ba cheart do EEA tacú leis na Ballstáit agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú, agus ba cheart di faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach na spriocanna agus chomhlíonadh na n-oibleagáidí athchóiriúcháin. Ba cheart don Choimisiún a mheas an bhfuil na pleananna athchóirithe náisiúnta leordhóthanach chun na spriocanna sin a bhaint amach agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, chun cuspóirí uileghabhálacha an Aontais a chomhlíonadh chun go gcumhdófar go comhpháirteach, mar sprioc de chuid an Aontais, ar fud na limistéar agus na n-éiceachóras atá laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, 20 % ar a laghad de limistéir thalún, agus 20 % ar a laghad de limistéir farraige faoi 2030, agus gach éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu faoi 2050, na cuspóirí chun 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030, chomh maith le rannchuidiú leis an ngealltanas 3 bhilliún crann breise ar a laghad a chur san Aontas faoi 2030.

(73) Léiríodh i dTuarascáil 2020 ón gCoimisiún ar Staid an Dúlra go dtagann sciar suntasach den fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 92/43/CEE agus le hAirteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, go háirithe maidir le stádas caomhnaithe agus treochtaí na ngnáthóg agus na speiceas a dtugann siad cosaint dóibh, ó shuirbhéanna páirteacha nó go bhfuil sé bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe amháin. Léiríodh sa tuarascáil sin freisin nach fios fós stádas roinnt cineálacha gnáthóige agus speiceas atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE. Is gá na bearnaí eolais sin a líonadh agus infheistiú san fhaireachán agus san fhaireachas chun taca a chur faoi phleananna athchóirithe náisiúnta láidre atá bunaithe ar an eolaíocht. Chun tráthúlacht, éifeachtacht agus comhleanúnachas modhanna éagsúla faireacháin a mhéadú, ba cheart don fhaireachán agus don fhaireachas an úsáid is fearr is féidir a bhaint as torthaí na dtionscadal taighde agus nuálaíochta atá cistithe ag an Aontas, teicneolaíochtaí nua, amhail faireachán in situ agus cianbhraiteacht ina n-úsáidtear sonraí agus seirbhísí spáis a sholáthraítear faoi chomhpháirteanna EGNOS, Galileo agus Copernicus de Chlár Spáis an Aontais, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>24</sup>. Tacóidh misin an Aontais ‘Ár n-aigéan agus ár n-uisce a athchóiriú’, ‘Oiriúnú don Athrú Aeráide’, agus ‘Comhaontú um Ithir don Eoraip’, a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2021 maidir le Misin Eorpacha, le cur chun feidhme na spriocanna athchóiriúcháin.

---

<sup>24</sup> Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

- (74) I bhfianaise na ndúshlán teicniúil agus airgeadais ar leith a bhaineann le muirthimpeallachtaí a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu, d'fhéadfadh na Ballstáit a bheith in ann, mar chomhlánú ar an bhfaisnéis arna tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 92/43/CEE agus i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2008/56/CE, faisnéis faoi bhrúnna agus bagairtí nó faisnéis ábhartha eile a úsáid mar bhonn don eachtarshuíomh agus bail na ngnáthóg muirí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á measúnú acu. D'fhéadfaí cur chuige mar sin a úsáid freisin mar bhonn chun bearta athchóiriúcháin a phleanáil i ngnáthóga muirí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart an measúnú foriomlán ar bhail na ngnáthóg muirí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus ar an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí.
- (75) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna athchóirithe náisiúnta, ar na bearta athchóiriúcháin a cuireadh i bhfeidhm, ar na limistéar atá faoi réir na mbearta athchóiriúcháin, agus na sonraí ar fhardal na mbacainní ar leanúnachas abhann, ba cheart córas a thabhairt isteach lena gceanglófaí ar na Ballstáit sonraí ábhartha maidir le torthaí an fhaireacháin sin a chur i bhfeidhm, a choinneáil cothrom le dáta agus a chur ar fáil. Ba cheart úsáid a bhaint as córas Reportnet EEA le haghaidh tuairisciú leictreonach sonraí chuig an gCoimisiún agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige an t-ualach riaracháin ar gach eintiteas a theorannú a mhéid is féidir. Chun bonneagar iomchuí a áirithiú le haghaidh rochtain phoiblí, tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údaráis phoiblí, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, na sonraíochtaí sonraí a bhunú orthu siúd dá dtagraítear i dTreoracha 2003/4/CE<sup>25</sup>, 2007/2/CE<sup>26</sup>, agus (AE) 2019/1024<sup>27</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

<sup>25</sup> Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

<sup>26</sup> Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

<sup>27</sup> Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

- (76) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, arna bunú faoi Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup>, lena bhforáiltear maidir le tacaíocht theicniúil shaincheaptha chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme. Baineann an tacaíocht theicniúil dá bhforáiltear faoin ionstraim sin le neartú na hacmhainneachta riaracháin, comhchuibhiú na gcreataí reachtacha agus comhroinnt na ndea-chleachtas ábhartha, mar shampla.
- (77) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtreo spriocanna agus oibleagáidí athchóiriúcháin an Rialacháin seo a bhaint amach ar bhonn tuarascálacha uile-Aontais ar dhul chun cinn arna dtarraingt suas ag EEA chomh maith le hanailís agus tuarascálacha eile arna gcur ar fáil ag na Ballstáit i réimsí beartais ábhartha amhail beartais dúlra, mhara agus uisce.

---

<sup>28</sup> Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

(78) Chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna agus go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, tá sé rithábhachtach go ndéanfar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha leordhóthanacha san athchóiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit caiteachas le haghaidh cuspóirí bithéagsúlachta, lena n-áirítear maidir le deischostais agus costais aistriú a eascraíonn as cur chun feidhme na bpleananna athchóirithe náisiúnta, a chomhtháthú ina mbuiséid náisiúnta agus an úsáid a bhaintear as cistiú ón Aontas a léiriú. Maidir le cistiú ón Aontas, rannchuidítear le spriocanna bithéagsúlachta leis an gcaiteachas faoi bhuiséad an Aontais agus faoi chlár mhaoiniúcháin ón Aontas, amhail Clár LIFE, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF), arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>29</sup>, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), arna mbunú araon le Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe, arna mbunú araon le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup>

---

<sup>29</sup> Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

<sup>30</sup> Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

agus an Ciste um Aistriú Cóir, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>, mar aon le Fís Eorpach – an Clár Réime de chuid an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>33</sup>, agus is é an aidhm dó 7,5 % den chaiteachas in 2024, 10 % de in 2026 agus 2027, faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle<sup>34</sup> (CAI 2021-2027), a dhíriú ar chuspóirí bithéagsúlachta. Is foinse bhreise chistiúcháin í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup>, chun an bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú. Maidir le Clár LIFE, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úsáid iomchuí na dtionscadal dúlra straitéiseach mar uirlis shonrach a d'fhéadfadh tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, trí na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a phríomhshruthú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

---

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

<sup>33</sup> Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

<sup>34</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

<sup>35</sup> Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

- (79) Níor cheart go dtabharfaí le tuiscint le hullmhú na bpleananna athchóirithe náisiúnta go mbeadh oibleagáid ar na Ballstáit aon chistiú faoi CBT, faoi CBI nó faoi chláir nó ionstraimí cistiúcháin talmhaíochta agus iascaigh eile faoi CAI 2021-2027 a athchlárú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.
- (80) Tá raon tionscnamh de chuid an Aontais, de thionscnaimh náisiúnta agus de thionscnaimh phríobháideacha ar fáil chun maoiniú príobháideach a spreagadh, amhail Clár InvestEU, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>, a chuireann deiseanna ar fáil maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh chun tacú, inter alia, le feabhas a chur ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht trí bhíthin tionscadail bhonneagair ghlais agus ghoirm, agus an fheirmeoireacht charbóin mar shamhail ghlas ghnó. D'fhéadfaí bearta athchóirithe dúlra a chistiú ar an láthair, trí mhaoiniú príobháideach nó poiblí, lena n-áirítear tacaíocht bunaithe ar thorthaí agus scéimeanna nuálacha amhail scéimeanna deimhniúcháin um aistriú carbóin. D'fhéadfaí infheistíocht phríobháideach a dhreasú freisin trí scéimeanna infheistíochta poiblí, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais, fóirdheontais agus ionstraimí eile, ar choinníoll go gcomhlíonfar na rialacha maidir le Státchabhair.

---

<sup>36</sup> Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

- (81) Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú, tá infheistíochtaí leordhóthanacha príobháideacha agus poiblí fíor-riachtanach do bhearta athchóirithe dúlra. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, laistigh de 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus i gcomhairle leis na Ballstáit, tuarascáil a thíolacadh ina mbeidh anailís ina sainaitheofar aon bearnaí i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart tograí le haghaidh bearta leordhóthanacha a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear bearta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaitníodh, amhail cistiú tiomnaithe a bhunú agus gan dochar do shainchumais na gcomhrechtóirí le haghaidh ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil eile tar éis 2027.
- (82) De réir chásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is faoi chúirteanna na mBallstát atá sé cosaint bhreithiúnach ar chearta duine faoi dhlí an Aontais a áirithiú. Sa bhreis air sin, le hAirteagal 19(1) CAE ceanglaítear ar na Ballstáit leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil<sup>37</sup> ('Coinbhinsiún Aarhus'). Faoi Choinbhinsiún Aarhus, ní mór do na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag an bpobal lena mbaineann ar an gceartas.

---

<sup>37</sup> IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.

- (83) Ba cheart do na Ballstáit cur chuige cothrom agus tras-shochaí a chur chun cinn agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu. Ba cheart dóibh na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun go mbeidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, úinéirí talún agus úsáideoirí talún agus a gcomhlachais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an pobal gnó, pobail taighde agus oideachais, feirmeoirí, iascairí, foraoiseoirí, infheisteoirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile agus an pobal i gcoitinne rannpháirteach i ngach céim d’ullmhú, d’athbhreithniú agus de chur chun feidhme na bpleananna athchóirithe náisiúnta, agus chun idirphlé agus scaipeadh faisnéise eolaíochtbhunaithe faoin mbithéagsúlacht agus faoi na tairbhí a bhaineann le hathchóiriú a chothú.
- (84) De bhun Rialachán (AE) 2021/2115 ceaptar pleananna straitéiseacha CBT chun rannchuidiú le gnóthú spriocanna náisiúnta fadtéarmacha a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha, nó ag eascairt astu, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus tá siad ceaptha chun bheith comhsheasmhach leis na spriocanna sin. Ba cheart an Rialachán seo a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 159 de Rialachán (AE) 2021/2115, nuair a dhéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, faoin 31 Nollaig 2025, ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (85) I gcomhréir leis an ngealltanas san 8<sup>ú</sup> Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>38</sup>, ní mór do na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol ar an leibhéal náisiúnta, agus an úsáid is fearr á baint as ionstraimí margadh-bhunaithe agus as uirlisí buiséadaithe ghlais agus maoinithe ghlais, lena n-áirítear na cinn sin a bhfuil gá leo chun aistriú atá cothrom go sóisialta a áirithiú, agus chun tacú le gnólachtaí agus le geallsealbhóirí eile cleachtas chaighdeánaithe maidir le cuntasáiocht an chaipitil nádúrtha a fhorbairt.

---

<sup>38</sup> Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

(86) Chun an t-oiriúnú is gá ar an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht pailneoirí agus daonraí na bpailneoirí agus i leith Iarscríbhinní I go VII a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú trí na grúpaí agus na liostaí de chineálacha gnáthóige, liosta na speiceas muirí, liosta na speiceas a úsáidtear don innéacs coiteann éan talaimh feirme, tuairisc, aonad agus modheolaíocht na dtáscairí bithéagsúlachta le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta agus le haghaidh éiceachórais foraoise agus liosta na samplaí de bhearta athchóiriúcháin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, chun taithe a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh nó chun comhsheasmhacht le cineálacha gnáthóige EUNIS a áirithiú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfadh an Coimisiún measúnuithe tionchair agus go rachadh sé i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>39</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

<sup>39</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (87) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na modhanna a shonrú maidir le faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, lena mbunaítear creata treorach chun na leibhéil sásúla a shocrú maidir le spás glas uirbeach, clúdach téastair crann uirbeach i limistéir éiceachórais uirbeacha, pailneoirí, táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, lena mbunaítear creat aonfhoirmeach maidir leis na pleananna athchóirithe náisiúnta, lena mbunaítear an fhormaid, struchtúr agus socruithe mionsonraithe maidir le sonraí agus faisnéis a thuairisciú go leictreonach don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>40</sup>.
- (88) Chun go bhféadfar freagairt mhear éifeachtach a thabhairt i gcás teagmhas neamh-intuartha, eisceachtúil agus gan chúis nach bhfuil neart ag an Aontas air, agus ina bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ar fud an Aontais don mhéid talún atá ar fáil atá ag teastáil chun táirgeadh leordhóthanach talmhaíochta a áirithiú do thomhaltas bia an Aontais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo a chur ar fionraí go sealadach a mhéid is fíorghá agus ar feadh cibé tréimhse atá fíor-riachtanach, tréimhse suas go dtí 12 mhí ar a mhéad, agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcaomhnú san am céanna. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

<sup>40</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (89) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, ba cheart an mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar na critéir, mar atá an éifeachtúlacht, an éifeachtacht, an ábharthacht, an chomhsheasmhacht agus an breisluach, agus ba cheart í a bheith ina bunús le measúnuithe tionchair ar ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le spriocanna breise athchóiriúcháin a leagan síos, de réir modhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar bhail na n-éiceachóras nach gcumhdaítear le hAirteagail 4 agus 5 den Rialachán seo, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí á cur san áireamh.
- (90) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>41</sup> a leasú dá réir sin.
- (91) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon téarnamh fadtéarmach agus marthanach éiceachóras bithéagsúil athléimneach a áirithiú, ar fud chríoch Eorpach na mBallstát, trí bhearta athchóiriúcháin a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun sprioc de chuid an Aontais a bhaint amach le chéile maidir le limistéir thalún agus limistéir farraige a athchóiriú faoi 2030 agus gach limistéar a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu faoi 2050, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

<sup>41</sup> Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

# Caibidil I

## Forálacha ginearálta

### *Airteagal 1*

#### *Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha chun rannchuidiú leis na nithe seo a leanas:
  - (a) téarnamh fadtéarmach agus inbhuanaithe na n-éiceachóras bithéagsúil buanseasmhach ar fud limistéir thalún agus mhara na mBallstát trí na héiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú;
  - (b) cuspóirí uileghabhálacha an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide agus neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach;
  - (c) slándáil bia a fheabhsú;
  - (d) gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chomhlíonadh.
2. Bunaítear leis an Rialachán seo creat ina gcuirfidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin éifeachtacha limistéarbhunaithe i bhfeidhm agus é mar aidhm acu, mar sprioc de chuid an Aontais, ar fud na limistéar agus na n-éiceachóras atá laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, 20 % ar a laghad de na limistéir thalún agus 20 % ar a laghad de na limistéir farraige a chumhdach go comhpháirteach faoi 2030, agus na héiceachórais uile a bhfuil gá acu le hathchóiriú a chumhdach go comhpháirteach faoi 2050.

*Airteagal 2*  
*Raon feidhme geografach*

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na héiceachórais dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12:

- (a) i gcríoch na mBallstát;
- (b) in uiscí cósta na mBallstát, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Threoir 2000/60/CE, a ngrinneall nó a bhfo-ithir;
- (c) in uiscí, grinneall na farraige nó an fho-ithir ar thaobh na farraige den bhonnlíne óna ndéantar fairsinge uiscí teorann de chuid Ballstáit a thomhas ag síneadh go dtí an pointe is faide amach den limistéar ina bhfuil cearta ceannasacha nó dlínse ag Ballstát nó ina bhfeidhmíonn sé cearta ceannasacha nó dlínse, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982<sup>42</sup>.

Níl feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le héiceachórais i gcríoch Eorpach na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo.

*Airteagal 3*  
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘éiceachóras’ coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe, fungais agus miocrorgánach agus a dtimpeallacht neamhbheo, agus iad ag idirghníomhú mar aonad feidhmiúil, agus áirítear leis cineálacha gnáthóige, gnáthóga speiceas agus daonraí speicis;

---

<sup>42</sup> IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.

- (2) ciallaíonn ‘gnáthóg speicis’ gnáthóg speicis mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (f), de Threoir 92/43/CEE;
- (3) ciallaíonn ‘athchóiriú’ an próiseas ina dtugtar cúnamh go gníomhach nó go héighníomhach le téarnamh éiceachórais chun a struchtúr agus a fheidhmeanna a fheabhsú, agus é mar aidhm leis bithéagsúlacht agus athléimneacht éiceachórais a chaomhnú nó a fheabhsú, tríd an limistéar de chineál gnáthóige a fheabhsú go dtí go mbeidh dea-bhail air, limistéar tagartha fabhrach a athbhunú, agus gnáthóg speicis a fheabhsú chun cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 4(1), (2) agus (3) agus le hAirteagal 5(1), (2) agus (3), agus na spriocanna faoi Airteagail 8 go 12 a bhaint amach agus na hoibleagáidí faoi Airteagail 8 go 12 a chomhlíonadh, lena n-áirítear leibhéil shásúla a bhaint amach do na táscairí dá dtagraítear in Airteagail 8 go 12;
- (4) ciallaíonn ‘dea-bhail’, a mhéid a bhaineann leis an limistéir de chineál gnáthóige, staid ina léiríonn príomh-shaintréithe an chineáil gnáthóige, go háirithe a struchtúr, a fheidhmeanna agus a speicis thipiciúla nó a chomhdhéanamh de speicis thipiciúla an t-ardleibhéal sláine éiceolaíche, cobhsaíochta agus athléimneachta is gá chun a áirithiú go gcoinnítear ar bun go fadtéarmach é agus, ar an gcaoi sin, go rannchuidíonn sé le stádas caomhantais fabhrach le haghaidh gnáthóige a bhaint amach nó a choinneáil, i gcás ina liostaítear an cineál gnáthóige lena mbaineann in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE, agus, in éiceachórais mhuirí, ina rannchuidíonn sé le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil;
- (5) ciallaíonn ‘dea-stádas comhshaoil’ dea-stádas comhshaoil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (5), de Threoir 2008/56/CE;
- (6) ciallaíonn ‘stádas caomhantais fabhrach le haghaidh gnáthóige’ stádas caomhantais fabhrach de réir bhrí Airteagal 1, pointe (e), de Threoir 92/43/CEE;

- (7) ciallaíonn ‘stádas caomhantais fabhrach le haghaidh speicis’ stádas caomhantais fabhrach de réir bhrí Airteagal 1, pointe (i), de Threoir 92/43/CEE;
- (8) ciallaíonn ‘limistéar tagartha fabhrach’ an limistéar iomlán de chineál gnáthóige i réigiún bithgheografach nó muirí ar leith ar an leibhéal náisiúnta a meastar gurb é an t-íosmhéid is gá chun inmharthanacht fhadtéarmach an chineáil gnáthóige agus a speiceas tipiciúil nó a chomhdhéanamh de speicis thipiciúla a áirithiú, agus na héagsúlachtaí suntasacha éiceolaíocha ar fad den chineál gnáthóige sin ina raon nádúrtha, agus atá comhdhéanta de limistéar reatha an chineáil gnáthóige agus, mura leor an limistéar sin d’inmharthanacht fhadtéarmach an chineáil gnáthóige agus dá speicis thipiciúla nó dá chomhdhéanamh de speicis thipiciúla, an limistéar breise is gá chun an cineál gnáthóige a athbhunú; i gcás ina liostaítear an cineál gnáthóige lena mbaineann in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE, le hathbhunú den sórt sin, rannchuidítear le stádas caomhantais fabhrach le haghaidh gnáthóige a bhaint amach agus, in éiceachórais mhuirí, le hathbhunú den sórt sin, rannchuidítear le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil;
- (9) ciallaíonn ‘cáilíocht gnáthóige leordhóthanach’ cáilíocht gnáthóige speicis lenar féidir ceanglais éiceolaíocha speicis a chomhlíonadh ag céim ar bith dá thimthriall bitheolaíoch ionas go mbeidh sé á chothabháil féin ar bhonn fadtéarmach mar chuid inmharthana dá ghnáthóg ina raon nádúrtha, lena rannchuidítear le stádas caomhantais fabhrach speiceas a bhaint amach nó a choinneáil le haghaidh speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II, IV nó V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus lena ndaingnítear daonraí na speiceas éan fiáin a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE agus, ina theannta sin, in éiceachórais mhuirí, lena rannchuidítear le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil;

- (10) ciallaíonn ‘cainníocht leordhóthanach gnáthóige’ cainníocht de ghnáthóg speicis lenar féidir ceanglais éiceolaíocha speicis a chomhlíonadh ag céim ar bith dá thimthriall bitheolaíoch ionas go mbeidh sí á cothabháil ar bhonn fadtéarmach mar chuid inmharthana dá ghnáthóg ina raon nádúrtha, lena rannchuidítear le stádas caomhantais fabhrach speiceas a bhaint amach nó a choinneáil le haghaidh speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II, IV nó V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus lena ndaingnítear daonraí na speiceas éan fiáin a chumhdaítear le Treoir 2009/147/CE agus, ina theannta sin, in éiceachórais mhuirí, lena rannchuidítear le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil;
- (11) ciallaíonn ‘cineál gnáthóige an-choitianta agus forleathan’ cineál gnáthóige a fhaightear i roinnt réigiúin bhithgheografacha san Aontas ag a bhfuil raon níos mó ná 10 000 km<sup>2</sup>;
- (12) ciallaíonn ‘pailneoir’ feithid fhiáin a iompraíonn pailin ó antar planda go dtí stiogma planda, lena gcumasaítear leasú agus táirgeadh síolta;
- (13) ciallaíonn ‘meath ar dhaonraí na bpailneoirí’ laghdú ar fhlúirse nó ar éagsúlacht pailneoirí, nó ar an dá rud;
- (14) ciallaíonn ‘speiceas crainn dhúchasaigh’ speiceas crainn a fhaightear laistigh dá raon nádúrtha, san am a caitheadh nó san am i láthair, agus acmhainneacht scaipthe i.e. laistigh den raon ina bhfuil sé áitithe go nádúrtha nó a bhféadfadh sé áitiú ann gan lámh a bheith ag an duine, go díreach nó go hindíreach, ina thabhairt isteach nó ina chúram;
- (15) ciallaíonn ‘aonad riaracháin áitiúil’ nó ‘LAU’ rannán riaracháin íseal-leibhéil Ballstáit, faoi bhun rannán cúige, réigiúin nó stáit, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>43</sup>;

---

<sup>43</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le rangú coiteann d’Aonaid Chríochacha le haghaidh staidrimh (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

- (16) ciallaíonn ‘lárionaid uirbeacha’ agus ‘braislí uirbeacha’ aonaid chríochacha arna n-aicmiú i gcathracha agus i mbailte agus i mbruachbhailte a úsáideann an típeolaíocht ghreillebhunaithe arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 4b(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (17) ciallaíonn ‘cathracha’ LAUnna ina gcónaíonn 50 % ar a laghad den daonra i lárionaid uirbeach amháin nó níos mó, rud a thomhaistear le leibhéal an uirbithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4b(3), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (18) ciallaíonn ‘bailte agus bruachbhailte’ LAUnna ina gcónaíonn níos lú ná 50 % den daonra i lárionad uirbeach, ach ina gcónaíonn 50 % ar a laghad den daonra i gnuasach uirbeach, rud a thomhaistear le leibhéal an uirbithe arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 4b(3), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (19) ciallaíonn ‘limistéir pheirea-uirbeacha’ limistéir atá cóngarach do lárionaid uirbeacha nó do bhraislí uirbeacha, lena n-áirítear gach limistéar laistigh de 1 chiliméadar ar a laghad arna thomhas ó theorainneacha forimeallacha na lárionad uirbeach nó na mbraislí uirbeacha sin, agus atá lonnaithe sa chathair céanna nó sa bhaile céanna agus sna bruachbhailte céanna leis na lárionaid uirbeacha nó na braislí uirbeacha sin;
- (20) ciallaíonn ‘spás glas uirbeach’ limistéar iomlán crann, sceach, tom, fásra luibhigh bhuaín, léicean agus caonach, linnte agus sruthchúrsaí a fhaightear i gcathracha nó i mbailte agus i mbruachbhailtem a ríomhtar ar bhonn sonraí arna soláthar ag Seirbhís Faireacháin ar Thalamh de chuid Copernicus faoi chomhpháirt Copernicus de Chlár Spáis an Aontais, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa, agus, i gcás ina mbíonn fáil orthu maidir leis an mBallstát lena mbaineann, sonraí forlíontacha iomchuí eile a chuireann an Ballstát sin ar fáil;

- (21) ciallaíonn ‘chlúdach téastair crann uirbeach’ limistéar iomlán chlúdach na gcrann sna cathracha agus sna bailte agus sna bruachbhailte, a ríomhtar ar bhonn shonraí dhlús clúdaigh na gcrann a sholáthraíonn Seirbhís Faireacháin ar Thalamh de chuid Copernicus faoi chomhpháirt Copernicus de Chlár Spáis an Aontais, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 agus, i gcás ina mbíonn fáil orthu maidir leis an mBallstát lena mbaineann, sonraí forlíontacha iomchuí eile a chuireann an Ballstát sin ar fáil;
- (22) ciallaíonn ‘abhainn saorchúrsála’ abhainn nó stráice abhann nach gcuireann struchtúir shaorga ar bacainn iad bac ar a nascacht chomhthreomhar, chliathánach agus cheartingearach agus nach ndéantar difear, den chuid is mó, dá feidhmeanna nádúrtha;
- (23) ciallaíonn ‘tailte móna a athfhliuchadh’ an próiseas a bhaineann le hithir mhóna dhraenáilte a athrú ina hithir fhliuch;
- (24) ciallaíonn ‘limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite’ limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9a), de Threoir (AE) 2018/2001.

## Caibidil II

### Spriocanna athchóiriúcháin agus oibleagáidí athchóiriúcháin

#### *Airteagal 4*

#### *Éiceachórais talún, chósta agus fionnuisce a athchóiriú*

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun feabhas a chur ar limistéir na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil dea-bhail orthu go dtí go mbeidh dea-bhail orthu. Cuirfear bearta athchóiriúcháin den sórt sin i bhfeidhm:
  - (a) faoi 2030 ar 30 % ar a laghad de limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15;
  - (b) faoi 2040 ar 60 % ar a laghad, agus faoi 2050, ar 90 % ar a laghad de limistéar gach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15.

Chun críche na míre seo, tabharfaidh na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, go dtí 2030, tosaíocht do bhearta athchóiriúcháin i limistéir atá lonnaithe i láithreáin Natura 2000.

2. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil údar cuí leis chun críocha na míre sin, cineálacha gnáthóige atá an-choitianta agus forleathan lena gcumhdaítear níos mó ná 3 % dá gcríoch Eorpach a eisiamh ón ngrúpa ábhartha de chineálacha gnáthóige.

I gcás ina gcuirfidh Ballstát an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm, cuirfidh an Ballstát bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm:

- (a) faoi 2050 ar limistéar arb ionann é agus 80 % ar a laghad den limistéar nach bhfuil dea-bhail air do gach ceann de na cineálacha gnáthóige sin;
- (b) faoi 2030 ar aon trian ar a laghad den chéatadán dá dtagraítear i bpointe (a); agus
- (c) faoi 2040 ar dhá thrían ar a laghad den chéatadán dá dtagraítear i bpointe (a).

Ní chuirfear an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm ach amháin má áirithítear nach gcuirfidh an céatadán dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fhomhír cosc ar an stádas caomhantais fabhrach le haghaidh gach ceann de na cineálacha gnáthóige sin a bhaint amach nó a choinneáil ar an leibhéal bithgheografach náisiúnta.

- 3. Má chuireann Ballstát an maolú i bhfeidhm de bhun mhír 2, beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), maidir le limistéar iomlán na gcineálacha gnáthóige uile atá fágtha a liostaítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil dea-bhail orthu agus beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), maidir leis na limistéir eile de na grúpaí ábhartha de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I nach bhfuil dea-bhail orthu.
- 4. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a athbhunú i limistéir nach bhfaightear na cineálacha gnáthóige sin, agus é mar aidhm acu an limistéar tagartha fabhrach a bhaint amach le haghaidh na gcineálacha gnáthóige sin. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar limistéir arb ionann iad agus 30 % ar a laghad den dromchla breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach do gach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhaint amach, mar atá cainníochtaithe sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15, faoi 2030, ar limistéir arb ionann iad agus 60 % den dromchla sin ar a laghad faoi 2040, agus ar 100 % den dromchla sin faoi 2050.

5. De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, má mheasann Ballstát nach féidir bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm faoi 2050 atá riachtanach chun go mbainfear amach limistéar tagartha fabhrach le haghaidh cineál sonrath gnáthóige ar 100 % den dromchla, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann céatadán níos ísle a shocrú ar leibhéal idir 90 % agus 100 % ina phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15 agus féadfaidh sé bonn cirt leordhóthanach a sholáthar. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm de réir a chéile atá riachtanach chun an céatadán níos ísle sin a bhaint amach faoi 2050. Faoi 2030, cumhdóidh na bearta athchóiriúcháin sin 30 % ar a laghad den dromchla breise is gá chun an céatadán níos ísle sin a bhaint amach faoi 2050, agus faoi 2040, cumhdóidh siad 60 % ar a laghad den dromchla breise is gá chun an céatadán níos ísle sin a bhaint amach faoi 2050.
6. Má chuireann Ballstát an maolú de bhun mhír 5 i bhfeidhm maidir le cineálacha gnáthóige sonracha, beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 4 maidir leis na cineálacha gnáthóige eile atá mar chuid de na grúpaí de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I lena mbaineann na cineálacha gnáthóige sonracha sin.
7. Cuirfidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na n-éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, sa bhreis ar na bearta athchóiriúcháin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, atá riachtanach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus cainníocht na ngnáthóg sin, lena n-áirítear trína n-athbhunú, agus chun nascacht a fheabhsú, go dtí go mbainfear cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

8. Beidh cinneadh na limistéar is oiriúnaí do bhearta athchóiriúcháin i gcomhréir le míreanna 1, 4 agus 7 den Airteagal seo bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí maidir le bail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a thomhaistear de réir an struchtúir agus na bhfeidhmeanna is gá dá gcothabháil fhadtéarmach, lena n-áirítear a ngnáthspeicis, dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (e), de Threoir 92/43/CEE, agus maidir le cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis arna tuairisciú faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE agus Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, agus i gcás inarb iomchuí, éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 14(16), pointe (c), den Rialachán seo, á cur san áireamh.
9. Áiritheoidh na Ballstáit, faoi 2030 ar a dhéanaí, go mbeifear ar an eolas faoin mbail atá ar 90 % ar a laghad den limistéar arna dháileadh ar gach cineál gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus faoi 2040, go mbeifear ar an eolas faoin mbail atá ar na limistéir uile de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I.
10. Leis na bearta athchóiriúcháin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4, measfar an gá atá le nascacht fheabhsaithe idir na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus cuirfear san áireamh riachtanais éiceolaíocha na speiceas dá dtagraítear i mír 7 a fhaightear sna cineálacha gnáthóige sin.
11. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu a áirithiú sna limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin i gcomhréir le míreanna 1, 4 agus 7, go bhfeicfead feabhas leanúnach ar bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I go dtí go mbainfead dea-bhail amach, agus go bhfeicfead feabhas leanúnach ar cháilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 7, go dtí go mbainfead cáilíocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

Gan dochar do Threoir 92/43/CEE, cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu a áirithiú nach dtiocfaidh meath suntasach ar limistéir inar baineadh dea-bhail amach, agus inar baineadh cáilíocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas amach.

12. Gan dochar do Threoir 92/43/CEE, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall, faoi dháta foilsithe a bpleananna athchóirithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 17(6) den Rialachán seo, na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le meathlú suntasach ar limistéir ina bhfaightear na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar a bhfuil dea-bhail nó a bhfuil gá leo chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach i mír 17 den Airteagal seo a bhaint amach.
13. Maidir le míreanna 11 agus 12 den Airteagal seo, lasmuigh de láithreáin Natura 2000, féadfaidh na Ballstáit, in éagmais roghanna malartacha, na ceanglais maidir le neamh-mheathlú a leagtar amach sna míreanna sin a chur i bhfeidhm ar leibhéal gach réigiúin bhithgheografaigh ina gcríoch maidir le gach cineál gnáthóige agus gach gnáthóg speiceas, ar choinníoll go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra faoin rún atá aige an mhír seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gCoimisiún faoin ... [6 ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus go gcomhlíonann sé na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 15(3), pointe (g), Airteagal 20(1), pointe (j), Airteagal 21(1) agus Airteagal 21(2), pointe (b).
14. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 11 maidir le meathlú de bharr na nithe seo a leanas:
  - (a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;

- (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo;
  - (c) plean nó tionscadal leasa phoiblí sháraithe nach bhfuil réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ar fáil ina leith, a chinnfear ar bhonn cás ar chás; nó
  - (d) gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht tríú tíortha nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann freagrach astu.
15. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 12 maidir le meathlú arb é is cúis leis:
- (a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;
  - (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo;
  - (c) plean nó tionscadal leasa phoiblí sháraithe nach bhfuil teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ina leith; nó
  - (d) gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht tríú tíortha nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann freagrach astu.
16. Laistigh de láithreáin Natura 2000, tá údar le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 11 agus 12, más é is cúis leis:
- (a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;
  - (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo; nó

(c) plean nó tionscadal arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE.

17. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh:

- (a) méadú ar an limistéar a bhfuil dea-bhail air le haghaidh cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I go dtí go mbeidh dea-bhail ar 90 % de ar a laghad agus go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach do gach cineál gnáthóige i ngach réigiún bithgheografach den Bhallstát lena mbaineann;
- (b) treocht mhéadaitheach i dtreo cháilíocht leordhóthanach agus chainníocht leordhóthanach ghnáthóga talún, cósta agus fionnuisce na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE.

#### *Airteagal 5*

#### *Éiceachórais mhuirí a athchóiriú*

- 1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun feabhas a chur ar limistéir na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II nach bhfuil dea-bhail orthu go dtí go mbeadh dea-bhail orthu. Cuirfear bearta athchóiriúcháin den sórt sin i bhfeidhm:
  - (a) faoi 2030, ar 30 % ar a laghad de limistéar iomlán ghrúpaí 1 go 6 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15;

- (b) faoi 2040, ar 60 % ar a laghad agus, faoi 2050, ar 90 % ar a laghad de limistéar gach ceann de ghrúpaí 1 go 6 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15;
- (c) faoi 2040, ar dhá thrian ar a laghad den chéatadán dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo de limistéar ghrúpa 7 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15; agus
- (d) faoi 2050, ar chéatadán, arna shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 14(3), den limistéar i ngrúpa 7 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II agus nach bhfuil dea-bhail air, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15.

Socrófar an céatadán, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (d), den Airteagal seo ionas nach gcuirfear cosc ar dhea-stádas comhshaoil, arna chinneadh de bhun Airteagal 9(1) de Threoir 2008/56/CE, a bhaint amach nó a choinneáil ar bun.

2. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun na cineálacha gnáthóige i ngrúpaí 1 go 6 a liostaítear in Iarscríbhinn II a athbhunú i limistéir nach bhfaightear na cineálacha gnáthóige sin ann, agus é mar aidhm acu an limistéar tagartha fabhrach a bhaint amach le haghaidh na gcineálacha gnáthóige sin. Beidh bearta den sórt sin i bhfeidhm ar limistéir arb ionann iad agus 30 % ar a laghad den dromchla breise is gá chun an limistéar tagartha fabhrach do gach grúpa de chineálacha gnáthóige, mar a chainníochtaítear sa phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15, faoi 2030, ar limistéir arb ionann iad agus 60 % den dromchla sin ar a laghad faoi 2040, agus ar 100 % den dromchla sin faoi 2050.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, má mheasann Ballstát nach féidir bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm faoi 2050 atá riachtanach chun go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach le haghaidh cineál sonracha gnáthóige ar 100 % den dromchla, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann céatadán níos ísle a shocrú ar leibhéal idir 90 % agus 100 % ina phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15 agus féadfaidh sé bonn cirt leordhóthanach a sholáthar. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm de réir a chéile atá riachtanach chun an céatadán níos ísle sin a bhaint amach faoi 2050. Faoi 2030, cumhdóidh na bearta athchóiriúcháin sin 30 % ar a laghad den dromchla breise is gá chun an céatadán níos ísle sin a bhaint amach faoi 2050, agus faoi 2040, cumhdóidh siad, ar a laghad, 60 % den dromchla breise is gá chun céatadán níos ísle den sórt sin a bhaint amach faoi 2050.
4. Má chuireann Ballstát an maolú de bhun mhír 3 i bhfeidhm maidir le cineálacha gnáthóige sonracha, beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 2 maidir leis an dromchla breise is gá atá fágtha chun an limistéar tagartha fabhrach a bhaint amach do gach grúpa de chineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II lena mbaineann na cineálacha gnáthóige sonracha sin.
5. Cuirfidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm maidir le gnáthóga muirí na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo agus in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus maidir le gnáthóga muirí na n-éan fiáin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE, sa bhreis ar na bearta athchóiriúcháin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, atá riachtanach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus cainníocht na ngnáthóg sin, lena n-áirítear trína n-athbhunú, agus chun nascacht a fheabhsú, go dtí go mbainfear cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

6. Beidh cinneadh na limistéar is oiriúnaí do bhearta athchóiriúcháin i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 5 den Airteagal seo bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil agus ar an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí maidir le bail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chinneadh agus maidir le cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, agus úsáid á baint as an bhfianaise arna tuairisciú faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE agus Airteagal 17 de Threoir 2008/56/CE.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeifear ar an eolas faoin mbail atá ar na limistéir seo a leanas:
- (a) faoi 2030, 50 % ar a laghad den limistéar arna dháileadh ar gach cineál gnáthóige i ngrúpa 1 go 6 a liostaítear in Iarscríbhinn II;
  - (b) faoi 2040, gach limistéar de na cineálacha gnáthóige i ngrúpaí 1 go 6 a liostaítear in Iarscríbhinn II;
  - (c) faoi 2040, 50 % ar a laghad den limistéar arna dháileadh ar gach cineál gnáthóige de ghrúpa 7 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II;
  - (d) faoi 2050, gach limistéar de na cineálacha gnáthóige i ngrúpa 7 a liostaítear in Iarscríbhinn II.
8. Leis na bearta athchóiriúcháin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, measfar an gá atá le comhleanúnachas éiceolaíoch fheabhsaithe agus nascacht fheabhsaithe idir na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II agus cuirfear san áireamh riachtanais éiceolaíocha na speiceas dá dtagraítear i mír 5 a fhaightear sna cineálacha gnáthóige sin.

9. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu a áirithiú sna limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 5, go bhfeicfear feabhas leanúnach ar bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II go dtí go mbainfear dea-bhail amach, agus go bhfeicfear feabhas leanúnach ar cháilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear i mír 5, go dtí go mbainfear cáilíocht leordhóthanach na ngnáthóg sin amach.

Gan dochar do Threoir 92/43/CEE, cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu a áirithiú nach dtiocfaidh meath suntasach ar limistéir inar baineadh dea-bhail amach, agus inar baineadh cáilíocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas amach.

10. Gan dochar do Threoir 92/43/CEE, féachfaidh na Ballstáit, faoi dháta foilsithe a bpleananna athchóirithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 17(6) den Rialachán seo, leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar mheathlú suntasach ar limistéir ina bhfaightear na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a bhfuil dea-bhail orthu nó a bhfuil gá leo chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach i mír 14 den Airteagal seo a bhaint amach.

11. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 9 maidir le meathlú arb é is cúis leis:

(a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;

(b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo;

- (c) plean nó tionscadal leasa phoiblí sháraitigh nach bhfuil réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ar fáil ina leith, a chinnfear ar bhonn cás ar chás; nó
  - (d) gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht tríú tíortha nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann freagrach astu.
12. Lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 10 maidir le meathlú arb é is cúis leis:
- (a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;
  - (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo;
  - (c) plean nó tionscadal leasa phoiblí sháraitigh nach bhfuil teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna ina leith; nó
  - (d) gníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht tríú tíortha nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann freagrach astu.
13. Laistigh de láithreáin Natura 2000, tá údar le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 9 agus 10, más é is cúis leis:
- (a) *force majeure*, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha;
  - (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo; nó

(c) plean nó tionscadal arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE.

14. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh:

- (a) méadú ar an limistéar a bhfuil dea-bhail air le haghaidh cineálacha gnáthóige de ghrúpaí 1 go 6 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II go dtí go mbeidh dea-bhail ar 90 % díobh ar a laghad agus go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach do gach cineál gnáthóige i ngach réigiún bithgheografach den Bhallstát lena mbaineann;
- (b) méadú ar an limistéar a bhfuil dea-bhail air le haghaidh cineálacha gnáthóige de ghrúpa 7 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II go dtí go mbeidh dea-bhail ar an gcéatadán ar a laghad dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (d), agus go dtí go mbainfear amach an limistéar tagartha fabhrach do gach cineál gnáthóige i ngach réigiún bithgheografach den Bhallstát lena mbaineann;
- (c) treocht mhéadaitheach i dtreo cháilíocht leordhóthanach agus chainníocht leordhóthanach ghnáthóga muirí na speiceas dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo agus in Iarscríbhinní II, IV agus V a ghabhann le Treoir 92/43/CEE agus na speiceas a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/147/CE.

## *Airteagal 6*

### *Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite*

1. Chun críocha Airteagal 4(14) agus (15) agus Airteagal 5(11) agus (12), measfar gur chun leas sáraitheach an phobail iad pleanáil, tógáil agus oibriú gléasraí le haghaidh táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, nasc na ngléasraí sin leis an eangach agus an eangach ghaolmhar féin, agus sócmhainní stórála. Féadfaidh na Ballstáit iad a dhíolmhú ón gceanglas nach bhfuil teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna faoi Airteagal 4(14) agus (15) agus Airteagal 5(11) agus (12), ar choinníoll:
  - (a) go ndearnadh measúnú straitéiseach comhshaoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>44</sup>; nó
  - (b) go raibh siad faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>45</sup>.

---

<sup>44</sup> Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

<sup>45</sup> Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

2. Féadfaidh na Ballstáit, in imthosca cuí-réasúnaithe agus sonracha, cur i bhfeidhm mhír 1 a shrianadh do chodanna áirithe dá gcríoch, agus do chineálacha áirithe teicneolaíochtaí nó do thionscadail ag a bhfuil saintréithe teicniúla áirithe i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide de bhun Rialachán (AE) 2018/1999.

Má chuireann na Ballstáit srianta i bhfeidhm de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi na srianta sin agus tabharfaidh siad údar leo.

### *Airteagal 7*

#### *Cosaint náisiúnta*

1. Agus bearta athchóiriúcháin á gcur i bhfeidhm acu chun críocha Airteagal 4(1), (4) nó (7) nó Airteagal 5(1), (2) nó (5), féadfaidh na Ballstáit limistéir a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí arb é an t-aon chuspóir amháin atá leo cosaint náisiúnta a dhíolmhú, má mheastar nach bhfuil na bearta sin ag lú le húsáid mhíleata leanúnach na limistéar i dtrácht.
2. Chun críocha Airteagal 4(14) agus (15) agus Airteagal 5(11) agus (12), féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go dtuairim go bhfuil pleananna agus tionscadail, arb é an t-aon chuspóir amháin atá leo cosaint náisiúnta, chun leasa an phobail shárathigh.

Chun críocha Airteagal 4(14) agus (15) agus Airteagal 5(11) agus (12), féadfaidh na Ballstáit na pleananna agus na tionscadail sin arb é an t-aon chuspóir amháin atá leo ná an chosaint náisiúnta a dhíolmhú freisin ón gceanglas nach mbeidh teacht ar réitigh mhalartacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna. Mar sin féin, má chuireann Ballstát an díolúine sin i bhfeidhm, cuirfidh an Ballstát bearta i bhfeidhm, a mhéid is réasúnta agus is indéanta, agus é mar aidhm leo tionchar na bpleananna agus na dtionscadal sin ar chineálacha gnáthóige a mhaolú.

### *Airteagal 8*

#### *Éiceachórais uirbeacha a athchóiriú*

1. Faoin 31 Nollaig 2030, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon ghlanchailiteanas i limistéar náisiúnta iomlán an spáis ghlais uirbigh ná i gclúdach téastair crann uirbeach i limistéir éiceachórais uirbigh, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14(4), i gcomparáid le ... [bliain theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Chun críocha na míre seo, féadfaidh na Ballstáit a eisiáimh ó na limistéir náisiúnta iomlána sin na limistéir éiceachórais uirbigh ina bhfuil sciar an spáis ghlais uirbigh i lárionaid uirbeacha agus i mbraislí uirbeacha níos mó ná 45 % agus inar mó ná 10 % an sciar de chlúdach téastair crann uirbeach.
2. Ón 1 Eanáir 2031, bainfidh na Ballstáit amach treocht mhéadaitheach i limistéar náisiúnta iomlán an spáis ghlais uirbigh, lena n-áirítear trí spás glas uirbeach a chomhtháthú i bhfoirgnimh agus i mbonneagar, i limistéir éiceachórais uirbigh, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14(4), arna thomhas gach 6 bliana ón 1 Eanáir 2031, go dtí go mbainfear amach leibhéal sásúil arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 14(5).

3. Bainfidh na Ballstáit amach, i ngach limistéar éiceachórais uirbigh, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14(4), treocht mhéadaitheach maidir le clúdach téastair crann uirbeach, arna thomhas gach 6 bliana ón 1 Eanáir 2031, go dtí go mbainfear amach leibhéal sásúil arna shocrú i gcomhréir le hAirteagal 14(5).

### *Airteagal 9*

#### *Nascacht nádúrtha aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara a athchóiriú*

1. Déanfaidh na Ballstáit fardal de na bacainní saorga ar nascacht na n-uiscí dromchla, agus sainaitheoidh siad, agus feidhmeanna socheacnamaíocha na mbacainní saorga á gcur san áireamh, agus sainaitheoidh siad na bacainní nach mór a bhaint chun rannchuidiú leis na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo a bhaint amach agus leis an gcuispóir a chomhlíonadh maidir le 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030, gan dochar do Threoir 2000/60/CE, go háirithe Airteagal 4(3), (5) agus (7) di, agus Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>46</sup>, go háirithe Airteagal 15 de.
2. Bainfidh na Ballstáit na bacainní saorga ar nascacht na n-uiscí dromchla a shainithnítear san fhardal arna dhéanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an bplean chun iad a bhaint dá dtagraítear in Airteagal 15(3), pointí (i) agus (n). Agus bacainní saorga á mbaint ag na Ballstáit, tabharfaidh siad aghaidh go príomha ar bhacainní atá imithe i léig, is iad sin bacainní nach bhfuil gá leo a thuilleadh do ghiniúint an fhuinnimh in-athnuaite, loingseoireacht intíre, soláthar uisce, cosaint ar thuilte, nó úsáidí eile.

---

<sup>46</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

3. Comhlánóidh na Ballstáit baint na mbacainní saorga i gcomhréir le mír 2 leis na bearta is gá chun feabhas a chur ar fheidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna gaolmhara.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar nascacht nádúrtha na n-aibhneacha agus feidhmeanna nádúrtha na tuilemhánna gaolmhara arna n-athchóiriú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

### *Airteagal 10*

#### *Daonraí na bpailneoirí a athchóiriú*

1. Trí bhearta iomchuí agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm go tráthúil, déanfaidh na Ballstáit éagsúlacht pailneoirí a fheabhsú, cuirfidh siad an meath ar dhaonraí na bpailneoirí ina cheart faoi 2030 ar a dhéanaí agus bainfidh siad amach ina dhiaidh sin treocht mhéadaitheach maidir le daonraí na bpailneoirí, a thomhaisfear gach 6 bliana ar a laghad ó 2030, go dtí go mbainfear leibhéal shásúla amach, mar a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 14(5).
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodh eolaíochtbhunaithe a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht na bpailneoirí agus ar dhaonraí na pailneoirí. Glacfaidh an Coimisiún an chéad cheann de na gníomhartha tarmligthe sin lena mbunófar an modh sin faoi ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Leis an modh dá dtagraítear i mír 2, soláthrófar cur chuige caighdeánaithe chun sonraí bliantúla a bhailiú maidir le flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí ar fud na n-éiceachóras, agus chun measúnú a dhéanamh ar threochtaí i ndaonra na bpailneoirí agus ar éifeachtacht na mbeart athchóiriúcháin arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.
4. Agus úsáid á baint acu as an modh dá dtagraítear i mír 2, áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh na sonraí faireacháin ó líon leordhóthanach láithreán chun ionadaíochas a áirithiú ar fud a gcríoch. Cuirfidh na Ballstáit eolaíocht na saoránach chun cinn agus sonraí faireacháin á mbailiú i gcás inarb iomchuí agus cuirfidh siad acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun na cúraimí sin a chur i gcrích.
5. Déanfaidh an Coimisiún agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe EEA, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, a ngníomhaíochtaí a bhaineann le pailneoirí a chomhordú agus faisnéis a sholáthar chun tacú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, agus a n-oibleagáidí faoin Airteagal seo á gcomhlíonadh acu. Chuige sin, bunóidh an Coimisiún, inter alia, tascfhórsa tiomnaithe agus scaipfidh sé faisnéis agus saineolas ábhartha ar na Ballstáit ar bhealach comhordaithe.

## *Airteagal 11*

### *Éiceachórais thalmhaíochta a athchóiriú*

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht in éiceachórais thalmhaíochta a fheabhsú, chomh maith leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin faoi Airteagal 4(1), (4) agus (7), agus an t-athrú aeráide, riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha na gceantar tuaithe agus an gá atá le táirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta san Aontas a áirithiú á gcur san áireamh.
2. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu treocht mhéadaitheach ar an leibhéal náisiúnta a bhaint amach i gcás dhá cheann as trí cinn de na táscairí seo a leanas le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta, mar a shonraítear a thuilleadh in Iarscríbhinn IV, a thomhaisfear sa tréimhse ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an 31 Nollaig 2030, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, go dtí go mbainfear amach na leibhéil shásúla arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 14(5):
  - (a) innéacs an fhéileacáin féarthalún;
  - (b) stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha faoi thalamh curaíochta;
  - (c) sciar na talún talmhaíochta ag a bhfuil gnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta.

3. Cuirfidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu a áirithiú go ndéanfaidh innéacs na n-éan coiteann talaimh feirme ar an leibhéal náisiúnta atá bunaithe ar na speicis a shonraítear in Iarscríbhinn V, innéacsaithe an ... [dáta: an chéad lá den mhí tar éis 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] = 100, an t-innéacs sin na leibhéil seo a leanas a bhaint amach:
- (a) i gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn V ina bhfuil daonraí níos ídithe d'éin talaimh feirme go stairiúil: 110 faoi 2030, 120 faoi 2040 agus 130 faoi 2050;
  - (b) i gcás na mBallstát a liostaítear in Iarscríbhinn V ina bhfuil daonraí níos ídithe d'éin talaimh feirme go stairiúil: 105 faoi 2030, 110 faoi 2040 agus 115 faoi 2050.
4. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm a mbeidh sé d'aidhm acu ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta, ar tailte móna draenáilte iad, a athchóiriú. Beidh na bearta sin i bhfeidhm ar an méid seo a leanas ar a laghad:
- (a) 30 % de na limistéir sin faoi 2030, agus a ndéanfar an ceathrú cuid díobh ar a laghad a athfhliuchadh;
  - (b) 40 % de na limistéir sin faoi 2040, agus a ndéanfar an tríú cuid díobh ar a laghad a athfhliuchadh;
  - (c) 50 % de na limistéir sin faoi 2050, agus a ndéanfar an tríú cuid díobh ar a laghad a athfhliuchadh.

Féadfaidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear athfhliuchadh, i limistéir ina mbaintear móin agus na limistéir sin a áireamh mar limistéir lena rannchuidítear leis na spriocanna faoi seach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a bhaint amach.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm chun ithreacha orgánacha a athfhliuchadh arb éard atá iontu tailte móna silte faoi úsáidí talún seachas úsáid talmhaíochta agus baint móna, agus na limistéir athfhliuchta a áireamh mar limistéir lena rannchuidítear, suas le 40 % ar a mhéad, le baint amach na spriocanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c).

Leis na bearta athchóiriúcháin arb é atá iontu talamh móna a athfhliuchadh, lena n-áirítear na leibhéil uisce atá le baint amach, rannchuideofar le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an mbithéagsúlacht a mhéadú, agus imthosca náisiúnta agus áitiúla á gcur san áireamh ag an am céanna.

I gcás ina mbeidh údar cuí leis, féadfaidh Ballstát méid athfhliuchta na dtailte móna faoi úsáid talmhaíochta a laghdú go dtí níos lú ná mar a cheanglaítear faoin gcéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), den mhír seo más dócha go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag an athfhliuchadh sin ar bhonneagar, ar fhoirgnimh, ar oiriúnú don athrú aeráide nó ar leasanna poiblí eile, agus mura féidir athfhliuchadh a dhéanamh ar thalamh eile seachas ar thalamh talmhaíochta. Cinnfear aon laghdú den chineál sin i gcomhréir le hAirteagal 14(8).

Leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit na spriocanna maidir le hathfhliuchadh a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a bhaint amach, ní thugtar le tuiscint go bhfuil oibleagáid ar fheirmeoirí agus ar úinéirí talún príobháideacha a dtalamh a athfhliuchadh, a mbeidh athfhliuchadh ar thalamh talmhaíochta deonach ina leith i gcónaí, gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as an dlí náisiúnta.

Déanfaidh na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, athfhliuchadh a dhreasú chun rogha tharraingteach a dhéanamh as d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talún príobháideacha agus rochtain ar oiliúint agus ar chomhairle a chothú d'fheirmeoirí agus do gheallsealbhóirí eile maidir leis na tairbhí a bhaineann le talamh móna a athfhliuchadh agus maidir leis na roghanna a bhaineann le bainistiú talún ina dhiaidh sin agus le deiseanna gaolmhara.

## *Airteagal 12*

### *Éiceachórais foraoise a athchóiriú*

1. Cuirfidh na Ballstáit na bearta athchóiriúcháin is gá i bhfeidhm chun bithéagsúlacht na n-éiceachóras foraoise a fheabhsú, chomh maith leis na limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin de bhun Airteagal 4(1), (4) agus (7), agus na rioscaí a bhaineann le dóiteáin foraoise á gcur san áireamh ag an am céanna.
2. Bainfidh na Ballstáit treocht mhéadaitheach amach ar an leibhéal náisiúnta maidir le hinnéacs na n-éan coiteann foraoise, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn VI, a thomhaisfear sa tréimhse ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an 31 Nollaig 2030, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, go dtí go mbainfear amach na leibhéil shásúla arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 14(5).
3. Bainfidh na Ballstáit treocht mhéadaitheach amach ar an leibhéal náisiúnta maidir le sé cinn de na seacht gcinn, ar a laghad, de na táscairí seo a leanas le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta, mar a shonraítear tuilleadh in Iarscríbhinn VI, arna roghnú ar bhonn a gcumais chun feabhsú bhithéagsúlacht na n-éiceachóras foraoise laistigh den Bhallstát lena mbaineann a léirí. Déanfar an treocht a thomhas sa tréimhse ón ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí an 31 Nollaig 2030, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, go dtí go mbainfear amach na leibhéil shásúla, mar a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 14(5):
  - (a) adhmaid marbh ina sheasamh;
  - (b) adhmaid marbh ina luí;
  - (c) sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach;

- (d) nascacht foraoisí;
  - (e) stoc an charbóin orgánaigh;
  - (f) an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu;
  - (g) éagsúlacht speiceas crann.
4. Tá údar le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 más é is cúis leis:
- (a) *force majeure* ar mórsála, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, go háirithe falscaithe neamhphleanáilte agus neamhrialaithe; nó
  - (b) athruithe dosheachanta ar an ngnáthóg arb é an t-athrú aeráide is cúis go díreach leo.

### *Airteagal 13*

#### *3 bhilliún crann breise a chur*

1. Agus na bearta athchóiriúcháin á sainiú agus á gcur chun feidhme chun na cuspóirí agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 8 go 12 a chomhlíonadh, beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit rannchuidiú leis an ngealltanas maidir le 3 bhilliún crann breise ar a laghad a chur faoi 2030 ar leibhéal an Aontais.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear amach a rannchuidiú leis an ngealltanas a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail éiceolaíocha, lena n-áirítear trí éagsúlacht speiceas agus éagsúlacht struchtúir aoise a áirithiú, agus tús áite á thabhairt do speicis de chrainn dhúchasacha seachas, i gcásanna an-sonrach agus i ndálaí an-sonrach, speicis neamhdhúchasacha atá curtha in oiriúint don ithir áitiúil, don chomhthéacs aeráide agus éiceolaíoch agus do dhálaí gnáthóige a bhfuil ról acu maidir le hathléimneacht mhéadaithe i gcoinne an athraithe aeráide a chothú. Na bearta chun an gealltanas sin a bhaint amach, beidh sé d'aidhm acu nascacht éiceolaíoch a mhéadú agus beidh siad bunaithe ar fhoraoiní inbhuanaithe, athfhoraoiní agus plandáil crann agus méadú a bheith ag teacht ar an spás glas uirbeach.

## **Caibidil III**

### **Pleananna athchóirithe náisiúnta**

#### *Airteagal 14*

#### *Pleananna athchóirithe náisiúnta a ullmhú*

1. Ullmhóidh gach Ballstát plean athchóirithe náisiúnta agus déanfaidh siad an faireachán agus an taighde ullmhúcháin is gá chun na bearta athchóiriúcháin a shainaitheint atá riachtanach chun na spriocanna athchóiriúcháin agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a bhaint amach agus a chomhlíonadh, agus chun rannchuidiú le cuspóirí agus spriocanna uileghabhálacha an Aontais a leagtar amach in Airteagal 1, agus an fhianaise eolaíoch is déanaí á cur san áireamh.

2. Cainníochtóidh na Ballstáit an limistéar nach mór a athchóiriú chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagal 4 agus 5 a chomhlíonadh, agus bail na gcineálacha gnáthóige dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (4) agus Airteagal 5(1) agus (2) agus cáilíocht agus cainníocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 4(7) agus Airteagal 5(5) atá sna héiceachórais a chumhdaítear le hAirteagal 2 á gcur san áireamh. Bunófar an cainníochtú, inter alia, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) maidir le gach cineál gnáthóige:

- (i) an limistéar gnáthóige iomlán agus léarscáil de dháileadh an limistéir faoi láthair;
- (ii) an limistéar gnáthóige nach bhfuil dea-bhail air;
- (iii) an limistéar tagartha fabhrach, agus na taifid ar dháileadh stairiúil á gcur san áireamh, mar aon leis na hathruithe réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil mar gheall ar an athrú aeráide;
- (iv) na limistéir is oiriúnaí chun cineálacha gnáthóige a athbhunú i bhfianaise na n-athruithe leanúnacha agus réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil mar gheall ar an athrú aeráide;

- (b) cáilíocht leordhóthanach agus cainníocht leordhóthanach ghnáthóga na speiceas is gá chun stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach, agus na limistéir is oiriúnaí d'athbhunú na ngnáthóg sin á gcur san áireamh, chomh maith leis an nascacht is gá eatarthu chun go mbeidh rath ar dhaonraí na speiceas, agus na hathruithe leanúnacha agus réamh-mheasta ar dhálaí comhshaoil mar gheall ar an athrú aeráide, riachtanais na ngnáthóg agus na speiceas, ar riachtanais iad atá in iomaíocht le chéile, agus talamh feirme a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra air a bheith ann.

Chun críche an limistéir de gach cineál gnáthóige is gá a athchóiriú a chainníochtú chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (a), agus in Airteagal 5(1), pointe (a), a chomhlíonadh, ní áireofar sa limistéar gnáthóige nach bhfuil dea-bhail air dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(ii), den mhír seo ach na limistéir sin arb eol an bhail atá ar an gcineál gnáthóige ina leith.

Chun an limistéar de gach cineál gnáthóige is gá a athchóiriú a chainníochtú chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), agus in Airteagal 5(1), pointí (b), (c) agus (d), a chomhlíonadh, ní áireofar sa limistéar gnáthóige nach bhfuil dea-bhail air dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(ii), den mhír seo ach na limistéir sin arb eol an bhail atá ar an gcineál gnáthóige nó a mbeifear ar an eolas faoin mbail atá air ina leith de bhun Airteagal 4(9) agus Airteagal 5(7).

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát an maolú a leagtar síos in Airteagal 4(2) a chur i bhfeidhm, sainithneoidh an Ballstát sin na céatadáin dá dtagraítear san Airteagal sin.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát an maolú a leagtar síos in Airteagal 4(5) agus Airteagal 5(3) a chur i bhfeidhm, sainithneoidh an Ballstát sin na céatadáin níos ísle a roghnaíodh de bhun na nAirteagal sin.

3. Maidir le grúpa 7 de na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn II, socróidh na Ballstáit an céatadán dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d).
4. Déanfaidh na Ballstáit limistéir éiceachórais uirbigh dá dtagraítear in Airteagal 8 a chinneadh agus a mhapáil dá gcathracha agus dá mbailte agus dá mbruachbhailte go léir.

Áireofar an méid seo a leanas i limistéar éiceachórais uirbigh cathrach nó baile agus bruachbhaile:

- (a) an chathair nó an baile agus an bruachbhaile ar fad; nó
- (b) codanna den chathair nó den bhaile agus den bhruachbhaile, lena n-áirítear ar a laghad a lárionaid uirbeacha, a bhraislí uirbeacha agus, má mheasann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil sé iomchuí, a limistéir pheirea-uirbeacha.

Féadfaidh na Ballstáit na limistéir éiceachórais uirbigh in dhá cheann nó níos mó de chathracha cóngaracha, nó in dhá cheann nó níos mó de bhailte agus bruachbhailte cóngaracha, nó an dá cheann, a chomhiomlánú in aon limistéar éiceachórais uirbigh amháin is coiteann do na cathracha, nó na bailte agus na bruachbhailte sin, faoi seach.

5. Faoi 2030, socróidh na Ballstáit, trí phróiseas agus measúnú oscailte éifeachtach a bheidh bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, ar an gcreat treorach dá dtagraítear in Airteagal 20(10) agus, má tá fáil air, ar an gcreat treorach dá dtagraítear in Airteagal 20(11) leibhéil shásúil don mhéid seo a leanas:
  - (a) do dhaonraí na bpailneoirí dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus don táscaire dá dtagraítear in Airteagal 12(2);
  - (b) do gach ceann de na táscairí roghnaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(2);

- (c) do gach ceann de na táscairí roghnaithe dá dtagraítear in Airteagal 12(3);
  - (d) do spás glas uirbeach dá dtagraítear in Airteagal 8(2); agus
  - (e) do chlúdach téastair crann uirbeach dá dtagraítear in Airteagal 8(3).
6. Déanfaidh na Ballstáit na limistéir thalmhaíochta agus foraoise a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu a shainnaint agus a mhapáil, go háirithe na limistéir a bhfuil nascacht fheabhsaithe agus éagsúlacht tírdhreacha de dhíth orthu mar gheall ar ghéarú nó tosca bainistíochta eile.
7. Féadfaidh gach Ballstát, faoin ... [bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], modheolaíocht a fhorbairt chun an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a chomhlánú, chun faireachán a dhéanamh ar ghnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta nach gcumhdaítear faoin modh coiteann dá dtagraítear sa tuairisc ar ghnéithe tírdhreacha ard-bhithéagsúlachta san Iarscríbhinn sin. Cuirfidh an Coimisiún treoir ar fáil maidir leis an gcreat chun modheolaíochtaí den sórt sin a fhorbairt faoin ... [mí amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
8. Cinnfidh na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, a mhéid a laghdófar méid na dtailte móna a dhéanfar a athfhliuchadh faoi úsáid talmhaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 11(4), an cúigiú fomhír.
9. Sainnithneoidh na Ballstáit sineirgí le maolú ar an athrú aeráide, le hoiriúnú don athrú aeráide, le neodracht ó thaobh díghrádú talún agus le cosc tubaistí, agus cuirfidh siad bearta athchóiriúcháin in ord tosaíochta dá réir. Cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh freisin:
- (a) a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999;

- (b) a straitéis fhadtéarmach dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2018/1999;
  - (c) sprioc fhoriomlán cheangailteach an Aontais le haghaidh 2030 a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001.
10. Sainaitheoidh na Ballstáit sineirgí le talmhaíocht agus foraoiseacht. Sainaitheoidh siad freisin cleachtais thalmhaíochta agus foraoiseachta atá ann cheana, lena n-áirítear idirghabhálacha CBT, lena rannchuidítear le cuspóirí an Rialacháin seo.
  11. Ní fhágfaidh cur chun feidhme an Rialacháin seo go mbeidh oibleagáid ar na Ballstáit aon chistiú faoi CBT, faoi CBI nó faoi chláir agus ionstraimí cistiúcháin talmhaíochta agus iascaigh eile faoi CAI 2021-2027 a athchlárú.
  12. Féadfaidh na Ballstáit úsáid scéimeanna tacaíochta príobháideacha nó poiblí a chur chun cinn chun tairbhe na ngeallsealbhóirí a chuireann na bearta athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12 chun feidhme, lena n-áirítear bainisteoirí agus úinéirí talún, feirmeoirí, foraoiseoirí agus iascairí.

13. Comhordóidh na Ballstáit forbairt na bpleananna athchóirithe náisiúnta agus mapáil na limistéar is gá chun ar a laghad a rannchuidiú náisiúnta i dtreo sprioc 2030 don fhuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh agus, i gcás inarb ábhartha, na limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus na limistéir bhonneagair thiomnaithe a ainmniú. Agus na pleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú, áiritheoidh na Ballstáit sineirgí le méadú an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite agus fuinnimh agus le haon limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite agus limistéir bhonneagair thiomnaithe atá ainmnithe cheana agus áiritheoidh siad nach dtiocfaidh aon athrú ar fheidhmiú na limistéir sin, lena n-áirítear na nósanna imeachta deonaithe ceadanna is infheidhme sna limistéir sin dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2018/2001, chomh maith le feidhmiú na dtionscadal eangaí is gá chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais agus sa nós imeachta deonaithe ceadaithe faoi seach.
14. Agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú ag na Ballstáit, cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh go háirithe:
- (a) na bearta athchóiriúcháin arna mbunú le haghaidh láithreáin Natura 2000 i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;
  - (b) creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;
  - (c) bearta chun dea-stádas cainníochtúil, éiceolaíoch agus ceimiceach a bhaint amach do dhobharlaigh a áirítear i gcláir beart agus i bpleananna bainistithe abhantracha arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE agus pleananna bainistithe riosca tuilte arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>47</sup>;
  - (d) i gcás inarb infheidhme, straitéisí muirí chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach do réigiúin mhuirí uile an Aontais arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE;
  - (e) cláir náisiúnta maidir le truailliú aeir a rialú arna n-ullmhú faoi Threoir (AE) 2016/2284;

---

<sup>47</sup> Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú baoil tuilte (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

- (f) straitéisí náisiúnta bithéagsúlachta agus pleananna gníomhaíochta a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht;
  - (g) i gcás inarb infheidhme, bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh faoi CBI;
  - (h) pleananna straitéiseacha CBT arna dtarraingt suas i gcomhréir le Rialachán(AE) 2021/2115;
- 15 Agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú ag na Ballstáit, cuirfidh siad san áireamh freisin tionscadail amhábhair straitéiseach criticiúil i gcás ina n-aithnítear iad faoi dhlí an Aontais.
16. Agus a bpleananna athchóirithe náisiúnta á n-ullmhú acu, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
- (a) féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na samplaí éagsúla de na bearta athchóiriúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn VII, de réir dálaí sonracha náisiúnta agus áitiúla, agus de réir na fianaise eolaíche is déanaí;
  - (b) beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit feidhmeanna éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta na n-éiceachóras a bharrfheabhsú chomh maith lena rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe na réigiún ábhartha agus na bpobal ábhartha;

- (c) féadfaidh na Ballstáit éagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla a bhaineann le riachtanais shóisialta, eacnamaíocha agus chultúrtha, saintréithe réigiúnacha agus áitiúla agus dlús daonra a chur san áireamh; i gcás inarb iomchuí, ba cheart cás sonrach na réigiún is forimeallaí san Aontas, amhail a n-iargúlacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach, chomh maith lena mbithéagsúlacht shaibhir agus na costais ghaolmhara a bhaineann lena n-éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, a chur san áireamh.
17. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inar féidir, sineirgí a chothú le pleananna athchóirithe náisiúnta Ballstát eile, go háirithe le haghaidh éiceachórais a théann thar theorainneacha nó i gcás ina roinneann na Ballstáit réigiún muirí nó fo-réigiún muirí de réir bhrí Threoir 2008/56/CE.
18. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil sé praiticiúil agus iomchuí, chun críche pleananna athchóirithe náisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme, i ndáil le héiceachórais mhuirí a athchóiriú agus a athbhunú, leas a bhaint as struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha atá ann cheana.
19. I gcás ina sainaitníonn na Ballstáit saincheist ar dócha go gcuirfear cosc ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le héiceachórais mhuirí a athchóiriú agus a athbhunú, agus lena n-éilítear bearta nach bhfuil siad inniúil ina leith, tabharfaidh siad aghaidh, ina n-aonar nó go comhpháirteach, i gcás inarb ábhartha, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún nó ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, soláthróidh siad tuairisc dóibh ar an tsaincheist shainaitheanta agus ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhonn iad a bhreithniú agus féachaint an bhféadfaí iad a ghlacadh.

20. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an plean athchóiriúcháin a ullmhú ar bhealach oscailte, trédhearcach, cuimsitheach agus éifeachtach agus go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal, lena n-áirítear na geallsealbhóirí ábhartha uile, páirt a ghlacadh in ullmhú an phlean. Leis na comhairliúcháin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2001/42/CE.

### *Airteagal 15*

#### *Ábhar an phlean athchóirithe náisiúnta*

1. Leis an bplean athchóirithe náisiúnta, cumhdófar an tréimhse suas le 2050, agus beidh sprioc-amanna idirmheánacha ann lena gcomhfhreagraítear do na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13.
2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir leis an bplean athchóirithe náisiúnta atá le tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 agus le hAirteagal 17(6), maidir leis an tréimhse tar éis an 1 Iúil 2032, agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú air i gcomhréir le hAirteagal 19(1), féadfar é a theorannú d'fhorléargas straitéiseach ar na nithe seo a leanas:
  - (a) na gnéithe dá dtagraítear i mír 3; agus
  - (b) na hábhair dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5.

Maidir leis an bplean athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe a eascraíonn as an athbhreithniú atá le déanamh faoin 30 Meitheamh 2032 i gcomhréir le hAirteagal 19(1), maidir leis an tréimhse ón 1 Iúil 2042, agus go dtí go ndéanfar athbhreithniú air faoin 30 Meitheamh 2042 i gcomhréir le hAirteagal 19(1), féadfar é a theorannú d'fhorléargas straitéiseach ar na gnéithe agus ar an ábhar dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

3. Cuirfidh gach Ballstát na gnéithe seo a leanas ar áireamh sa phlean athchóirithe náisiúnta, agus an fhormaid aonfhoirmeach a bhunaítear i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo á húsáid acu:
- (a) cainníochtú na limistéar atá le hathchóiriú chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagail 4 go 12 a chomhlíonadh bunaithe ar an obair ullmhúcháin a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 14 agus léarscáileanna táscacha de na limistéir fhéideartha atá le hathchóiriú;
  - (b) má chuireann Ballstát an maolú a leagtar síos in Airteagail 4(5) nó 5(3) i bhfeidhm, údar maidir leis na cúiseanna nach féidir bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm faoi 2050, ar bearta iad atá riachtanach chun an limistéar tagartha fabhrach de chineál gnáthóige sonracha a bhaint amach agus údar leis an gcéatadán níos ísle a shocraítear de bhun na nAirteagal sin, arna shainaithint ag an mBallstát sin;
  - (c) tuairisc ar na bearta athchóiriúcháin atá beartaithe, nó curtha i bhfeidhm, chun na spriocanna athchóiriúcháin a bhaint amach agus na hoibleagáidí a chomhlíonadh, ar spriocanna agus oibleagáidí iad a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 den Rialachán seo, agus sonraíocht maidir le cé acu de na bearta athchóiriúcháin sin atá beartaithe, nó curtha i bhfeidhm, laistigh de líonra Natura 2000 arna bhunú i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE;
  - (d) roinn thiomnaithe ina leagtar amach na bearta chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4(9) agus Airteagal 5(7) a bhaint amach;

- (e) má chuireann Ballstát an maolú a leagtar síos in Airteagal 4(2) den Rialachán seo i bhfeidhm, údar leis an gcaoi nach gcuireann na céatadáin arna socrú i gcomhréir leis an Airteagal sin cosc ar an stádas caomhantais fabhrach le haghaidh na gcineálacha gnáthóige ábhartha, arna gcinneadh de bhun Airteagal 1, pointe (e), de Threoir 92/43/CEE, a bhaint amach nó a choinneáil ar an leibhéal bithgheografach náisiúnta;
- (f) léiriú ar na bearta agus é mar aidhm leo a áirithiú nach dtiocfaidh meathlú ar na limistéir a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I agus II sna limistéir ina bhfuil dea-bhail bainte amach agus nach dtiocfaidh meathlú suntasach ar ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 4(7) agus Airteagal 5(5) sna limistéir ina bhfuil cáilíocht leordhóthanach ar ghnáthóga na speiceas bainte amach, i gcomhréir le hAirteagal 4(11) agus le hAirteagal 5(9);
- (g) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear Airteagal 4(13) i bhfeidhm ina chríoch, lena n-áirítear:
  - (i) míniú ar chóras na mbeart cúitimh atá le déanamh i gcás gach meathlaithe shuntasáigh, chomh maith le míniú ar an bhfáireachán agus tuairisciú is gá a dhéanamh ar mheathlú suntasach chineálacha gnáthóige agus ghnáthóga na speiceas agus ar na bearta cúitimh a dhéanfar;
  - (ii) míniú ar an gcaoi a n-áiritheofar nach ndéanfaidh cur chun feidhme Airteagal 4(13) difear do bhaint amach na spriocanna ná do chomhlíonadh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagail 1, 4 agus 5;

- (h) tásca maidir leis na bearta agus é mar aidhm leo na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a choinneáil i ndea-bhail i limistéir ina bhfaightear iad agus nach dtiocfaidh meathlú suntasach ar na limistéir eile a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, i gcomhréir le hAirteagal 4(12) agus le hAirteagal 5(10);
- (i) fardal na mbacainní agus na bacainní a shainaithnítear chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 9(1), an plean chun iad a bhaint i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus fad na n-aibhneacha saorchúrsála atá le baint amach trí na bacainní sin a bhaint a mheastar ó 2020 go 2030 agus faoi 2050, agus aon bheart eile chun feidhmeanna nádúrtha na dtuilemhánna a athbhunú i gcomhréir le hAirteagal 9(3);
- (j) cuntas ar na táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 11(2), agus ar a n-oiriúnacht chun feabhsú na bithéagsúlachta in éiceachórais thalmhaíochta laistigh den Bhallstát lena mbaineann a léiriú;
- (k) údar, i gcás inarb infheidhme, le talamh móna a athfhliuchadh ar leibhéal níos ísle ná mar a leagtar amach in Airteagal 11(4), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c);
- (l) cuntas ar na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 12(3), agus ar a n-oiriúnacht chun feabhsú na bithéagsúlachta in éiceachórais foraoise laistigh den Bhallstát lena mbaineann a léiriú;
- (m) tuairisc ar an rannchuidiú leis an ngealltanas dá dtagraítear in Airteagal 13;
- (n) an creat ama maidir leis na bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 12;

- (o) roinn thiomnaithe ina leagtar amach bearta athchóiriúcháin saincheaptha sna réigiúin is forimeallaí, de réir mar is infheidhme;
- (p) an faireachán ar na limistéir atá faoi réir athchóiriú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5, an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart athchóiriúcháin a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 12 agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin nuair is gá chun a áirithiú go mbainfear amach agus go gcomhlíonfar, faoi seach, na spriocanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13;
- (q) léiriú ar na forálacha maidir le héifeachtaí leanúnacha, fadtéarmacha agus marthanacha na mbeart athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12 a áirithiú;
- (r) na comhthairbhí a mheastar a bheidh ann maidir le maolú ar an athrú aeráide agus neodracht ó thaobh díghrádú talún de a bhaineann leis na bearta athchóiriúcháin le himeacht ama;
- (s) na tionchair shocheacnamaíocha intuartha agus na sochair mheasta a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12;
- (t) roinn thiomnaithe ina leagtar amach an chaoi a meastar na nithe seo a leanas sa phlean athchóirithe náisiúnta:
  - (i) ábharthacht na gcásanna athraithe aeráide do phleanáil chineál agus shuíomh na mbeart athchóiriúcháin;
  - (ii) acmhainneacht beart athchóiriúcháin chun tionchair an athraithe aeráide ar an dúlra a íoslaghdú, chun éifeachtaí tubaistí nádúrtha a chosc nó a mhaolú agus chun tacú le hoiriúnú;

- (iii) sineirgí le straitéisí nó le pleananna náisiúnta um oiriúnú agus tuarascálacha náisiúnta maidir le measúnú riosca tubaistí;
- (iv) forléargas ar an idirghníomhú idir na bearta atá sa phlean athchóirithe náisiúnta agus sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide;
- (u) na riachtanais mhaoiniúcháin mheasta le haghaidh chur chun feidhme na mbeart athchóiriúcháin, lena n-áireofar tuairisc ar an tacaíocht do na geallsealbhóirí a ndéanann na bearta athchóiriúcháin nó oibleagáidí nua eile a eascraíonn as an Rialachán seo difear dóibh, agus an modh maoinithe atá beartaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear maoiniú nó cómhaoiniú le hionstraimí cistiúcháin an Aontais;
- (v) léiriú ar na fóirdheontais a dhéanann difear diúltach do bhaint amach na spriocanna agus do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo;
- (w) achoimre ar an bpróiseas chun an plean athchóirithe náisiúnta a ullmhú agus a bhunú, lena n-áirítear faisnéis maidir le rannpháirtíocht an phobail agus maidir leis an gcaoi ar breithníodh riachtanais na bpobal áitiúil agus na ngeallsealbhóirí;
- (x) roinn thiomnaithe ina léirítear an chaoi ar cuireadh barúlacha ón gCoimisiún maidir leis an dréachtphlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 17(4) san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 17(5); mura dtugann an Ballstát lena mbaineann aghaidh ar bharúil ón gCoimisiún nó ar chuid shubstantiúil de, soláthróidh an Ballstát sin a chúiseanna.

4. Áireofar sa phlean athchóirithe náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, na bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá beartaithe ag an mBallstát a ghlacadh faoi CBI, lena n-áirítear bearta caomhnaithe i moltaí comhphárteacha a bhfuil sé beartaithe ag Ballstát iad a thionscnamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán seo, agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis na bearta sin.
5. Áireofar sa phlean athchóirithe náisiúnta forléargas ar an idirghníomhú idir na bearta a áirítear sa phlean athchóirithe náisiúnta agus an plean straitéiseach náisiúnta faoi CBT.
6. I gcás inarb iomchuí, áireofar sa phlean athchóirithe náisiúnta forléargas ar bhreithnithe a bhaineann le héagsúlacht na staideanna i réigiúin éagsúla dá dtagraítear in Airteagal 14(16), pointe (c).
7. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, formáid aonfhoirmeach le haghaidh an phlean athchóirithe náisiúnta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2). Tabharfaidh an EEA cúnaimh don Choimisiún agus an fhormaid aonfhoirmeach á tarraingt suas. Faoin ... [dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún na dréachtghníomhartha cur chun feidhme faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 24(1).

### *Airteagal 16*

#### *Tíolacadh an dréachtphlean athchóirithe náisiúnta*

Cuirfidh gach Ballstát dréacht den phlean athchóirithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15 faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [an chéad lá den mhí tar éis 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

### *Airteagal 17*

#### *Measúnú ar an bplean athchóirithe náisiúnta*

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an dréachtphlean athchóirithe náisiúnta laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar é. Nuair a bheidh an measúnú sin á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an mBallstát.
2. Agus measúnú á dhéanamh ar an dréachtphlean athchóirithe náisiúnta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an méid seo a leanas:
  - (a) comhlíonadh an phlean maidir le hAirteagal 15;
  - (b) leordhóthanacht an phlean maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a chomhlíonadh;
  - (c) rannchuidiú an phlean le hoibleagáidí agus spriocanna uileghabhálacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 9(1) chun 25 000 km ar a laghad d'aibhneacha a athchóiriú ina n-aibhneacha saorchúrsála san Aontas faoi 2030 agus an gealltanais faoi Airteagal 13 maidir le 3 bhiliún crann breise a chur san Aontas faoi 2030.

3. Chun críche an mheasúnaithe ar na dréachtphlean athchóirithe náisiúnta, tabharfaidh saineolaithe nó EEA cúnamh don Choimisiún.
4. Féadfaidh an Coimisiún a bharúlacha maidir leis an ndr éachtphlean athchóirithe náisiúnta a chur faoi bhráid an Bhallstáit laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar an dréachtphlean athchóirithe náisiúnta.
5. Tabharfaidh an Ballstát aird ar aon bharúil ón gCoimisiún ina phlean athchóirithe náisiúnta críochnaitheach.
6. Cuirfidh an Ballstát an plean athchóirithe náisiúnta i gcrích, foilseoidh siad é agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiún é laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar barúlacha ón gCoimisiún.

#### *Airteagal 18*

##### *Bearta athchóiriúcháin a chomhordú in éiceachórais mhuirí*

1. Na Ballstáit sin a n-áirítear ina bpleananna athchóirithe náisiúnta bearta caomhnaithe atá le glacadh faoi chuimsiú CBI, bainfidh siad leas iomlán as na huirlisí a chuirtear ar fáil ann.

2. I gcás ina n-áirítear sna pleananna athchóirithe náisiúnta bearta lena gceanglaítear moladh comhpháirteach a thíolacadh tríd an nós imeachta um réigiúnú faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, déanfaidh na Ballstáit a ullmhaíonn na pleananna athchóirithe náisiúnta sin, i bhfianaise na spriocdhátaí dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Rialachán seo, comhairliúcháin a thionscnamh ar bhealach tráthúil le Ballstáit eile a bhfuil leas díreach bainistíochta acu a ndéanann na bearta sin difear dóibh agus leis na Comhairlí Comhairleacha ábhartha faoi Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun comhaontú tráthúil maidir le haon mholtaí comhpháirteacha agus a dtíolacadh a chumasú. Chun na críche sin, áireoidh siad freisin sa phlean athchóirithe náisiúnta uainiú measta an chomhairliúcháin agus tíolacadh na moltaí comhpháirteacha.
3. Déanfaidh an Coimisiún dul chun cinn a éascú agus faireachán a dhéanamh air maidir le moltaí comhpháirteacha a thíolacadh faoi CBI. Tíolacfaidh na Ballstáit na moltaí comhpháirteacha maidir leis na bearta caomhnaithe is gá chun rannchuidiú leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 5 a bhaint amach 18 mí ar a dhéanaí roimh an sprioc-am faoi seach.
4. In éagmais moltaí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo roimh an sprioc-am faoi seach dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, maidir le bearta caomhnaithe atá riachtanach chun na hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún lánúsáid a bhaint as na huirlisí dá bhforáiltear in Airteagal 11(4) den Rialachán sin de réir mar is iomchuí agus i gcás inarb iomchuí faoi na coinníollacha a leagtar amach ann.

## *Airteagal 19*

### *Athbhreithniú ar an bplean athchóirithe náisiúnta*

1. Déanfaidh gach Ballstát athbhreithniú agus athchóiriú ar a phlean athchóirithe náisiúnta, agus cuirfidh siad bearta forlíontacha san áireamh, faoin 30 Meitheamh 2032 agus ina dhiaidh sin faoin 30 Meitheamh 2042. Uair amháin gach 10 mbliana ar a laghad ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát athbhreithniú ar a phlean athchóirithe náisiúnta agus, más gá, cuirfidh siad bearta forlíontacha san áireamh ann.

Déanfar na hathbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15, agus an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na bpleananna, an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil chomh maith leis an eolas atá ar fáil ar athruithe nó ar athruithe a bhfuiltear ag dréim leo i ndálaí comhshaoil i ngeall ar an athrú aeráide á gcur san áireamh. Sna hathbhreithnithe a dhéanfar faoin 30 Meitheamh 2032 agus faoin 30 Meitheamh 2042, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an t-eolas faoi bhail na gcineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 4(9) agus Airteagal 5(7). Foilseoidh gach Ballstát a phleananna athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe agus cuirfidh siad na pleananna sin faoi bhráid an Choimisiúin.

2. I gcás ina léirítear le faireachán a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 20 ní bheidh na bearta a leagtar amach sa phlean athchóirithe náisiúnta leordhóthanach chun na spriocanna athchóiriúcháin a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an bplean athchóirithe náisiúnta, agus, más gá, déanfaidh siad athbhreithniú air agus cuirfidh siad bearta forlíontacha san áireamh ann. Foilseoidh na Ballstáit a bpleananna athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe agus cuirfidh siad an plean sin faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus (2) agus ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 21(4) agus (5), má mheasann an Coimisiún nach leor an dul chun cinn atá déanta ag Ballstát chun na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann dréachtphlean athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe atá athbhreithnithe agus a bhfuil bearta forlíontacha leis a chur faoina bhráid. Foilseoidh an Ballstát an plan athchóirithe náisiúnta athbhreithnithe sin a bhfuil bearta forlíontacha leis agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin é laistigh de 6 mhí ón dáta a gheofar an iarraidh ón gCoimisiún. Arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann agus i gcás ina mbeidh údar cúil leis, féadfaidh an Coimisiún síneadh 6 mhí bhreise a chur leis an sprioc-am sin.

## **Caibidil IV**

### **Faireachán agus tuairisciú**

#### *Airteagal 20*

#### *Faireachán*

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar an méid seo a leanas:
- (a) an bhail agus an treocht i mbail atá ar na cineálacha gnáthóige agus an cháilíocht agus an treocht i gcáilíocht ghnáthóga na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 sna limistéir atá faoi réir bearta athchóiriúcháin ar bhonn an fhaireacháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3), pointe (p);

- (b) limistéar an spáis ghlais uirbigh agus chlúdach téastair na gcrann uirbigh laistigh de limistéir éiceachórais uirbeacha, dá dtagraítear in Airteagal 8 agus arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14(4);
- (c) dhá cheann ar a laghad de na táscairí bithéagsúlachta le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta arna roghnú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 11(2);
- (d) daonraí speiceas an éin talaimh feirme choitinn a liostaítear in Iarscríbhinn V;
- (e) an táscaire bithéagsúlachta le haghaidh éiceachórais foraoise dá dtagraítear in Airteagal 12(2);
- (f) sé cinn ar a laghad de na táscairí bithéagsúlachta le haghaidh éiceachórais foraoise arna roghnú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 12(3);
- (g) flúirse agus éagsúlacht speiceas pailneoirí, de réir an mhodha arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 10(2);
- (h) an limistéar agus bail na limistéar a chumhdaítear leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II;
- (i) limistéar agus cáilíocht ghnáthóg na speiceas dá dtagraítear in Airteagail 4(7), agus 5(5);

- (j) fairsinge agus suíomh na limistéar ina bhfuil meathlú suntasach tagtha ar chineálacha gnáthóige agus ar ghnáthóga na speiceas agus na limistéar atá faoi réir bearta cúitimh arna ndéanamh faoi Airteagal 4(13), chomh maith le héifeachtacht na mbeart cúitimh chun a áirithiú nach mbeidh aon mheathlú ar chineálacha gnáthóige ná ar ghnáthóga na speiceas suntasach ar leibhéal gach réigiúin bhithgheografaigh ina gcrióch agus chun a áirithiú nach gcuirfear baint amach na spriocanna ná comhlíonadh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagail 1, 4 agus 5 i mbaol.
2. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (a), a luaithe a chuirfear na bearta athchóiriúcháin i bhfeidhm.
  3. An faireachán i gcomhréir le mír 1, pointí (b), (c), (d), (e) agus (f), cuirfear tús leis an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
  4. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (g), den Airteagal seo bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 10(2).
  5. Cuirfear tús leis an bhfaireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (j), den Airteagal seo a luaithe a chuirfear an fógra dá dtagraítear in Airteagal 4(13) faoi bhráid an Choimisiúin.

6. Déanfar an faireachán i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (b), gach 6 bliana ar a laghad. Déanfar an faireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (c), i gcás inarb infheidhme, maidir le stoc an charbóin orgánaigh in ithreacha mianracha talún curaíochta agus an sciar den talamh talmhaíochta a bhfuil gnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta acu, agus mír 1, pointe (f), i gcás inarb infheidhme, maidir leis an adhmaid marbh ina sheasamh, an t-adhmaid marbh atá ina luí, sciar na bhforaoisí a bhfuil struchtúr míchothrom acu, nascacht na bhforaoisí, an stoc carbóin orgánaigh, an sciar d'fhoraoisí arb iad speicis na gcrann dúchasach is mó atá iontu agus éagsúlacht na speiceas crann, ar a laghad gach 6 bliana, nó, i gcás inar gá chun meastóireacht a dhéanamh ar threochtaí méadaitheacha go dtí 2030, laistigh d'eatramh níos giorra. An faireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (c), maidir le, i gcás inarb iomchuí, hinnéacs an fhéileacáin féarthalún, mír 1, pointe (d), maidir leis an innéacs coiteann éan talaimh feirme agus mír 1, pointe (e) maidir le hinnéacs na n-éan coiteann foraoise, agus mír 1, pointe (g) maidir le speicis pailneoirí, déanfar gach bliain é. Déanfar an faireachán i gcomhréir le mír 1, pointí (h) agus (i), gach 6 bliana ar a laghad agus déanfar é a chomhordú leis an timthriall tuairiscithe faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE agus leis an measúnú tosaigh faoi Airteagal 17 de Threoir 2008/56/CE. Déanfar an faireachán i gcomhréir le mír 1, pointe (j) agus gach 3 bliana.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán ar na táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(2), pointe (b), agus na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise dá dtagraítear in Airteagal 12(3), pointí (a), (b) agus (e), den Rialachán seo, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an bhfaireachán a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/1999.

8. Poibleoidh na Ballstáit na sonraí a ghintear leis an bhfaireachán a dhéantar faoin Airteagal seo, i gcomhréir le Treoir 2007/2/CE agus i gcomhréir leis na minicíochtaí faireacháin a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo.
9. Oibreoidh córais faireacháin na mBallstát ar bhonn bunachar sonraí leictreonach agus córas faisnéise geografai, agus déanfar uasmhéadú ar an rochtain ar shonraí agus ar sheirbhísí ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí in situ, nó sonraí eolaíochta na saoránach agus ar an úsáid a bhaintear as na sonraí agus na seirbhísí sin, agus bainfear leas as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an intleacht shaorga, ard-anailísiú sonraí agus ardphróiseáil sonraí.
10. Faoin 31 Nollaig 2028, bunóidh an Coimisiún creat treorach chun na leibhéil shásúla dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus (3), Airteagal 10(1) agus Airteagal 11(2), a shocrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.
11. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:
  - (a) na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a shonrú;
  - (b) na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise a liostaítear in Iarscríbhinn VI a shonrú;
  - (c) creat treorach a bhunú chun na leibhéil shásúla dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus (3) a shocrú.
12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna (10) agus (11) den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2).

## *Airteagal 21*

### *Tuairisciú*

1. Faoi 30 Meitheamh 2028 agus ar a laghad gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún go leictreonach na sonraí seo a leanas:
  - (a) an limistéar atá faoi réir na mbearta athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 go 12;
  - (b) fairsinge na limistéar ina bhfuil meathlú suntasach tagtha ar chineálacha gnáthóige agus ar ghnáthóga speiceas agus suíomh na limistéar atá faoi réir bearta cúitimh arna ndéanamh faoi Airteagal 4(13);
  - (c) na bacainní dá dtagraítear in Airteagal 9 a baineadh; agus
  - (d) a rannchuidiú leis an ngealltanais dá dtagraítear in Airteagal 13.
  
2. Faoi 30 Meitheamh 2031, le haghaidh na tréimhse suas go dtí 2030, agus gach 6 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún go leictreonach na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas, le cúnaimh ó EEA:
  - (a) an dul chun cinn a dhéantar i dtaca leis an bplean athchóirithe náisiúnta a chur chun feidhme, na bearta athchóiriúcháin a chur i bhfeidhm agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 4 go 13 a chomhlíonadh;

- (b) faisnéis faoi na nithe seo a leanas:
  - (i) suíomh na limistéar ina bhfuil meathlú suntasach tagtha ar chineálacha gnáthóige nó ar ghnáthóga speiceas agus suíomh na limistéar atá faoi réir bearta cúitimh arna ndéanamh faoi Airteagal 4(13);
  - (ii) tuairisc ar éifeachtacht na mbeart cúitimh arna ndéanamh faoi Airteagal 4(13) chun a áirithiú nach mbeidh aon mheathlú suntasach ar chineálacha gnáthóige ná ar ghnáthóga speiceas ar leibhéal gach réigiúin bhithgheografaigh ina gcríoch;
  - (iii) tuairisc ar éifeachtacht na mbeart cúitimh arna ndéanamh faoi Airteagal 4(13) chun a áirithiú nach gcuirfear baint amach na spriocanna ná comhlíonadh na gcuispóirí a leagtar amach in Airteagail 1, 4 agus 5 i mbaol.
- (c) torthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20, lena n-áirítear, i gcás thorthaí an fhaireacháin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointí (h) agus (i), léarscáileanna ina bhfuil tagairtí geografacha;
- (d) suíomh agus fairsinge na limistéar atá faoi réir na mbeart athchóiriúcháin dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5, agus Airteagal 11(4), lena n-áirítear léarscáileanna de na limistéir dá bhfuil tagairtí geografacha;
- (e) fardal nuashonraithe na mbacainní dá dtagraítear in Airteagal 9(1);

- (f) faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo riachtanais mhaoiniúcháin a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 15(3), pointe (u), lena n-áirítear athbhreithniú ar infheistíocht iarbhrí i gcomparáid le toimhdí infheistíochta tosaigh.
3. Bunóidh an Coimisiún an fhormaid, an struchtúr agus na socrúithe mionsonraithe chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur i láthair trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2). Agus an fhormaid, an struchtúr agus na socrúithe mionsonraithe le haghaidh an tuairiscithe leictreonaigh á ndruchtú aige, tabharfaidh EEA cúnaimh don Choimisiún
4. Faoin 31 Nollaig 2028 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tabharfaidh EEA forléargas teicniúil don Choimisiún ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus le hAirteagal 20(8).
5. Faoin 30 Meitheamh 2032 agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, tabharfaidh EEA tuarascáil theicniúil uile-Aontais don Choimisiún ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, ar bhonn na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo. Féadfaidh an EEA freisin úsáid a bhaint as faisnéis arna tuairisciú faoi Airteagal 17 de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 15 de Threoir 2000/60/CE, Airteagal 12 de Threoir 2009/147/CE, agus Airteagal 17 de Threoir 2008/56/CE.

6. Ón ... [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.
7. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina mbeidh an méid seo a leanas:
  - (a) forléargas ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais chun críche an Rialacháin seo a chur chun feidhme;
  - (b) measúnú ar na riachtanais chistiúcháin chun Airteagail 4 go 13 a chur chun feidhme, agus chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1(2) a bhaint amach;
  - (c) anailís chun aon bhearnaí cistiúcháin i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a shainaithint;
  - (d) i gcás inarb iomchuí, tograí le haghaidh bearta leordhóthanacha, lena n-áirítear bearta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaitníodh, amhail cistiú tiomnaithe a bhunú, agus gan dochar do shainchumais na gcomhreachtóirí le haghaidh ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027.
8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo leordhóthanach agus cothrom le dáta agus go mbeidh sí ar fáil don phobal i gcomhréir le Treoracha 2003/4/CE, 2007/2/CE agus (AE) 2019/1024.

## Caibidil V

### Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme

#### *Airteagal 22*

#### *Leasuithe ar na hIarscríbhinní*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn I a leasú tríd an mbealach a ndéantar na cineálacha gnáthóige a ghrúpáil a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus chun an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn II a leasú tríd an méid seo a leanas a oiriúnú:
  - (a) liosta na gcineálacha gnáthóige chun comhsheasmhacht a áirithiú le nuashonruithe ar aicmiú gnáthóg an chórais faisnéise Eorpaigh maidir leis an dúlra (EUNIS); agus
  - (b) an chaoi a ndéantar na cineálacha gnáthóige a ghrúpáil de réir dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, agus an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh.
3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn III a leasú trí liosta na speiceas muirí dá dtagraítear in Airteagal 5 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn IV a leasú tríd an tuairisc ar na táscairí le haghaidh éiceachórais thalmhaíochta agus aonad agus modheolaíocht na dtáscairí sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.
5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn V a leasú trí liosta na speiceas a úsáidtear le haghaidh innéacs na n-éan coiteann talaimh feirme sna Ballstáit a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn VI a leasú tríd an tuairisc ar na táscairí le haghaidh éiceachórais foraoise agus aonad agus modheolaíocht na dtáscairí sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.
7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun Iarscríbhinn VII a leasú chun trí na samplaí de bhearta athchóiriúcháin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus chun an taithe a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur san áireamh.

### *Airteagal 23*

#### *An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) agus Airteagail 22(1) agus (7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(2) agus in Airteagail 22(1) agus (7) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) nó Airteagal 22(1) go (7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 24*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# Caibidil VI

## Forálacha críochnaitheacha

### *Airteagal 25*

#### *Leasú ar Rialachán (AE) 2022/869*

In Airteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2022/869, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Maidir leis na tionchair ar an gcomhshaol ar díriodh orthu in Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE, in Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 4(14) agus (15) agus in Airteagal 5(11) agus (12) de Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>++</sup> measfar go bhfuil baint ag na tionscadail sin ar liosta an Aontais le leas an phobail ó thaobh beartas fuinnimh de, agus féadfar a mheas gur ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad a leagtar amach sna Treoracha sin.

---

\* Rialachán (AE) 2024/... an ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, ..., ELI:...).

---

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 74/23 - 2022/0195(COD) agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

*Airteagal 26*  
*Athbhreithniú*

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoin 31 Nollaig 2033.  
Áireofar sa mheastóireacht measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta agus an iascaigh, agus naisc ábhartha le táirgeadh bia agus an tslándáil bia san Aontas á gcur san áireamh, agus measúnú ar éifeachtaí socheacnamaíocha níos leithne an Rialacháin seo.
2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. I gcás ina measfaidh an Coimisiún é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun forálacha ábhartha an Rialacháin seo a leasú, agus an gá atá le bunú spriocanna breise athchóirithe, lena n-áirítear spriocanna nuashonraithe do 2040 agus 2050, á chur san áireamh, bunaithe ar mhodhanna coiteanna chun measúnú a dhéanamh ar bhail na n-éiceachóras nach gcumhdaítear le hAirteagail 4 agus 5, ar an meastóireacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí.

## *Airteagal 27*

### *Fionraíocht shealadach*

1. Má tharlaíonn teagmhas neamh-intuartha, eisceachtúil agus gan chúis nach bhfuil neart ag an Aontas air, agus ina bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ar fud an Aontais don mhéid talúin atá ar fáil is gá chun táirgeadh leordhóthanach talmhaíochta a áirithiú do thomhaltas bia an Aontais, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil gá leo agus a mbeidh údar leo i gcás éigeandála. Féadfar le gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Airteagal 11 a chur ar fionraí go sealadach a mhéid is fíor-riachtanach agus ar feadh cibé tréimhse atá fíor-riachtanach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2).
2. Leanfaidh gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi mhír 1 de bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Más rud é, tar éis na tréimhse sin, go mbeidh na fadhbanna sonracha dá dtagraítear i mír 1 fós ann, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach iomchuí a thíolacadh chun an tréimhse sin a athnuachan.
3. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon ghníomh cur chun feidhme a ghlacfar faoi mhír 1 laistigh de 2 lá oibre tar éis a ghlactha.

*Airteagal 28*  
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

### ÉICEACHÓRAIS TALÚN, CHÓSTA AGUS FIONNUISCE – CINEÁLACHA GNÁTHÓIGE AGUS GRÚPAÍ CINEÁLACHA GNÁTHÓIGE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 4(1) AGUS (4)

Áirítear sa liosta thíos gach cineál gnáthóige talún, cósta agus fionnuisce a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (4), chomh maith le sé ghrúpa de na cineálacha gnáthóige sin, eadhon 1) bogaigh (chósta & intíre), 2) féarthailte agus gnáthóga tréadacha eile, 3) gnáthóga abhann, locha, gláracha agus bruachánacha, 4) foraoisí, 5) gnáthóga steipe, fraochmhá agus scrobarnaí agus 6) gnáthóga carraigeacha agus duimhche.

#### 1. GRÚPA 1: Bogaigh (chósta & intíre)

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Gnáthóga cósta agus sáile</b>	
1130	Inbhir
1140	Réileáin láibe nach gcumhdaítear le huisce sáile le lag trá
1150	Murlaigh chósta
1310	<i>Salicornia</i> agus bliantóga eile a dhéanann láib agus gaineamh a choilíniú
1320	Mínligh <i>spairtíní</i> ( <i>Spartinion maritimae</i> )
1330	Móinéir sháile Atlantacha ( <i>Glauco-Puccinellietalia maritimae</i> )
1340	Móinéir sháile intíre
1410	Móinéir sháile na Meánmhara ( <i>Juncetalia maritimi</i> )
1420	Scrobarnacha halaifileacha na Meánmhara agus scrobarnacha halaifileacha teirmea-Atlantacha ( <i>Sarcocornetea fruticosi</i> )

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
1530	Steipeanna sáile agus riasca sáile Panónacha
1650	Góilíní cúnga bóireacha Baltacha
<b>Fraochmhánna fliucha agus féarthalamh móna</b>	
4010	Fraochmhánna fliucha an Atlantaigh Thuaidh ina bhfuil <i>Erica tetralix</i>
4020	Fraochmhánna fliucha measartha an Atlantaigh ina bhfuil <i>Erica ciliaris</i> agus <i>Erica tetralix</i>
6460	Féarthailte móna Troodos
<b>Tailte portaigh, portaigh agus eanaigh</b>	
7110	Portaigh ardaithe ghníomhacha
7120	Portaigh ardaithe dhíghrádaithe atá fós in ann athghiniúint go nádúrtha
7130	Bratphortaigh
7140	Idirthailte portaigh agus portaigh chreatha
7150	Loig ar shubstráití móna <i>Rhynchosporion</i>
7160	Fuaráin agus eanaigh fuaráin Fhion-Lochlannacha ar mhórán mianraí
7210	Eanaigh chailcreacha ina bhfuil <i>Cladium mariscus</i> agus speicis <i>Caricion davallianae</i>
7220	Fuaráin chlochraithe ina bhfuil foirmiú túfa ( <i>Cratoneurion</i> )
7230	Eanaigh alcaileacha
7240	Foirmithe téisclime Alpacha <i>Caricion bicoloris-atrofuscae</i>
7310	Tailte portaigh Aapa
7320	Tailte portaigh palsa
<b>Foraoisí fliucha</b>	
9080	Coillte seacainn duillsilteacha Fion-lochlannacha
91D0	Coillearnach phortaigh

2. GRÚPA 2: Féarthailte agus gnáthóga tréadacha eile

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Gnáthóga cósta agus duimhche</b>	
1630	Móinéir chósta bhóireacha Mhuir Bhailt
21A0	Machairí mara
<b>Gnáthóga fraochmhá agus scrobarnaí</b>	
4030	Fraochmhánna tirime Eorpacha
4040	Fraochmhánna cósta tirime an Atlantaigh ina bhfuil <i>Erica vagans</i>
4090	Fraochmhánna eindéimeachaóra-Mheánmhuirí ar a bhfuil aiteann
5130	Foirmithe <i>Juniperus communis</i> ar fhraochmhánna nó ar fhéarthailte cailcreacha
8240	Pábhálacha aolchloiche
<b>Féarthailte</b>	
6110	Féarthailte clochlonnaitheacha cailcreacha nó féarthailte basaifileacha <i>Alyso-Sedion albi</i>
6120	Féarthailte gainmheacha cailcreacha an-tirim
6130	Féarthailte calaimíneacha <i>Violetalia calaminariae</i>
6140	Féarthailte siliciúla Piréineacha <i>Festuca eskia</i>
6150	Féarthailte siliciúla alpacha agus bóireacha
6160	Féarthailte Órai-ibéaracha <i>Festuca indigesta</i>
6170	Féarthailte cailcreacha Alpacha agus fo-Alpacha
6180	Féarthailte méisifileacha na Macarainéise
6190	Féarthailte Panónacha clochlonnaitheacha ( <i>Stipo-Festucetalia pallentis</i> )
6210	Féarthailte tirime leathnádúrtha agus faiséisí scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha ( <i>Festuco-Brometalia</i> )

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
6220	Bréagsteip ar a bhfuil féara agus bliantóga <i>Thero-Brachypodietea</i>
6230	Féarthailte <i>Nardus</i> ar mhórán speiceas, ar shubstráití siliciúla i limistéir shléibhe (agus i limistéir fhoshléibhe ar mhór-roinn na hEorpa)
6240	Féarthailte steipeacha fo-Phanónacha
6250	Féarthailte steipeacha Ióis na Panónacha
6260	Steipeanna gainimh Panónacha
6270	Féarthailte ísealchríocha Fion-Lochlannacha ar mhórán speiceas, féarthailte atá idir tirim agus méiseach
6280	Alvar Nordach agus carraigeacha comhréidhe cailcreacha Réamhchaimbriacha
62A0	Féarthailte tirime na fo-Mheánmhara Thoir ( <i>Scorzoneratalia villosae</i> )
62B0	Féarthalamh nathairínfhileach na Cipire
62C0	Steipeanna Ponta-Sarmátacha
62D0	Féarthailte aigéadaifileacha Óra-Móisiacha
6410	Móinéir <i>Molinia</i> ar ithreacha cailcreacha, móna nó ithreacha créúla lán gláir ( <i>Molinion caeruleae</i> )
6420	Féarthailte taise ardluibheanna na Meánmhara Molinio-Holoschoenion
6510	Móinéir féir thirime ísealchríche ( <i>Alopecurus pratensis</i> , <i>Sanguisorba officinalis</i> )
6520	Móinéir shléibhe féir thirim
<b>Dehasas agus móinéir choillteacha</b>	
6310	Dehasas ina a bhfuil <i>Quercus</i> spp. síorghlas.
6530	Móinéir choillteacha Fhion-Lochlannacha
9070	Féaraigh choillteacha Fhion-Lochlannacha

3. GRÚPA 3: Gnáthóga abhann, locha, gláracha agus bruachánacha

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Aibhneacha agus lochanna</b>	
3110	Uiscí olagatrófacha nach bhfuil iontu ach beagán mianraí de mhánna gainmheacha ( <i>Littorelletalia uniflorae</i> )
3120	Uiscí olagatrófacha nach bhfuil iontu ach fíorbheagán mianraí atá ar ithreacha gainmheacha na Meánmhara Thiar, agus ina bhfuil <i>Isoetes</i> spp.
3130	Idir uiscí bodhra olagatrófacha agus méiseatrófacha ina bhfuil fásra <i>Littorelletea uniflorae</i> agus/nó <i>Isoëto-Nanojuncetea</i>
3140	Uiscí olagai-méiseatrófacha crua ina bhfuil fásra beantach <i>Chara</i> spp.
3150	Lochanna eotrófacha nádúrtha ag a bhfuil fásra de chineál <i>Magnopotamion</i> nó <i>Hydrocharition</i>
3160	Lochanna agus linnte nádúrtha diostrófacha
3170	Linnte sealadacha na Meánmhara
3180	Turlaigh
3190	Lochanna carst gipsim
31A0	Leapacha loiteoige na Trasalváine i bhfuaráin uisce the
3210	Aibhneacha nádúrtha Fion-Lochlannacha
3220	Aibhneacha Alpacha agus an fásra luibheach ar feadh a gcuid bruach
3230	Aibhneacha Alpacha agus a bhfásra ligneach ar a bhfuil <i>Myricaria germanica</i>
3240	Aibhneacha Alpacha agus a bhfásra ligneach ar a bhfuil <i>Salix elaeagnos</i>
3250	Aibhneacha síorchúrsála na Meánmhara ag a bhfuil <i>Glaucium flavum</i>

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
3260	Sruthchúrsaí ar leibhéil mhachaire go dtí leibhéil sléibhe ina bhfuil fásra <i>Ranunculus fluitantis</i> agus fásra <i>Callitriche-Batrachion</i>
3270	Aibhneacha ar a bhfuil bruacha láibe agus fásra <i>Chenopodium rubri</i> p.p. agus fásra <i>Bidention</i> p.p. ar na bruacha láibe sin
3280	Aibhneacha síorchúrsála na Meánmhara ina bhfuil speicis de <i>Paspalo-Agrostidion</i> agus foraoisí bruachánacha de <i>Salix</i> agus <i>Populus alba</i>
3290	Aibhneacha sealchúrsála na Meánmhara de chuid an <i>Paspalo-Agrostidion</i>
32A0	Cascáidí túfa aibhneacha carstacha na nAlp Dinearach
<b>Móinéir ghláracha</b>	
6430	Ardluibheacha hídrifileacha ciumhaise ar mhánna agus ar shléibhte aníos go leibhéil Alpacha
6440	Móinéir ghláracha i ngleannta abhann <i>Cnidion dubii</i>
6450	Móinéir ghláracha bhóireacha thuaidh
6540	Féarthailte na fo-Mheánmhara <i>Molinio-Hordeion secalini</i>
<b>Foraoisí gláracha/bruachánacha</b>	
9160	Foraoisí crann darach nó foraoisí crann darach agus crann sleamhainfo-Atlantacha agus meán-Eorpacha sa <i>Carpinion betuli</i>
91E0	Foraoisí gláracha ina bhfuil <i>Alnus glutinosa</i> agus <i>Fraxinus excelsior</i> ( <i>Alno-Padion</i> , <i>Alnion incanae</i> , <i>Salicion albae</i> )
91F0	Foraoisí measctha bruachánacha <i>Quercus robur</i> , <i>Ulmus laevis</i> agus <i>Ulmus minor</i> , <i>Fraxinus excelsior</i> nó <i>Fraxinus angustifolia</i> , le taobh na n-aibhneacha móra ( <i>Ulmion minoris</i> )
92A0	Foraoisí áiléir <i>Salix alba</i> agus <i>Populus alba</i>
92B0	Foirmithe bruachánacha ar shruthchúrsaí eatramhacha na Meánmhara ina bhfuil <i>Rhododendron ponticum</i> , <i>Salix</i> agus plandaí eile nach iad

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
92C0	Coillte ina bhfuil <i>Platanus orientalis</i> agus <i>Liquidambar orientalis</i> ( <i>Platanion orientalis</i> )
92D0	Foraoisí áiléir bhruachánacha dheisceartacha agus mothair bhruachánacha dheisceartacha ( <i>Nerio-Tamaricetea</i> agus <i>Securinegion tinctoriae</i> )
9370	Garráin chrann pailme <i>Phoenix</i>

#### 4. GRÚPA 4: Foraoisí

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Foraoisí bóireacha</b>	
9010	Taiga Iartharach
9020	Seanfhoraoisí duillsilteacha leathanduilleacha nádúrtha heimeabhóireacha Fion-Lochlannacha ( <i>Quercus</i> , <i>Tilia</i> , <i>Acer</i> , <i>Fraxinus</i> nó <i>Ulmus</i> ) ar mhórán eipifítí
9030	Foraoisí nádúrtha na gcéimeanna comharbais tosaigh de chósta talamhardaithe
9040	Foraoisí fo-alpacha/fo-artacha Nordacha ina bhfuil <i>Betula pubescens</i> ssp. <i>czerepanovii</i>
9050	Foraoisí ar mhórán luibheanna Fion-Lochlannacha ina bhfuil <i>Picea abies</i>
9060	Foraoisí buaircínacha atá ar eascracha oigheardhobhracha nó atá ceangailte leo
<b>Foraoisí measartha</b>	
9110	Foraoisí feá <i>Luzulo-Fagetum</i>
9120	Foraoisí feá aigéadaifileacha an Atlantaigh ina bhfuil <i>Ilex</i> agus uaireanta freisin <i>Taxus</i> ar leibhéal an torbhrait ( <i>Quercion robori-petraeae</i> nó <i>Ilici-Fagenion</i> )
9130	Foraoisí feá <i>Asperulo-Fagetum</i>

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
9140	Coillte feá fo-Alpacha meán-Eorpacha ina bhfuil <i>Acer</i> agus <i>Rumex arifolius</i>
9150	Foraoisí feá aolchloiche meán-Eorpacha <i>Cephalanthero-Fagion</i>
9170	Foraoisí crann darach agus crann sleamhain <i>Galio-Carpinetum</i>
9180	Foraoisí <i>Tilio-Acerion</i> ar fhánaí, ar scileach agus in ailteanna
9190	Seandoirí aigeádaifileacha ina bhfuil <i>Quercus robur</i> ar mhánna gainmheacha
91A0	Seandoirí gaelacha ina bhfuil <i>Ilex</i> agus <i>Blechnum</i> in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór
91B0	Coillte teirmeafíleacha <i>Fraxinus angustifolia</i>
91G0	Coillte Panónacha ina bhfuil <i>Quercus petraea</i> agus <i>Carpinus betulus</i>
91H0	Coillte Panónacha ina bhfuil <i>Quercus pubescens</i>
91I0	Coillte steipe Eora-Shibéaracha ina bhfuil <i>Quercus</i> spp.
91J0	Coillte <i>Taxus baccata</i> na hÉireann agus na Breataine Móire
91K0	Foraoisí Illiriacha <i>Fagus sylvatica</i> ( <i>Aremonio-Fagion</i> )
91L0	Foraoisí Illiriacha crann darach agus crann sleamhain ( <i>Erythronio-Carpinion</i> )
91M0	Foraoisí crann searbhdharach Panónacha-Balcánacha agus foraoisí crann darach gaelaí
91P0	Foraoisí giúise na Croise Naofa ( <i>Abietetum polonicum</i> )
91Q0	Foraoisí cailcreacha <i>Pinus sylvestris</i> Shléibhte na Cairpe Thiar
91R0	Foraoisí péine Albanaigh ar dholaimít Dhinearach ( <i>Genisto januensis-Pinetum</i> )
91S0	Foraoisí feá iar-Phontacha
91T0	Foraoisí léicin péine Albanaigh Lár na hEorpa
91U0	Foraoisí péine ar an steipe Sarmátach
91V0	Foraoisí feá Dáiciacha ( <i>Symphyto-Fagion</i> )

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
91W0	Foraoisí feá Móisiacha
91X0	Foraoisí feá Dobruja
91Y0	Foraoisí Dáiciacha crann darach agus crann sleamhain
91Z0	Coillte teile gile Móisiacha
91AA	Doirí bána oirthearacha
91BA	Foraoisí giúise gile Móisiacha
91CA	Foraoisí péine Albanaigh sna sléibhte Rhodope agus Balcánacha
<b>An Mheánmhuir agus foraoisí na Macarainéise</b>	
9210	Foraoisí feá Aipinéeacha ina bhfuil <i>Taxus</i> agus <i>Ilex</i>
9220	Foraoisí feá Aipinéeacha ina bhfuil <i>Abies alba</i> agus foraoisí feá ina bhfuil <i>Abies nebrodensis</i>
9230	Doirí na Gailíse agus na Portaingéile ina bhfuil <i>Quercus robur</i> agus <i>Quercus pyrenaica</i>
9240	Coillte Ibéaracha <i>Quercus faginea</i> agus <i>Quercus canariensis</i>
9250	Coillte <i>Quercus trojana</i>
9260	Coillte <i>Castanea sativa</i>
9270	Foraoisí feá Heilhénacha ina bhfuil <i>Abies borisii-regis</i>
9280	Coillte <i>Quercus frainetto</i>
9290	Foraoisí <i>Cupressus</i> ( <i>Acero-Cupression</i> )
9310	Coillte Aeigéacha <i>Quercus brachyphylla</i>
9320	Foraoisí <i>Olea</i> agus <i>Ceratonia</i>
9330	Foraoisí <i>Quercus suber</i>

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
9340	Foraoisí <i>Quercus ilex</i> agus <i>Quercus rotundifolia</i>
9350	Foraoisí <i>Quercus macrolepis</i>
9360	Foraoisí labhrais na Macarainéise ( <i>Laurus, Ocotea</i> )
9380	Foraoisí <i>Ilex aquifolium</i>
9390	Scrobarnach agus fásra foraoisí ísle ina bhfuil <i>Quercus alnifolia</i>
93A0	Coillearnach ina bhfuil <i>Quercus infectoria</i> ( <i>Anagyro foetidae-Quercetum infectoriae</i> )
<b>Foraoisí buaircíneacha sléibhe</b>	
9410	Foraoisí <i>Picea</i> aigéadaifileacha ar leibhéil sléibhe aníos go leibhéil Alpacha ( <i>Vaccinio-Piceetea</i> )
9420	Foraoisí <i>Larix decidua</i> agus/nó <i>Pinus cembra</i> Alpacha
9430	Foraoisí fo-Alpacha agus sléibhe <i>Pinus uncinata</i>
9510	Foraoisí <i>Abies alba</i> na nAipiníní Theas
9520	Foraoisí <i>Abies pinsapo</i>
9530	Foraoisí péine (na fo-Mheánmhara) na Meánmhara ina bhfuil an péine dubh eindéimeach
9540	Foraoisí péine na Meánmhara ina bhfuil péine Méiseagéach eindéimeach
9550	Foraoisí eindéimeacha péine Canáraigh
9560	Foraoisí eindéimeacha ina bhfuil <i>Juniperus</i> spp.
9570	Foraoisí <i>Tetraclinis articulata</i>
9580	Coillte <i>Taxus baccata</i> na Meánmhara
9590	Foraoisí <i>Cedrus brevifolia</i> ( <i>Cedrosetum brevifoliae</i> )
95A0	Foraoisí arda péine óra-Mheánmhuirí

5. GRÚPA 5: Gnáthóga steipe, fraochmhá agus scrobarnaí

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Steipeanna sáile agus gipsim</b>	
1430	Scrobarnacha halai-nítrifileacha ( <i>Pegano-Salsoletea</i> )
1510	Steipeanna sáile na Meánmhara ( <i>Limonietalia</i> )
1520	Fásra gipsim Ibéarach ( <i>Gypsophiletalia</i> )
<b>Fraochmhá agus scrobarnach mheasartha</b>	
4050	Fraochmhánna eindéimeacha na Macarainéise
4060	Fraochmhánna Alpacha agus bóireacha
4070	Sceacha ar a bhfuil <i>Pinus mugo</i> agus <i>Rhododendron hirsutum</i> ( <i>Mugo-Rhododendretum hirsuti</i> )
4080	Scrobarnach <i>Salix</i> spp. fho-Artach
40A0	Scrobarnach pheirea-Phanónach fho-ilchríochach
40B0	Mothair Rhodope <i>Potentilla fruticosa</i>
40C0	Mothair dhuillsilteacha Phonta-Sarmátacha
<b>Scrobarnach scléireadhuilleach (mothar)</b>	
5110	Foirmithe xéiri-teirmifileacha seasmhacha ina bhfuil <i>Buxus sempervirens</i> ar fhánaí carraige ( <i>Berberidion</i> p.p.)
5120	Foirmithe sléibhe <i>Cytisus purgans</i>
5140	Foirmithe <i>Cistus palhinhae</i> ar fhraochmhánna fliucha muirí
5210	Mothar crannúil ina bhfuil <i>Juniperus</i> spp.
5220	Mothar crannúil ina bhfuil <i>Zyziphus</i>
5230	Mothar crannúil ina bhfuil <i>Laurus nobilis</i>
5310	Mothair <i>Laurus nobilis</i>

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
5320	Foirmithe ísle <i>Euphorbia</i> gar d'aillte
5330	Scrobarnach theirmi-Mheánmhuirí agus scrobarnach réamhfhásach
5410	Phryganas ar bharr aillte sa Mheánmhuir Thiar ( <i>Astragalo-Plantaginetum subulatae</i> )
5420	<i>Phryganas Sarcopoterium spinosum</i>
5430	Phryganas eindéimeach de <i>Euphorbio-Verbascion</i>

6. GRÚPA 6: Gnáthóga carraigeacha agus duimhche

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>Aillte cósta, trána, agus oileáiníní</b>	
1210	Fásra bliantúil in imeallbhoird síobáin
1220	Fásra ilbhliantúil in oitreacha duirlingí
1230	Aillte a bhfuil fásra orthu ar chósta an Atlantaigh agus ar chósta Mhuir Bhailt
1240	Aillte a bhfuil fásra orthu ar chósta na Meánmhara ar a bhfuil <i>Limonium</i> spp. eindéimeach.
1250	Aillte a bhfuil fásra orthu ar a bhfuil flóra eindéimeach chóstaí na Macarainéise
1610	Oileáin eascracha Mhuir Bhailt ina bhfuil fásra ar thránna gainmheacha, trána carraigeacha agus trána scaineagáin agus fásra fo-chladach ann
1620	Oileáiníní agus oileáin bheaga bhóireacha Mhuir Bhailt
1640	Tránna gainmheacha bóireacha Mhuir Bhailt ar a bhfuil fásra ilbhliantúil
<b>Dumhcha cósta agus intíre</b>	
2110	Dumhcha aistreacha i dtús fáis

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
2120	Dumhcha aistreacha ar feadh líne an chladaigh ar a bhfuil <i>Ammophila arenaria</i> ('dumhcha geala')
2130	Dumhcha socra cósta ar a bhfuil fásra luibheach ('dumhcha glasa')
2140	Dumhcha díchailcithe socra ar a bhfuil <i>Empetrum nigrum</i>
2150	Dumhcha díchailcithe socra Atlantacha ( <i>Calluno-Ulicetea</i> )
2160	Dumhcha ar a bhfuil <i>Hippophaë rhamnoides</i>
2170	Dumhcha ar a bhfuil <i>Salix repens</i> ssp. <i>argentea</i> ( <i>Salicion arenariae</i> )
2180	Dumhcha coillteacha réigiún an Atlantaigh, an réigiún ilchríochaigh agus an réigiún bhóirigh
2190	Lagáin duimhche bhogthaise
2210	Dumhcha socra trá ar a bhfuil <i>Crucianellion maritima</i>
2220	Dumhcha ar a bhfuil <i>Euphorbia terracina</i>
2230	Féarthailte duimhche <i>Malcolmietalia</i>
2240	Féarthailte duimhche de <i>Brachypodietalia</i> ar a bhfuil bliantóga
2250	Dumhcha cósta ar a bhfuil <i>Juniperus</i> spp.
2260	Scrobarnacha scléireadhuilleacha duimhche <i>Cisto-Lavenduletalia</i>
2270	Dumhcha coillteacha ar a bhfuil <i>Pinus pinea</i> agus/nó <i>Pinus pinaster</i>
2310	Fraochmhánna gainmheacha tirime ar a bhfuil <i>Calluna</i> agus <i>Genista</i>
2320	Fraochmhánna gainmheacha tirime ar a bhfuil <i>Calluna</i> agus <i>Empetrum nigrum</i>
2330	Dumhcha intíre ar a bhfuil féarthailte oscailte <i>Corynephorus</i> agus <i>Agrostis</i>
2340	Dumhcha intíre Panónacha
91N0	Mothar duimhche intíre Panónach ( <i>Junipero-Populetum albae</i> )
<b>Gnáthóga carraigeacha</b>	
8110	Scileach siliciúil ar leibhéal sléibhe aníos go leibhéal sneachta ( <i>Androsacetalia alpinae</i> agus <i>Galeopsietalia ladani</i> )

Cód cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE	Ainm cineáil gnáthóige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
8120	Scileach cailcreach agus cailc-shiosta ar leibhéil sléibhe aníos go leibhéil Alpacha ( <i>Thlaspietea rotundifolia</i> )
8130	Scileach na Meánmhara thiar agus scileach teirmeafíleach
8140	Scileach na Meánmhara Thoir
8150	Scileach siliciúil ardtailte meán-Eorpach
8160	Scileach cailcreach meán-Eorpach ar leibhéil chnoic aníos go dtí leibhéil sléibhe
8210	Fánaí carraigeacha cailcreacha ar a bhfuil fásra casmaifíteach
8220	Fánaí carraigeacha siliciúla ar a bhfuil fásra casmaifíteach
8230	Carraigeacha siliciúla ar a bhfuil fásra téisclime den <i>Sedo-Scleranthion</i> nó den <i>Sedo albi-Veronicion dillenii</i>
8310	Pluaiseanna nach bhfuil oscailte don phobal
8320	Páirceanna laibhe agus tochtáin nádúrtha
8340	Oighearshruthanna buana

## IARSCRÍBHINN II

### ÉICEACHÓRAIS MUIRÍ – CINEÁLACHA GNÁTHÓIGE AGUS GRÚPAÍ CINEÁLACHA GNÁTHÓIGE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 5(1) AGUS (2)

Áirítear sa liosta thíos na cineálacha gnáthóige muirí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2), chomh maith le seacht ngrúpa de na cineálacha gnáthóige sin, eadhon 1) leapacha féir mara, 2) foraoisí macra-algacha, 3) leapacha sliogéisc, 4) Leapacha méarla, 5) leapacha spúinse, coiréil agus choiréilíneacha, 6) craois agus púscadh agus 7) dríodair bhoga (nach bhfuil os cionn 1000 méadar doimhneachta). Cuirtear an gaol leis na cineálacha gnáthóige a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE i láthair freisin.

Déantar na cineálacha gnáthóige muirí a úsáidtear, arna n-idirdhealú ag réigiúin bhithgheografacha mhuirí, a aicmiú de réir an Chórais Eorpaigh Faisnéise maidir leis an Dúlra (EUNIS), mar a athbhreithníodh do thíopeolaíocht na ngnáthóg muirí in 2022 ag EEA. Tá an fhaisnéis maidir leis na gnáthóga gaolmhara a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE bunaithe ar an trasrian a d'fhoilsigh an EEA in 2021<sup>48</sup>.

---

<sup>48</sup> Aicmiú gnáthóige muirí EUNIS 2022. An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil <https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/data/eunis-habitat-classification-1>.

1. Grúpa 1: Leapacha féir mara

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An tAtlantach</b>		
MA522	Leapacha féir mara ar ghaineamh cladachúil Atlantach	1140; 1160
MA623	Leapacha féir mara ar láib chladachúil an Atlantaigh	1140; 1160
MB522	Leapacha féir mara ar ghaineamh infrea-chladachúil an Atlantaigh	1110; 1150; 1160
<b>Muir Bhailt</b>		
MA332	Dríodar garbh hidrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de fásra tumtha	1130; 1160; 1610; 1620
MA432	Dríodar measctha hidrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de fásra tumtha	1130; 1140; 1160; 1610
MA532	Gaineamh hidrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de plandaí fréamhaithe tumtha	1130; 1140; 1160; 1610
MA632	Láib hidrea-chladachúil Mhuir Bhailt ar plandaí fréamhaithe tumtha is mó atá inti	1130; 1140; 1160; 1650
MB332	Dríodar garbh infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de plandaí fréamhaithe tumtha	1110; 1160
MB432	Dríodar measctha infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de plandaí fréamhaithe tumtha	1110; 1160; 1650
MB532	Gaineamh infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de plandaí fréamhaithe tumtha	1110; 1130; 1150; 1160
MB632	Dríodar láibe infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de plandaí fréamhaithe tumtha	1130; 1150; 1160; 1650

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>an Mhuir Dhubh</b>		
MB546	Móinéir algacha féir mara agus móinéir algacha riosómatacha i bhfionnaisce na Mara Duibhe a bhfuil tionchar acu ar ghaineamh láibe infrea-chladachúil	1110; 1130; 1160
MB547	Móinéir féir mara na Mara Duibhe ar ghaineamh glan infrea-chladachúil uachtair atá measartha nochta	1110; 1160
MB548	Móinéir féir mara na Mara Duibhe ar ghaineamh infrea-chladachúil íochtair	1110; 1160
<b>an Mheánmhuir</b>		
MB252	Bithchéanáis <i>Posidonia oceanica</i>	1120
MB2521	Éiceamhorfóis mhóinéir <i>Posidonia oceanica</i> riabhacha	1120; 1130; 1160
MB2522	Éiceamhorfóis mhóinéir <i>Posidonia oceanica</i> ‘sceir bhacainneach’	1120; 1130; 1160
MB2523	Faiséisí ‘maití’ marbha <i>Posidonia oceanica</i> gan mórán eipea-flóra	1120; 1130; 1160
MB2524	Comhcheangal le <i>Caulerpa prolifera</i> ar leapacha <i>Posidonia</i>	1120; 1130; 1160
MB5521	Comhcheangal le <i>Cymodocea nodosa</i> ar ghaineamh mín atá sórtáilte go maith	1110; 1130; 1160
MB5534	Comhcheangal le <i>Cymodocea nodosa</i> ar ghaineamh láibe dromchla in uiscí faoi fhothain	1110; 1130; 1160
MB5535	Comhcheangal le <i>Zostera noltei</i> ar ghaineamh láibe dromchla in uiscí faoi fhothain	1110; 1130; 1160
MB5541	Comhcheangal le <i>Ruppia cirrhosa</i> agus/nó <i>Ruppia maritima</i> ar ghaineamh	1110; 1130; 1160
MB5544	Comhcheangal le <i>Zostera noltei</i> i dtimpeallacht eorahalach agus timpeallacht eoiriteirmeach ar ghaineamh	1110; 1130; 1160
MB5545	Comhcheangal le <i>Zostera marina</i> i dtimpeallacht eorahalach agus eoiriteirmeach	1110; 1130; 1160

2. Grúpa 2: Foraoisí macra-algacha

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An tAtlantach</b>		
MA123	Pobail feamainne ar charraig chladachúil salandachta iomláine an Atlantaigh	1160; 1170; 1130
MA125	Fúcóidigh ar charraig chladachúil salandachta athraithí an Atlantaigh	1170; 1130
MB121	Pobail cheilpe agus feamainne ar charraig infrea-chladachúil an Atlantaigh	1170; 1160
MB123	Pobail cheilpe agus feamainne ar charraig infrea-chladachúil an Atlantaigh atá buailte nó suaite de dheasca dríodair	1170; 1160
MB124	Pobail cheilpe ar charraig infrea-chladachúil salandachta athraithí an Atlantaigh	1170; 1130; 1160
MB321	Pobail cheilpe agus feamainne ar dhríodar garbh infrea-chladachúil an Atlantaigh	1160
MB521	Pobail cheilpe agus feamainne ar ghaineamh infrea-chladachúil an Atlantaigh	1160
MB621	Pobail fhásta ar láib infrea-chladachúil an Atlantaigh	1160
<b>Muir Bhailt</b>		
MA131	Carraig hidrea-chladachúil agus bolláin hidrea-chladachúla Mhuir Bhailt arb é is saintréith di algaí ilbhliantúla	1160; 1170; 1130; 1610; 1620
MB131	Algaí ilbhliantúla ar charraig infrea-chladachúil agus bolláin infrea-chladachúla Mhuir Bhailt	1170; 1160
MB232	Tóineanna poill infrea-chladachúla Mhuir Bhailt arb é is saintréith díobh gairbhéal sliogán	1160; 1110
MB333	Dríodar garbh infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de algaí ilbhliantúla	1110; 1160
MB433	Dríodar measctha infrea-chladachúil Mhuir Bhailt arb é is saintréith de algaí ilbhliantúla	1110; 1130; 1160; 1170

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An Mhuir Dhubh</b>		
MB144	Carraig infrea-chladachúil uachtair na Mara Duibhe atá nochta ar diúilicíní mara is mó atá uirthi agus ar a bhfuil fúcóidigh uirthi	1170; 1160
MB149	Carraig infrea-chladachúil uachtair na Mara Duibhe atá measartha nochta ar diúilicíní mara is mó atá uirthi agus ar a bhfuil fúcóidigh uirthi	1170; 1160
MB14A	Fúcóidigh agus algaí eile ar charraig fhoscúil uachtair na Mara Duibhe, soilsithe go maith	1170; 1160
<b>An Mheánmhuir</b>		
MA1548	Comhcheangal le <i>Fucus virsoides</i>	1160; 1170
MB1512	Comhcheangal le <i>Cystoseira tamariscifolia</i> agus <i>Saccorhiza polyschides</i>	1170; 1160
MB1513	Comhcheangal le <i>Cystoseira amentacea</i> (var. <i>amentacea</i> , var. <i>stricta</i> , var. <i>spicata</i> )	1170; 1160
MB151F	Comhcheangal le <i>Cystoseira brachycarpa</i>	1170; 1160
MB151G	Comhcheangal le <i>Cystoseira crinita</i>	1170; 1160
MB151H	Comhcheangal le <i>Cystoseira crinitophylla</i>	1170; 1160
MB151J	Comhcheangal le <i>Cystoseira sauvageauana</i>	1170; 1160
MB151K	Comhcheangal le <i>Cystoseira spinosa</i>	1170; 1160
MB151L	Comhcheangal le <i>Sargassum vulgare</i>	1170; 1160
MB151M	Comhcheangal le <i>Dictyopteris polypodioides</i>	1170; 1160
MB151W	Comhcheangal le <i>Cystoseira compressa</i>	1170; 1160
MB1524	Comhcheangal le <i>Cystoseira barbata</i>	1170; 1160
MC1511	Comhcheangal le <i>Cystoseira zosteroides</i>	1170; 1160

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
MC1512	Comhcheangal le <i>Cystoseira usneoides</i>	1170; 1160
MC1513	Comhcheangal le <i>Cystoseira dubia</i>	1170; 1160
MC1514	Comhcheangal le <i>Cystoseira corniculata</i>	1170; 1160
MC1515	Comhcheangal le <i>Sargassum</i> spp.	1170; 1160
MC1518	Comhcheangal le <i>Laminaria ochroleuca</i>	1170; 1160
MC3517	Comhcheangal le <i>Laminaria rodriguezii</i> ar leapacha smionagair	1160

### 3. Grúpa 3: Leapacha sliogéisc

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An tAtlantach</b>		
MA122	<i>Mytilus edulis</i> agus/nó pobail ghiúrann ar charraig chladachúil thonn-nochta an Atlantaigh	1160; 1170
MA124	Pobail diúilicíní agus/nó ghiúrann le feamainn ar charraig chladachúil an Atlantaigh	1160; 1170
MA227	Sceireacha débhlaoisacha i gcrios cladachúil an Atlantaigh	1170; 1140
MB222	Sceireacha débhlaoisacha i gcrios infrea-chladachúil an Atlantaigh	1170; 1130; 1160
MC223	Sceireacha débhlaoisacha i gcrios imchladachúil an Atlantaigh	1170
<b>Muir Bhailt</b>		
MB231	Tóineanna poill infrea-chladachúla Mhuir Bhailt ar débhlaoisacha eipeabheantacha is mó atá iontu	1170; 1160
MC231	Tóineanna poill imchladachúla Mhuir Bhailt ar débhlaoisacha eipeabheantacha is mó atá iontu	1170; 1160; 1110
MD231	Tóineanna poill bithghineacha imchladachúla amach ón gcósta i Muir Bhailt arb é is saintréith díobh débhlaoisacha eipeabheantacha	1170

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
MD232	Tóineanna poill gairbhéil sliogán imchladachúla amach ón gcósta i Muir Bhailt arb é is saintréith díobh débhlaoiscaigh	1170
MD431	Tóineanna poill measctha imchladachúla amach ón gcósta i Muir Bhailt arb é is saintréith díobh struchtúir bhítheacha eipeabheantacha mhacrascópacha	
MD531	Gaineamh imchladachúil amach ón gcósta i Muir Bhailt arb é is saintréith díobh struchtúir bhítheacha eipeabheantacha mhacrascópacha	
MD631	Láib imchladachúil amach ón gcósta i Muir Bhailt arb é is saintréith díobh débhlaoiscaigh eipeabheantacha	
<b>An Mhuir Dhubh</b>		
MB141	Carraig infrea-chladachúil íochtair na Mara Duibhe ar Inveirteabraigh is mó atá uirthi	1170
MB143	Carraig infrea-chladachúil uachtair na Mara Duibhe atá nochtá, ar diúilicíní mara is mó atá uirthi, agus a bhfuil algaí duilliúla (nó fúcóidigh) uirthi	1170; 1160
MB148	Carraig infrea-chladachúil uachtair na Mara Duibhe atá measartha nochtá, ar diúilicíní mara is mó atá uirthi, agus ar a bhfuil algaí duilliúla (seachas fúcóidigh) uirthi	1170; 1160
MB242	Leapacha diúilicíní i limistéar infrea-chladachúil na Mara Duibhe	1170; 1130; 1160
MB243	Sceireacha oisrí ar charraig infrea-chladachúil na Mara Duibhe íochtair	1170
MB642	Láib thírghinte infrea-chladachúil na Mara Duibhe	1160
MC141	Carraig imchladachúil na Mara Duibhe ar inveirteabraigh is mó atá uirthi	1170
MC241	Leapacha diúilicíní ar láib thírghinte imchladachúil na Mara Duibhe	1170
MC645	Láib imchladachúil na Mara Duibhe íochtaráí	
<b>An Mheánmhuir</b>		
MA1544	Faiséisí ar a bhfuil <i>Mytilus galloprovincialis</i> in uiscí atá saibhrithe le hábhar orgánach	1160; 1170
MB1514	Faiséisí ar a bhfuil <i>Mytilus galloprovincialis</i>	1170; 1160
	Leapacha Meánmhara oisrí infrea-chladachúla	
	Leapacha Meánmhara oisrí imchladachúla	

4. Grúpa 4: Leapacha méarla

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An tAtlantach</b>		
MB322	Leapacha méarla ar dhríodar garbh infrea-chladachúil an Atlantaigh	1110; 1160
MB421	Leapacha méarla ar dhríodar measctha infrea-chladachúil an Atlantaigh	1110; 1160
MB622	Leapacha méarla ar dhríodar lábach infrea-chladachúil an Atlantaigh	1110; 1160
<b>An Mheánmhuir</b>		
MB3511	Comhcheangal le ródailítí i ngaineamh garbh agus i ngairbhéil mine atá measctha de dheasca tonnta	1110; 1160
MB3521	Comhcheangal le ródailítí i ngaineamh garbh agus i ngairbhéil mine atá faoi thionchar sruthanna tóna	1110; 1160
MB3522	Comhcheangal le méarla (= Comhcheangal le méarla <i>Lithothamnion corallioides</i> agus <i>Phymatolithon calcareum</i> ) ar ghaineamh garbh agus gairbhéal na Meánmhara	1110; 1160
MC3521	Comhcheangal le ródailítí ar thóineanna poill smionagair cósta	1110
MC3523	Comhcheangal le méarla ( <i>Lithothamnion corallioides</i> agus <i>Phymatolithon calcareum</i> ) ar thóineanna poill smionagair cósta	1110

5. Grúpa 5: Leapacha spúinse, coiréil agus choiréilíneacha

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
<b>An tAtlantach</b>		
MC121	Pobail mhóna fhánúla ar charraig imchladachúil an Atlantaigh	1170
MC124	Pobail fhánúla ar charraig imchladachúil salandachta athraithí an Atlantaigh	1170; 1130

Cód EUNIS	Ainm cineáil gnáthóige EUNIS	Cód cineáil gnáthóige gaolmhaire dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE
MC126	Pobail phluaiseanna agus starrthacha imchladachúla an Atlantaigh	8330; 1170
MC222	Sceireacha coiréalaigh fuaruisce i gcrios imchladachúil an Atlantaigh	1170
MD121	Coilíneachtaí spúinse ar charraig imchladachúil amach ón gcósta san Atlantach	1170
MD221	Sceireacha coiréalaigh fuaruisce i gcrios imchladachúil amach ón gcósta san Atlantach	1170
ME122	Coilíneachtaí spúinse ar charraig ilchríochach uachtair an Atlantaigh	1170
ME123	Pobail choiréil fuaruisce mheasctha ar charraig ilchríochach uachtair an Atlantaigh	1170
ME221	Sceir choiréalaigh fuaruisce ilchríochach an Atlantaigh uachtair	1170
ME322	Pobail choiréil fuaruisce mheasctha ar dhríodar garbh ilchríochach an Atlantaigh uachtair	
ME324	Cumaisc spúinse ar dhríodar garbh ilchríochach an Atlantaigh uachtair	
ME422	Cumaisc spúinse ar dhríodar measctha ilchríochach an Atlantaigh uachtair	
ME623	Cumaisc spúinse ar láib ilchríochach an Atlantaigh uachtair	
ME624	Páirc choiréil cheartseasmhach ar láib ilchríochach an Atlantaigh uachtair	
